

Tuarascáil speisialta

Ranníocaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le haghaidh an aistrithe dhigitigh i mBallstáit AE

Deis cailte maidir le fócas straitéiseach chun
déileáil le riachtanais dhigiteacha



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

Clár

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-VI
Réamhrá	01-11
Príomhghnéithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta	01-06
Forléargas ar straitéis an Aontais maidir leis an aistriú digiteach	07
An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach	08-09
Moltaí tírshonracha maidir leis an aistriú digiteach agus na cláir náisiúnta um athchóiriú	10-11
Scóip agus cur chuige na hiniúcháireachta	12-17
Barúlacha	18-75
Cé go raibh clibeáil dhigiteach déanta i gceart, ní dhíríonn cistiú RRF dóthain go leor ar na príomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh níos túisce sna Ballstáit	18-35
Bhí clibeáil dhigiteach bhearta RRF ceart ar an iomlán agus os cionn an íoscheanglais 20 %	19-23
I gcás Rialachán RRF, ní chuireann sé de cheangal ar Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh roimhe seo	24-32
Níor chuir na Ballstáit ach líon beag tionscadal digiteach ilnáisiúnta san áireamh ina PTAnna náisiúnta	33-35
Ba mhinic go raibh moilleanna ar bhearta digiteach sa sampla, agus ní léir cén chaoi a rannchuidíonn torthaí leis an aistriú digiteach	36-62
Tá níos mó ná leath de na bearta digiteacha atá roghnaithe thíos le moilleanna	38-40
Tá moilleanna ar chur chun feidhme níos forleithne ná mar a léirítear sna pleananna modhnaithe	41-45
I gcás roinnt beart digiteach inár sampla, ba mhó go mór na costais mheasta ná na costais iarbhír	46-47
Ní léir cé mhéid a rannchuidíonn na torthaí a baineadh amach le bearta atá curtha i gcrích inár sampla leis an aistriú digiteach	48-55
Ní chumhdaíonn beagnach aon trian de na garspriocanna críochnaitheacha cur i gcrích an bhirt, nó níl siad uailmhianach go leor	56-62

Níl tomhas maith déanta ar rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach sna Ballstáit **63-75**

Tá na ceithre chomhtháscaire dhigiteacha RRF róleathan agus níl siad ag teacht go maith le cuspóirí bheartas digiteach an Aontais **64-73**

Baineann tuairisciú neamhréireach agus míchruinn ó na Ballstáit an bonn de luach chomhtháscairí digiteacha RRF **74-75**

Conclúidí agus moltaí **76-83**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Cistiú ón Aontas le haghaidh cúrsaí digiteacha sa tréimhse 2021-2027

Iarscríbhinn II – Cróineolaíocht thionscnaimh an Aontais maidir leis an aistriú digiteach

Iarscríbhinn III – An phríomhfhaisnéis maidir le suirbhéanna CIE ar na Ballstáit

Iarscríbhinn IV – Anailís ar an ráta críochnaithe do gharspriocanna agus spriocanna: ár modheolaíocht

Iarscríbhinn V – Cur i gcrích beartaithe na n-athchóirithe digiteacha sna PTAnna bunaidh i gcomparáid le PTAnna modhnaithe

Iarscríbhinn VI – Cur i gcrích beartaithe na n-infheistíochtaí digiteacha sna PTAnna bunaidh i gcomparáid le PTAnna modhnaithe

Iarscríbhinn VII – Measúnú ar aschuir agus ar thorthaí ó bhearta sampláilte

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

Achoimre feidhmiúcháin

I bhFeabhra 2021, bhunaigh an tAontas Eorpach an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus buiséad tosaigh de €724 bhilliún aici. Is é is aidhm don tSaoráid ná tionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19 a mhaolú agus geilleagair na mBallstát a neartú ó thaobh na hathléimneachta de. Faoi dheireadh 2024, gheall an Coimisiún €650 mbilliún don tSaoráid (€359 mbilliún i ndeontais agus €291 bhilliún in iasachtaí). Is príomhchuspóir de chuid RRF é rannchuidiú go héifeachtach leis an aistriú digiteach (agus an t-aistriú glas) i mBallstáit an Aontais, agus déanann sé amhlaidh trí cheangal a chur orthu ar a laghad 20 % den bhuiséad iomláin le haghaidh pleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTA) a leithdháileadh d'athchóirithe digiteacha agus infheistíochtaí.

Rinneamar measúnú féachaint an bhfuil RRF ag rannchuidiú go héifeachtach leis an aistriú digiteach. Go sonrach, rinneamar scrúdú le fáil amach an bhfuil a chreat dlíthiúil ag teacht le straitéis an Aontais don aistriú digiteach, lena chinntiú go bhfuil na bearta digiteacha a áirítear in PTAnna náisiúnta ag tabhairt aghaidh ar phríomhriachtanais dhigiteacha, sin iad na laigí a shainaithin an Coimisiún roimhe seo. I gcás sampla de bhearta, rinneamar measúnú féachaint ar a ndul chun feidhme agus an bhfuil na torthaí a bhfuil súil leo á gcur ar fáil acu. Rinneamar meastóireacht freisin féachaint an gcuireann creat feidhmíochta RRF bonn seasta ar fáil chun an rannchuidiú a rinne sé leis an aistriú digiteach a thomhas, agus an méid sin a dhéanamh trí na táscairí iomchuí a dhéanann rianú ar dhul chun cinn a úsáid.

Rinneamar an t-iniúchadh seo mar gheall gurb é an t-aistriú digiteach ceann de na príomhthosaíochtaí atá ag an gCoimisiún Eorpach, agus ceann den dá aistriú a dtugann RRF aghaidh orthu (taobh leis an aistriú glas). Sa bhreis air sin, is é RRF an ionstraim chistiúcháin AE is mó atá ag tacú leis an gcuspóir sin faoi láthair. Táimid ag súil go gcuideoidh torthaí ár gcuid oibre le cistí an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí chun an t-aistriú digiteach a spreagadh, agus chomh maith leis sin go gcuirfidh siad leis an bplé maidir le ceapadh ionstraimí amach anseo a mbeidh cuspóirí digiteacha acu.

IV Ar an iomlán, maidir le rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach, táimid tagtha ar an gconclúid gur cailleadh an deis déileáil le príomhriachtanais dhigiteacha na mBallstát ar bhealach éifeachtach. I dtaca leis an modheolaíocht clibeála digití a leagadh amach i Rialachán RRF, chuir na Ballstáit agus an Coimisiún i bhfeidhm i gceart í. Freisin, chomhlíon nó sháraigh fiú na Ballstáit uile an tairseach 20 % chun a gcistiú RRF a leithdháileadh d'athchóirithe agus infheistíochtaí digiteacha, bunaithe ar a mheastacháin ar chostais. Bhí easpa fócas straitéiseach aige, faraor, óir níor ceanglaíodh ar Bhallstáit tosaíocht a thabhairt do leithdháileadh na gcistí sin i dtaca le bearta a thugann aghaidh ar phríomhriachtanais dhigiteacha a shainaithin an Coimisiún roimhe seo. Dá bhrí sin, thug Ballstáit áirithe codanna beaga dá gcistiú RRF do ranna airgeadais nach raibh ag déanamh chomh maith sin, rud a laghdaigh éifeachtacht RRF le rannchuidiú go héifeachtach leis an aistriú digiteach dá bharr.

V Fuaireamar freisin nach raibh na táscairí feidhmíochta ná an creat feidhmíochta a úsáideadh chun dul chun cinn a rianú ag teacht sách maith leis na nithe céanna i straitéis dhigiteach an Aontais, rud a chuireann srian orthu le tomhas a dhéanamh ar rannchuidiú iarbhir na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sin leis an aistriú digiteach. Mar thoradh air sin, ní fhéadfaidh a mhéid a bheadh RRF in ann a dhéanamh mar spreagthóir mórathraitheach d'aistriú digiteach an Aontais a bhaint amach go hiomlán. Shainaithníomar freisin laigí ar gharspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha, chomh maith le heaspa táscairí toraidh chuí. Ina iomláine, ní raibh os cionn aon trian de na garspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha a leagadh síos do na bearta digiteacha leormhaith le haghaidh measúnú a dhéanamh agus fáil amach ar éiríodh iad a bhaint amach, nó ní raibh siad uailmhianach a dhóthain. Mar thoradh air sin, tá riosca ann go bhféadfaí cistí an Aontais a thabhairt amach ina n-iomláine le haghaidh garspriocanna agus spriocanna, arb ionann iad agus dá bhfuil bainte amach go páirteach nó go hidirmheánach, gan a chinntiú go gcríochnófar na buntionscadail i ndiaidh thréimhse incháilitheachta RRF. Rinneamar nóta den riosca sin cheana féin in iniúchadh roimhe seo. Ar deireadh, bunaithe ar fhaisnéis bhreise a bailíodh i gcaitheamh ár n-iniúchta, d'éiríomar measúnú a dhéanamh ar thorthaí ó chúig cinn de na 15 bheart inár sampla, a dearbhaíodh mar 'críochnaithe' ag na Ballstáit.

VI Bunaithe ar ár bhfionnachtana, molaimid don Choimisiún an méid seo a leanas a áirithiú nuair atá ionstraimí amach anseo le cuspóirí digiteacha á moladh aige:

- o go gceanglaítear ar scéimeanna cistithe déileáil leis na príomhriachtanais dhigiteacha;
- o go bhforbraítear creat feidhmíochta leormhaith atá ag teacht le cuspóirí beartais digiteacha an Aontais; agus
- o go bhfuil tomhais de gharspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha uailmhianach a dhóthain agus go ráthaítear a gcríoch iomlán leo.

Réamhrá

Príomhghnéithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

01 I Nollaig 2020, d'fhormheas an tAontas Eorpach [NextGenerationEU](#) mar ionstraim shealadach chun an méid seo a leanas a dhéanamh: tacú leis na Ballstáit agus tionchar socheacnamaíoch na géarchéime de dheasca phaindéim COVID-19 a laghdú, agus gilleagair agus sochaithe na mBallstát sin a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do na dúshláin agus do na deiseanna a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Dá bhrí sin, tá dhá ghné ina chuspóir aige: 1) téarnamh ón bpaindéim a fheabhsú; agus 2) athléimneacht i gcás géarchéimeanna amach anseo a fheabhsú.

02 Is í an [tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta](#) (RRF) an phríomhionstraim atá aici, a tháinig i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021 trí Rialachán (AE) 2021/241 ('Rialachán RRF'). Ba é €723.8 billiún (i bpraghsanna reatha) an tsuim a bhí in RRF ar dtús, agus cuireadh struchtúr air i bhfoirm deontas (€338 mbilliún) agus iasachtaí (suas le €385.8 billiún). Amhail Feabhra 2024, bhí deontais méadaithe go €357 mbilliún mar gheall ar Rialachán leasaitheach REPowerEU¹ mar fhreagairt ar an ngéarchéim dhomhanda fuinnimh. Faoi dheireadh 2024, gheall an Coimisiún €650 mbilliún don tSaoráid, lena n-áirítear méideanna iomláine deontas agus €291 billiún in iasachtaí. Tá gach Ballstát incháilithe do mhéid áirithe tacaíochta, bunaithe ar fhoirmle ('eochair leithdháilte') le haghaidh deontas agus tá uasteorainn ar iasachtaí².

03 Is faoin mbainistíocht dhíreach a dhéantar RRF a chur chun feidhme³, le freagracht dhíreach ar an gCoimisiún as céimeanna lárnacha i gcur chun feidhme na saoráide. Is iad na Ballstáit tairbhithe agus iasachtaithe na gcistí.

¹ Rialachán [2023/435](#).

² Airteagail 11 agus 14(5) de [Rialachán RRF](#).

³ Ibid., Airteagal 8.

04 Chun tacaíocht RRF a fháil, bhí ar na Ballstáit a **bpleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTAnna)** a thíolacadh, lena n-áirítear bearta (athchóirithe agus infheistíochtaí), tráthchlár le haghaidh cur i gcrích, agus garspriocanna agus spriocanna. Rinne an Coimisiún measúnú ar na PTAnna náisiúnta⁴, agus ag éirí as an measúnú sin d'fhormheas an Chomhairle iad trí bhíthin **Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle (CCFanna)**⁵. Ansin shínigh an Coimisiún comhaontuithe maoinithe agus iasachta, agus chomhaontaigh sé **socruithe oibríochtúla** le gach Ballstát, lenar cumhdaíodh gnéithe teicniúla, amhail sceideal tásach íocaíochta, céimeanna eatramhacha breise chun garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, agus ceart an Choimisiúin chun rochtain a fháil ar shonraí a thacaíonn le hiarrataí ar íocaíocht. Is féidir leis na Ballstáit a gcuid PTAnna a leasú⁶, rud a éilíonn coigeartú ar an CCF ón gComhairle agus ar na socruithe oibríochtúla araon. Go dtí seo, tá leasú amháin ar a laghad déanta ag gach Ballstát.

05 Is ionstraim í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá bunaithe ar **'mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais'**⁷, agus íocaíochtaí bunaithe ar chomhlíonadh sásúil na mBallstát maidir le garspriocanna agus spriocanna. Tacaíonn sé le 52 réimse beartais thar shé 'cholún'⁸, lena n-áirítear colún an aistrithe dhigitigh, mar a léirítear i **bhFíor 1**. Ní mór do gach PTA rannchuidiú leis an **aistriú digiteach**, agus **20 % ar a laghad de na cistí a leithdháileadh** do chuspóirí digiteacha, i gcomhréir le Rialachán RRF⁹.

⁴ Tuarascáil speisialta 21/2022: 'Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – lomchuí ar an iomlán, ach tá rioscaí fós ann don chur chun feidhme'.

⁵ Airteagal 20 de [Rialachán RRF](#).

⁶ Ibid., Airteagal 21.

⁷ Ibid., Aithris 18 agus Airteagal 125(1)(a)(ii) de [Rialachán \(CE, Euratom\) 2018/1046](#).

⁸ Airteagal 3 de [Rialachán RRF](#).

⁹ Ibid., Airteagail 4(1), 18(4)(f) agus 19(3)(f) agus aithris 42.


Fíor 1 – Sé cholún RRF



Foinse: CIE, bunaithe ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin.

06 Is é RRF an ionstraim chistiúcháin is mó ar leibhéal an Aontais faoi láthair a thacaíonn le haistriú digiteach an Aontais, le cistiú iomlán bunaithe ar chostais mheasta de bheagnach €150 billiún, nó thart ar 26 % de mhéid iomlán RRF atá geallta dó, gan REPowerEU san áireamh¹⁰. Is ionann sin agus beagnach dhá thrían de chistiú foriomlán an Aontais don aistriú digiteach de thart ar €235 bhilliún thar an tréimhse 2021-2027 (féach [Fíor 2](#) agus [Iarscríbhinn I](#)).

Fíor 2 – Cistiú AE le haghaidh aistriú digiteach, 2021-2027 (€ billiún)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear an tArdán Sonraí Oscailte um Chomhtháthú.

¹⁰ Ibid., Airteagal 21c.

Forléargas ar straitéis an Aontais maidir leis an aistriú digiteach

07 Cuirtear cruth ar straitéis an Aontais maidir leis an aistriú digiteach ag sraith de thionscnaimh, lena léirítear tosaíochtaí maidir leis an digiteáil agus cuspóirí atá ag teacht chun cinn i gcaitheamh na mblianta. Ar na príomhthionscnaimh sa straitéis reatha um aistriú digiteach, tá (féach [larscríbhinn II](#) le haghaidh liosta cuimsitheach):

- **An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI):** Tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar dhul chun cinn digiteach na mBallstát trí thuarascálacha DESI ó 2014 i leith¹¹. Is deais táscairí é DESI lena ndéantar faireachán ar fheidhmíocht dhigiteach fhoriomlán ar leibhéal an Aontais agus lena rianaítear dul chun cinn na mBallstát. Cabhraíonn sé freisin le réimsí tosaíochta a shainaithint lena dteastaíonn infheistíocht agus gníomhaíocht spriocdhírithe freisin.
- **Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú:** In 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach clár oibre digiteach de cúig bliana dar teideal '[Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú](#)'¹², ina leagtar amach cuspóirí straitéiseacha agus príomhghníomhaíochtaí don aistriú digiteach ar leibhéal an Aontais. Eisíodh an clár oibre ag tús phaindéim COVID-19, agus bhí cumarsáid ar ardleibhéal aige a d'fhónaigh mar straitéis dhigiteach an Aontais tráth a tháinig Rialachán RRF i bhfeidhm.

¹¹ Suíomh gréasáin an AE: [An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach \(DESI\)](#).

¹² Teachtaireacht COM (2020) 67 final.

- o **Compás Digiteach:** Thíolaic an Coimisiún Eorpach ‘[Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach](#)’ i Márta 2021, lena n-áirítear córas faireacháin atá bunaithe ar DESI chun conair an Aontais a leanúint feadh ceithre phríomhphointe^{13 14}: scileanna digiteacha, bonneagar digiteach atá slán agus feidhmiúil, claochlú digiteach gnólachtaí agus digiteáil seirbhísí poiblí.
- o **Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach:** Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle [Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach](#)^{15 16} i Nollaig 2022, lena ndaingnítear na spriocanna agus na cuspóirí a leagtar amach sa Chompás Digiteach agus lena gcomhtháthaítear córas faireacháin atá bunaithe ar DESI chun an dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030 a thomhas.

An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach

08 Le tuarascálacha tíre DESI, tugtar measúnú feidhmíochta ginearálta faoi dhul chun cinn na mBallstát i bpríomhréimsí digiteacha (‘gnéithe’) d’fhonn béim a chur faoin ngá atá le réimsí beartais ábhartha a fheabhsú. Tá nuashonraithe bliantúla ann freisin maidir le bearta a bhaineann le príomhbheartais dhigiteacha. Léirítear i [bhFíor 3](#) scóir DESI 2021 do 27 mBallstát an Aontais, bunaithe ar shonraí ó 2020, arbh iad na cinn is déanaí a bhí ar fáil nuair a bhí na PTAnna á n-ullmhú¹⁷. Liostaítear rangú DESI in ord íslitheach feidhmíochta, ón Danmhairg (an tír is fearr) go dtí an Rómáin (an tír is measa).

¹³ Teachtaireacht [COM\(2021\) 118 final](#).


¹⁴ Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh don Deacáid Dhigiteach: [Spriocanna digiteacha do 2030](#).

¹⁵ Cinneadh (AE) 2022/2481.

¹⁶ Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach: [Tús curtha leis an gcéad timthriall comhair agus faireacháin chun spriocanna Dheacáid Dhigiteach 2030 an Aontais a bhaint amach](#).

¹⁷ Chun sonraí modheolaíochta a fháil maidir le scóráil DESI 2021 a úsáidtear sa chairt seo, féach [nóta modheolaíochta DESI](#) an Choimisiúin.

Fíor 3 – Scóir DESI 2021: rangú foriomlán in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh na gné



Foinse: Tuarascáil DESI 2021 an Choimisiúin.

09 In 2021, rinne an Coimisiún nuashonrú ar phríomhréimsí digiteacha DESI chun go mbeadh siad ag teacht leis na ceithre ghné den Chompás Digiteach¹⁸. Ó 2023 i leith, tá faireachán á dhéanamh ag DESI ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo chuspóirí digiteacha 2030 a leagtar amach i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach¹⁹.

Moltaí tírshonracha maidir leis an aistriú digiteach agus na cláir náisiúnta um athchóiriú

10 Mar chuid den Seimeastar Eorpach, eisíonn an Coimisiún tuarascálacha tíre ina ndéantar anailís ar fhorbairtí eacnamaíocha agus sóisialta, dúshlán, agus beartais náisiúnta gach Ballstáit, lena n-áirítear feidhmíocht dhigiteach a bhunaítear freisin ar shonraí DESI. Ina dhiaidh sin, leagann na Ballstáit amach a bpleananna chun dul i ngleic leis na dúshlán sin ina gcláir náisiúnta um athchóiriú. Bunaithe ar na cláir sin, déanann an Chomhairle breithniú ar thograí ón gCoimisiún, agus eisíonn sí moltaí tírshonracha (MTSanna).


¹⁸ Suíomh gréasáin an AE: [Uirlis Léirshamluithe DESI don Deacáid Dhigiteach](#) agus [tuarascáil ar Staid na Deacáide Digití](#).

¹⁹ Suíomh gréasáin an AE: [Sonraí an Chláir Oibre Dhigitigh](#).

11 I gcás RRF, faigheann na Ballstáit cistí chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as an Seimeastar Eorpach. Ba cheart do gach PTA náisiúnta míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtugann sé aghaidh ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de dhúshláin a sainaithníodh in MTSanna 2019-2020, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le réimsí digiteacha²⁰. Le haghaidh Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020, ghlac an Coimisiún 93 MTS a bhaineann le cúrsaí digiteacha. Roinntear na MTSanna sin i gcúig chatagóir: bonneagar digiteach, scileanna digiteacha, seirbhísí poiblí digiteacha, digiteáil fiontar beag agus meánmhéide (FBManna), agus infheistíochtaí digiteacha sa taighde agus san fhorbairt (féach [Fíor 4](#)).

²⁰ Airteagal 18(4)(b) de [Rialachán RRF](#).

Fíor 4 – MTSanna digiteacha 2019 agus 2020 de réir Ballstáit agus catagóire



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin Eorpaí.

Scóip agus cur chuige na hiniúcháireachta

12 San iniúchadh seo, rinneamar measúnú féachaint an rannchuidíonn RRF go héifeachtach le haistriú digiteach foriomlán an Aontais. Scrúdaíomar an raibh creat dlíthiúil RRF ag teacht le straitéis an Aontais don aistriú digiteach, á áirithiú go leithdháilfeadh na Ballstáit an 20 % is gá dá gcistiú RRF ar athchóirithe digiteacha nó ar infheistíochtaí ina PTAnna, agus go dtabharfadh na bearta digiteacha san áireamh aghaidh ar na príomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh roimhe seo. Rinneamar measúnú freisin féachaint an gcuireann creat feidhmíochta RRF bonn seasta ar fáil chun an rannchuidiú a rinne sé leis an aistriú digiteach a thomhas, agus an méid sin a dhéanamh trí na táscairí iomchuí a dhéanann rianú ar dhul chun cinn a úsáid. Ar deireadh, i gcás sampla de bhearta, rinneamar measúnú féachaint ar a gcur chun feidhme agus an bhfuil na torthaí a bhfuil súil leo á gcur ar bhfáil acu.

13 Rinneamar an iniúchadh seo mar gheall gurb é aistriú digiteach na mBallstát AE ceann de na príomhthosaíochtaí atá ag an gCoimisiún Eorpach, agus ceann den dá aistriú a dtugann RRF aghaidh orthu (taobh leis an aistriú glas). Sa bhreis air sin, is é RRF an ionstraim chistiúcháin AE is mó atá ag tacú leis an gcuspóir sin faoi láthair. Táimid ag súil go gcuideoidh torthaí ár gcuid oibre le cistí ón Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí chun an t-aistriú digiteach a spreagadh, agus chomh maith leis sin go gcuirfidh siad leis an bplé maidir le hionstraimí amach anseo a mbeidh cuspóirí digiteacha acu.

14 Clúdaíonn an t-iniúchadh an tréimhse ó thús RRF go dtí Márta 2024, rud a chuireann ar ár gcumas measúnú a dhéanamh ar dhearadh na gcomhpháirteanna digiteacha sna PTAnna agus, i gcás inar féidir, ar a gcur chun feidhme. Tá sé mar chuid de shraith iniúchtaí ón gCúirt Iniúcháirí ar RRF agus cuireann sé freisin le faisnéis a bailíodh, conclúidí a cuireadh i gcrích agus/nó rioscaí agus dúshláin ar tarraingíodh aird orthu inár n-iniúchtaí, athbhreithnithe agus tuairimí roimhe seo sa réimse beartais chéanna²¹.

²¹ Go sonrach: Tuarascáil speisialta [21/2022](#): ‘Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta’, Tuarascáil speisialta [11/2023](#) ‘Tacaíocht ón Aontas maidir le digiteáil sna scoileanna’, Tuarascáil speisialta [26/2023](#): ‘Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta’, agus Tuarascáil speisialta [13/2024](#): ‘Ionsú cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta’.

15 Thugamar cuairt ar chúig Bhallstát – an Danmhairg, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg agus an Rómáin, agus roghnaíomar 27 mbeart dhigiteacha atá san áireamh ina bpleananna náisiúnta bunaithe ar a n-ábharthacht maidir leis an aistriú digiteach, le hábharthacht, le cumhdach de réimsí éagsúla beartais dhigitigh, agus le stádas cur chun feidhme. Sheiceáladar an raibh na bearta sin ag feidhmiú mar a bhíodhas ag súil leis, de réir na spriocanna a leagtar amach sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle (CCFanna).

16 Bhí ár gcuid oibre iniúchóireachta ag brath go príomha ar athbhreithniú críochnúil ar dhoiciméid ábhartha agus ar agallaimh dhoimhne le foireann an Choimisiúin, go príomha ón Tascfhórsa um Athléimneacht Téarnaimh, ó Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus ó Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta. I gcás inarb iomchuí, d'úsáideamar uirlisí anailíse sonraí freisin chun scrúdú a dhéanamh ar thuarascálacha an Choimisiúin.

17 Ina theannta sin, rinneamar suirbhé ar chomhlachtaí comhordaithe náisiúnta RRF ar fud na mBallstát uile chun a dtuairimí a bhailiú maidir le rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach, le ráta freagartha 93 %. Leathnaíodh an suirbhé chuig na hUasfhorais Iniúchóireachta náisiúnta agus chuig na comhairlí fíoscacha, cé go raibh a rátaí freagartha níos ísle (48 % agus 33 % faoi seach; féach [Iarscríbhinn III](#)).

Barúlacha

Cé go raibh clibeáil dhigiteach déanta i gceart, ní dhíríonn cistiú RRF dóthain go leor ar na príomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh níos túisce sna Ballstáit

18 Rinneamar measúnú ar an gcaoi ar úsáideadh cistiú RRF chun tacú le bearta digiteacha lena dtugtar aghaidh ar phríomhriachtanais dhigiteacha na mBallstát. Go sonrach, scrúdaíomar:

- (a) an ndearnadh bearta digiteacha RRF a chlibeáil i gceart agus ar chomhlíon na Ballstáit uile an t-íoscheanglas 20 %;
- (b) ar thug bearta digiteacha RRF aghaidh ar na príomhriachtanais dhigiteacha sna Ballstáit a sainaithníodh roimhe seo ar bhealach éifeachtach.

Bhí clibeáil dhigiteach bhearta RRF ceart ar an iomlán agus os cionn an íoscheanglais 20 %


19 Ba cheart míniú a bheith i ngach PTA náisiúnta i dtaobh an ionann a bhearta digiteacha agus 20 % ar a laghad de leithdháileadh iomlán an phlean bunaithe ar mheastacháin chostais. Ríomhtar an céatadán sin trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht clibeála digití a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF, lena sainaithnítear 44 chineál idirghabhála le haghaidh bearta digiteacha i gcás seacht réimse idirghabhála. I gcás gach cineál idirghabhála, tá comhéifeacht amháin le cur i bhfeidhm. I 33 chás, is ionann an chomhéifeacht sin agus 100 % de chostais mheasta an bhirt, agus comhéifeacht 40 % ag na 11 chás eile. Is éard atá sa ranníocaíocht airgeadais iomlán le cuspóirí digiteacha ná suim chostais mheasta na mbearta aonair, arna ualú ag na comhéifeachtaí sin.

20 Le Rialachán RRF, ceanglaíodh cleachtadh clibeála comhchosúil freisin le haghaidh bearta a rannchuidíonn leis an sprioc aeráide, an bhithéagsúlacht san áireamh. Bhí an tairseach (i.e. 37 % de leithdháileadh iomlán an phlean) níos airde agus bhí an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF chun bearta aistrithe glasa a chlibeáil difriúil, agus níos casta, rud a d'fhág gur dhócha go raibh rómheastacháin áirithe ann²².

²² Féach [Tuarascáil speisialta 14/2024](#), míreanna 16-24.

21 Léirítear i *bhFíor 5* an céatadán de RRF i ngach Ballstáit a leithdháiltear ar bhearta digiteacha. Léiríonn ár n-anailís ar na bearta uile atá clibeáilte mar bhearta digiteacha gur shann na Ballstáit na bearta de réir na modheolaíochta clibeála digití a thug na comhreachtóirí isteach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF, agus chomhlíon nó sháraigh fiú na Ballstáit uile an tairseach 20 %. Tugaimid ar aire gur cleachtadh *ex ante* a bhí sa chlibeáil dhigiteach chun ceanglas Rialachán RRF a chomhlíonadh, is é sin gur cheart go mbeadh na costais mheasta do bhearta digiteacha ionann le 20 % ar a laghad de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Ní dhéanann an Coimisiún faireachán ar chostais iarbhír maidir le bearta digiteacha a chur chun feidhme agus measúnú á dhéanamh aige ar sciar deiridh chaiteachas PTAnna rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha. Dá bhrí sin, ní féidir teacht ar chonclúid maidir le bonn na gcostas iarbhír.

Fíor 5 – Cistiú RRF leithdháilte ar bhearta digiteacha in PTAnna náisiúnta ó Nollaig 2023 ar aghaidh




Foinse: CIE, bunaithe ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin agus ar bhunachar sonraí FENIX ón gCoimisiún amhail Nollaig 2023.

22 Amhail Nollaig 2023, is ionann an leithdháileadh iomlán do bhearta digiteacha sna PTAnna athbhreithnithe agus beagnach €150 billiún, arb ionann an figiúr sin agus 26 % de chistiú iomlán RRF (gan REPowerEU san áireamh), lena n-áirítear deontais agus iasachtaí araon. Is méadú é sin ar an leithdháileadh bunaidh de €130 billiún.

23 I *bhFíor 6*, tugtar miondealú ar an leithdháileadh dhigiteach foriomlán de réir réimse idirghabhála.

Fíor 6 – Leithdháileadh RRF foriomlán ar bhearta digiteacha de réir réimse idirghabhála ó Nollaig 2023 ar aghaidh




Nóta: Níor leithdháil Ballstáit aon chistiú do réimse idirghabhála 7: An earnáil dhigiteach a ghlasú

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó bhunachar sonraí FENIX sa Choimisiún amhail Nollaig 2023.

I gcás Rialachán RRF, ní chuireann sé de cheangal ar Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh roimhe seo

24 D'éisigh an Coimisiún a Chompás Digiteach 2030 i Márta 2021, straitéis dhigiteach chuimsitheach don Aontas le spriocanna agus cuspóirí nithiúla. Níor eisíodh an straitéis seo ach i ndiaidh ghlacadh Rialachán RRF, áfach. Thairis sin, bhí neart dul chun cinn déanta ag na Ballstáit cheana féin maidir lena PTAnna náisiúnta a ullmhú an tráth sin. I Nollaig 2022, comhlánaíodh an Compás Digiteach le Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach. Dá bhrí sin, nuair a cuireadh formhór na PTAnna isteach in Aibreáin 2021, bhí straitéis dhigiteach an Aontais fós á tabhairt chun críche (féach *Fíor 7* agus *Iarscríbhinn II* le haghaidh cróineolaíocht mhionsonraithe ar thionscnaimh aistrithe dhigitigh).

Fíor 7 – Amlíne na bpríomhthionscnamh digiteach



Foinse: CIE.

25 I Rialachán RRF, tagraítear don **aistriú digiteach** mar phríomhchuspóir, agus cuireann sé réimsí idirghabhála digiteacha ar fáil²³. Ní thugann sé sainmhíniú soiléir faoi *céard is brí* leis an téarma i ndáiríre, áfach. Agus a gcuid PTAnna náisiúnta á n-ullmhú acu, ceanglaíodh ar na Ballstáit bearta a mholadh lena dtugtar aghaidh ar iomlán a gcuid MTSanna le haghaidh 2019/2020, nó ar chuid shuntasach díobh. Léiríodh inár n-anailís, den chuid is mó, go n-úsáidtear foclaíocht leathan sna MTSanna digiteacha seo agus nach bhfuil siad sonracha a dhóthain le treoraíocht a thabhairt maidir le hathchóirithe nó infheistíochta sonracha a roghnú a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an aistriú digiteach. Ós rud é go bhfuil nádúr leathan agus ginearálta ag roinnt leo, ní dúshlán ar leith é aghaidh a thabhairt ar MTSanna digiteacha. Mar gheall ar an débhríocht choincheapúil sin, bhí na Ballstáit in ann raon leathan beart a mholadh lena n-áireamh sna pleananna fad is a mheas siad go gcomhlíonann siad an ceanglas sin (féach *Bosca 1*). Mar sin féin, ní gá go baileach gurb ionann infheistíocht a dhéanamh i mbearta digiteacha amháin agus rannchuidiú leis an aistriú digiteach, ar ceanglas rialála níos airde é.

²³ Iarscríbhinn VII a ghabhann le **Rialachán RRF** agus aithris 12.

Bosca 1

Samplaí de MTSanna digiteacha a bhfuil foclaíocht leathan iontu agus nach bhfuil sonrach go leor

In 2019, mhol an Chomhairle gur cheart do Lucsamburg: ‘beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar dhigiteáil agus nuálaíocht a chothú...’; agus in 2020, mhol sí gur cheart dó: ‘infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, [agus] Nuálaíocht agus digitiú a chothú, go háirithe san earnáil ghnó’.

In 2019, mhol an Chomhairle gur cheart don Rómáin: ‘scileanna a fheabhsú, lena n-áirítear scileanna digiteacha, go háirithe trí ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an ardoideachais do mhargadh an tsaothair a mhéadú’; agus in 2020 mhol sí gur cheart di: ‘scileanna agus foghlaim dhigiteach a neartú agus rochtain chomhionann ar oideachas a áirithiú’.

26 Murab ionann agus na MTSanna, tugtar léargas mionsonraithe sna tuarascálacha tíre DESI ar láidreachtaí agus laigí digiteacha comparáideacha gach Ballstáit (féach mír [07](#)). Cé nach raibh sé i gceist léi cistiú ón Aontas a leithdháileadh, bheadh DESI níos úsáidí mar uirlis chun príomhréimsí digiteacha a shainaithint a raibh gníomhaíocht tosaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an aistrithe dhigitigh ag teastáil ina leith sin, i.e. na príomhriachtanais dhigiteacha. Mar sin féin, níor chuir Rialachán RRF de cheangal ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na réimsí ina raibh gníomhaíocht tosaíochta ag teastáil uathu (dá ngairtear na ‘príomhriachtanais dhigiteacha’ as seo amach) a sainaithníodh i dtuarascálacha DESI a bhí ar fáil tráth a ullmhaíodh agus a caibidlíodh na pleananna náisiúnta.

27 Ní thagraítear do DESI ach amháin in Iarscríbhinn VII de Rialachán RRF, ina leagtar amach an mhodheolaíocht le haghaidh clibeáil dhigiteach. Leis an iarscríbhinn seo, nasctar sé réimse idirghabhála digití le ceithre ghné [DESI²⁴](#), lena sainaithnítear cineálacha athchóirithe agus infheistíochtaí a d’fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna laistigh de gach gné (féach [Fíor 8](#)).

²⁴ Iarscríbhinn VII a ghabhann le [Rialachán RRF](#).

Fíor 8 – Réimsí idirghabhála RRF a mhapáil ar thoisí DESI

	Réimse idirghabhála PTA	Gné DESI
 Nascacht	1 Nascacht	2 Nascacht
 T&F	2 Infheistíocht in T&F a bhaineann le digiteáil	Gan ghné DESI
 Caipiteal daonna	3 Caipiteal daonna	1 Caipiteal daonna
 Seirbhís saoránachta dhigiteach	4 ríomhsheirbhísí rialtais, seirbhísí poiblí digiteacha agus éiceachórais dhigiteacha áitiúla	4 Seirbhís saoránachta dhigiteach
 Digiteáil gnólachtaí	5 Digiteáil gnólachtaí	3 Teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú
 Ardteicneolaíochtaí	6 Infheistíocht in acmhainneachtaí digiteacha agus ardteicneolaíochtaí a imscaradh	3 Teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú + sonraí bailithe ad hoc
 An earnáil dhigiteach a ghlású	7 An earnáil dhigiteach a ghlású	

Cé go bhfuil comhfhreagras in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán STA, níl aon cheanglas ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i gcás inar shainaithin DESI príomhriachtanais dhigiteacha

Foinse: CIE, bunaithe ar Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF agus DESI.

28 D'fhéach an Coimisiún leis an mbearna reachtach sin a shárú agus treoraíocht á heisiúint aige maidir le PTAnna a dhréachtú. Ina leaganacha de threoraíocht RRF i Meán Fómhair 2020²⁵ agus in Eanáir 2021²⁶ araon, rinne an Coimisiún tagairt shainráite do DESI, trína iarraidh ar na Ballstáit táscairí atá ann cheana a ghlacadh mar thagairt, nuair is féidir, amhail iad siúd a áirítear in DESI. Iarradh ar na Ballstáit a mhíniú freisin conas a rannchuideodh a bpleananna le feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht dhigiteach, trí úsáid a bhaint as gnéithe DESI agus as na haidhmeanna a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú' mar phointí tagartha.

29 Mar sin féin, tá an treoraíocht sin ón gCoimisiún neamhcheangailteach agus léirigh ár n-anailís go raibh éagsúlacht ann maidir lena mhéid a lean na Ballstáit í. Go háirithe, fuaireamar nár leithdháil na Ballstáit a gcistiú RRF i gcónaí i gcomhréir leis na príomhriachtanais dhigiteacha a shainaithin DESI roimhe seo. Mar shampla, leithdháil roinnt Ballstát sciar mór dá gcistiú RRF ar réimsí inar fheidhmigh siad cheana féin i bhfad os cionn mheán an Aontais, nó leithdháil siad sciar beag ar limistéir ina raibh siad rangaithe faoi bhun an mheáin i rangú DESI 2021²⁷ (féach [Tábla 1](#)).

²⁵ SWD (2020) 205 an 17.9.2020, cuid 1 de 2, leathanaigh 6, 17, cuid 2 de 2, leathanach 8.

²⁶ SWD (2021) 12 an 21.1.2021, cuid 1 de 2, leathanaigh 5, 26, cuid 2 de 2, leathanaigh 8-9.

²⁷ Cé gur foilsíodh tuarascálacha DESI 2021 i Samhain 2021, bhí sonraí 2020 a áirítear leo ar fáil do Bhallstáit ó Fheabhra 2021.

Tábla 1 – Rannchuidiú clibeáilte le bearta digiteacha

Samplaí de chomhchruinniú níos ísle de thacaíocht airgeadais RRF le gnéithe DESI a rangáíodh níos measa ná gnéithe eile sa Bhallstát céanna

Ballstát	Gné DESI	Rangú DESI (Sonraí 2020)	% faoi mheán AE	Méid STA ó Rannchuidí Clibeála Digiteach (in euro)	% de STA ó Rannchuidí Clibeála Digiteach
An Bhulgáir	Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú	27	55 %	57 524 000	4 %
	Seirbhísí saoránachta digiteacha	24	24 %	985 462 000	61 %
An Ungáir	Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú	25	43 %	121 987 741	7 %
	Seirbhísí saoránachta digiteacha	21	18 %	1 062 600 505	61 %
An Pholainn	Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú	24	35 %	1 016 000 000	13 %
	Nascacht	19	7 %	2 600 000 000	35 %

Samplaí de chomhchruinniú níos láidre de thacaíocht airgeadais RRF le gnéithe DESI a rangáítear níos fearr ná gnéithe eile sa Bhallstát céanna

Ballstát	Gné DESI	Rangú DESI (Sonraí 2020)	% os cionn mheán AE	Méid STA ó Rannchuidí Clibeála Digiteach (in euro)	% de STA ó Rannchuidí Clibeála Digiteach
An Eastóin	Seirbhísí saoránachta digiteacha	1	39 %	97 430 000	47 %
	Caipiteal daonna	7	17 %	10 000 000	5 %
An Danmhairg	Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú	2	56 %	241 000 000	63 %
	Caipiteal daonna	5	28 %	-	0 %
An Fhionlainn	Seirbhísí saoránachta digiteacha	2	33 %	388 340 000	68 %
	Nascacht	11	13 %	50 000 000	9 %

Nóta: Is iad na Ballstáit a roghnaíodh thuas na trí shampla is fearr i ngach catagóir, tar éis deireadh a chur le cásanna ina bhfuil tearcfheidhmíocht á déanamh ag an mBallstát i bhformhór na ngnéithe eile de DESI, nó ina bhfuil sé ag feidhmiú go han-mhaith freisin i bhformhór na ngnéithe eile de DESI. San Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI), rangáítear an Ballstát is fearr feidhmíochta – i.e. a bhfuil an scór is airde aige – mar uimhir 1, agus rangáítear an Ballstát is measa feidhmíochta mar uimhir 27. Léirítear sa cholún ‘% faoi bhun (nó os cionn) mheán an Aontais’ an bhearna i ngné shonrach DESI idir scór Ballstáit ar leith agus meánscore an Aontais.

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

30 Is féidir le Ballstáit cistí AE nó náisiúnta a úsáid freisin chun aghaidh a thabhairt ar MTSanna. Le linn ár n-iniúcháireachta, tháingamar ar chás inar chinn Ballstát cistí comhtháthaithe a úsáid in ionad RRF chun infheistiú ar ghréasáin digiteacha. Níl na cistí sin curtha i bhfeidhm go fóill, áfach, agus d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad ar leibhéal leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh faoi DESI (féach [Bosca 2](#)).

Bosca 2

Riachtanais dhigiteacha shonracha arna sainaithint ag DESI ach nár tugadh aghaidh orthu trí PTA – sampla ón tSlóvaic

De réir thuarascálacha tíre DESI 2021, ní chumhdaítear ach 18 % de theaghlaigh i gceantair thuaithe na Slóvaice le líonraí fíor-ardacmhainneachta²⁸. Chaill an tSlóvaic an sprioc freisin chun cumhdach 100 % a áirithiú sa tír ar fad le luas 30 Mbps ar a laghad faoi 2020 a leagtar amach ina straitéis náisiúnta leathanbhanda in 2011: in 2020, bhí an cumhdach thart ar 75 %²⁹.

Thug MTSanna digiteacha 2019 agus 2020 aghaidh ar na saincheisteanna nascachta trína mholadh gur cheart don tSlóvaic 'beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar [...] bhonneagar digiteach' (2019) agus 'bearnaí sa bhonneagar digiteach a dhúnadh' (2020).

I Márta 2021, d'fhormheas an tSlóvaic plean leathanbhanda náisiúnta nua, agus dá réir an phlean sin, ba cheart nasc idirlín tapa 100 Mbps ar a laghad a bheith ag gach teaghlach faoi 2030. Measadh sa phlean go mbeadh bearna infheistíochta €925 mhilliún ann, lena n-áirítear €625 mhilliún ó chistí poiblí chun sprioc 2030 a bhaint amach.

D'ainneoin na riachtanas digiteach sin a sainaithníodh go soiléir, ní raibh aon bhearta infheistíochta a bhaineann le baint amach na spriocanna nascachta sin in PTA na Slóvaice (le leithdháileadh iomlán de €6.33 billiún, a raibh €1.33 billiún don phróiseas digiteála ina leith sin). Ina ionad sin, chuir na húdaráis na Slóvaice san áireamh infheistíochtaí le haghaidh chur chun feidhme leathanbhanda le €112 mhilliún ó na Cláir oibríochtúla faoi chistí SIE 2021-2027. Níor tháinig ann do na hinfheistíochtaí sin go fóill.

I dtuarascáil tíre 2024 maidir leis an Deacáid Dhigiteach, luadh: 'go bhfuil deis ag an tSlóvaic feabhas a chur ar a feidhmíocht chun rannchuidiú leis an sprioc don Deacáid Dhigiteach maidir le líonraí fíor-ardacmhainneachta, agus dinimic an-teoranta á léiriú an tráth céanna'³⁰.

²⁸ An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2021, An tSlóvaic, leathanach 9.

²⁹ Ibid.

³⁰ Tuarascáil Tíre maidir leis an Deacáid Dhigiteach 2024: An tSlóvaic, leathanach 9-10.

31 Ní raibh measúnú ar PTAanna taobh le táscairí DESI ar cheann de na critéir mheasúnaithe a shainítear i Rialachán RRF. I ndáil leis na cásanna a liostaítear i [dTábla 1](#), léiríonn an fhianaise a fuaireamar ón gCoimisiún faoin bpróiseas measúnuithe gur shainaithin sé an tsaincheist do Bhallstát amháin. I gcás an Bhallstáit sin, bheartaigh sé thart ar leath dá leithdháileadh RRF a infheistiú i ngné a bhaineann le DESI (agus an chéad rangú san Eoraip aige cheana féin), agus i bhfad níos lú i ngné eile (inár shainaithin DESI riachtanais). Ní dhearnadh aon athrú ábhartha don phlean, áfach.

32 I gcás na gcúig Bhallstát inár sampla, chuireamar síneadh leis an anailís trí gach beart digiteach a chumhdach sna PTAanna faoi seach. Léirigh ár n-anailís gur leithdháil trí Bhallstát a gcistí digiteacha ar bhearta digiteacha ar bhealach cothrom chun aghaidh a thabhairt ar na príomhriachtanais dhigiteacha a sainaitníodh in DESI (an Iodáil, an Fhrainc agus an Rómáin). Níorbh amhlaidh an cás i leith na Danmhairge agus Lucsamburg, áiteanna ina raibh méid an chistithe RRF íseal i gcomparáid le hacmhainní náisiúnta sa réimse céanna. Ar deireadh, de réir sé cinn de na 27 mBallstát a d'fhreagair ár suirbhé, bhí méid an chistithe RRF ró-íseal le bheith ag súil go bhféadfadh na leithdháiltí difríocht shuntasach a dhéanamh maidir le déileáil lena bpríomhriachtanais dhigiteacha.

Níor chuir na Ballstáit ach líon beag tionscadal digiteach ilnáisiúnta san áireamh ina PTAanna náisiúnta

33 Tá tionscadail ilnáisiúnta fhadtéarmacha i measc na mbeart digiteach is nuálaí agus is suntasaí sna PTAanna. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus cumais dhigiteacha an Aontais a chur chun cinn³¹. Mar sin féin, fuarthas amach i staidéar a choimisiúnaigh Parlaimint na hEorpa³² go raibh dúshlán bhreise cur chun feidhme roimh thionscadail ilnáisiúnta mar gheall ar a gcastacht agus go bhfuil siad comhdhéanta de go leor comhphárteanna.

³¹ CE SWD(2024) 70, 'Meastóireacht mheántearma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta', an 21 Feabhra 2024, cuid 4.4.6, leathanaigh 71-72.

³² 'Breisluach Eorpach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Measúnú ar phleananna na hOstaire, na Beilge agus na Gearmáine', Aibreán 2022, leathanach 34.

34 Léirigh ár n-anailís gur chuir na Ballstáit 60 beart ilnáisiúnta san áireamh as níos mó ná 1 000 beart digiteach, arb ionann a n-iomláin agus thart ar €5 bhilliún (nó 3.3 % de chistiú digiteach RRF). Áirítear leo freisin na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI), lena mbaineann comhar idir gníomhaithe eacnamaíocha i roinnt Ballstát chun a gcuid eolais, saineolais agus acmhainní airgeadais a chomhthiomsú³³.

35 Aithnítear i meastóireacht mheántearma RRF an Choimisiúin go gcuireann spriocdháta 2026 teorainn leis na cineálacha infheistíochtaí a áirítear sna PTAnna, cé is moite díobh siúd a éilíonn tréimhse cur chun feidhme níos faide³⁴. I gcás an dá bhirt ilnáisiúnta inár sampla, lena n-áirítear ceann a rannchuidíonn le IPCEI, cuireann an fhaisnéis a fuairamar ó na Ballstáit in iúl nach dócha go gcuirfear i gcrích iad faoi Lúnasa 2026 (féach [Bosca 3](#)). In éineacht leis an sciar íseal de bhearta digiteacha ilnáisiúnta i líon agus i gcostais mheasta araon, léiríonn sé sin teannas idir an t-ionú cur chun feidhme fadtéarmach is gá de ghnáth do na tionscadail chasta sin, agus an creat ama gearr do chur chun feidhme RRF.

³³ Tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna)

³⁴ CE SWD(2024) 70, Cuid 4.4/6, leathanaigh 72 agus 74.

Bosca 3

Tionscadail ilnáisiúnta shampláilte nach dócha go gcuirfear i gcrích iad faoi 2026

Lucsamburg: Is é is aidhm don bheart ‘LuxQCI’ (costais mheasta €10 milliún nó 41 % de cholún digiteach PTA LU) ná bonneagar cumarsáide slán a thógáil bunaithe ar theicneolaíocht chandamach. Tá an tionscnamh mar chuid den Tionscnamh Eorpach um Bonneagar Cumarsáide Candamaí. Faoin tionscnamh seo, ní mór do gach ceann de na 27 mBallstát teacht ar chomhaontú maidir le sonraíochtaí teicniúla satailíte is gá chun beart RRF a chur chun feidhme.

Clúdaítear le beart PTA saotharlann agus líonra cumarsáide a thógáil agus a thástáil chun eochracha criptiúcháin bunaithe ar theicneolaíocht chandamach a sheoladh. Ba cheart seoladh a thástáil laistigh den Bhallstát agus thar theorainneacha, trí líne thalún agus nasc satailíte a úsáid.

Cé gur baineadh amach na chéad chéimeanna – traiseoladh saotharlainne agus tástála a thógáil laistigh den tír ar líne talún – cuireadh moill ar na naisc thrasteorann agus satailíte ar chúiseanna nach bhfuil neart ag údaráis Lucsamburg orthu. Go háirithe, braitheann an gharspíoc dheireanach (i.e. an nasc satailíte) ar sheoladh na satailíte Eorpaí sin, nach dtarlóidh roimh dheireadh 2025 ná roimh an gcéad leath de 2026 mar thoradh ar shraith de mhoilleanna ar a dearadh. Ós rud é gur gá tástáil sé mhí a dhéanamh ar an tsatailít tar éis an tseolta chun go mbeidh sí oibríochtúil, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta an beart a chur i gcrích faoi dheireadh thréimhse chur chun feidhme RRF.

An Rómáin: Baineann an beart ‘Próiseálaithe Ísealchumhachta agus Sliseanna Leathsheoltóra’ le catagóir na dtionscadal ilnáisiúnta agus is cuid de thionscnamh IPCEI é, lena mbaineann comhar idir gníomhaithe eacnamaíocha i roinnt Ballstát chun a gcuid eolais, saineolais agus acmhainní airgeadais a chomhthiomsú.

Gníomhaíochtaí le trí chuspóir atá i gceist leis an mbeart. Ní féidir ach ceann amháin de na cuspóirí sin (‘comhordú le cumais agus riachtanais ar leibhéal an Aontais’), lena gcumhdaítear go bunúsach an chéim chonarthach, a bhaint amach laistigh de thráthchlár RRF agus, is é an beart sin an t-aon cheann amháin a chumhdaítear le garspíocanna agus spriocanna. Bhí an ghníomhaíocht sin ar an mbóthar ceart lena baint amach go hiomlán in 2024.

Ní féidir an ghníomhaíocht a dhéantar chun an dá chuspóir eile a bhaint amach (‘Struchtúr a chur ar scileanna agus iad a fhorbairt chun comhpháirteanna micrileictreonaice a dhearadh, a mhonarú agus a chur i bhfeidhm’, agus ‘maoin intleachtúil a fháil agus dlús a chur le cur i bhfeidhm ardteicneolaíochtaí’) a chur i gcrích faoi Lúnasa 2026, toisc go bhfuil a gcur chun feidhme ag brath ar an gcéim chonarthach a bheith tugtha chun críche agus ar na cuideachtaí rannpháirteacha a bheith ag seachadadh na dtorthaí. De réir na n-údarás Rómánach, is fada an t-am is gá chun teacht ar thorthaí amhail táirgeadh nó táirgí insoláthartha eile (i.e. 8-10 mbliana) agus téann sé i bhfad níos faide ná creat RRF. Is é is cúis leis an amlíne fhada seo ná gné an chomhair ilnáisiúnta a ghabhann leis an tionscadal seo, agus nádúr casta teicniúil agus nuálach thionscal na bpróiseálaithe agus na leathsheoltóirí.

Ba mhinic go raibh moilleanna ar bhearta digiteach sa sampla, agus ní léir cén chaoi a rannchuidíonn torthaí leis an aistriú digiteach

36 Rinneamar measúnú ar chur chun feidhme tráthúil agus costéifeachtach bhearta digiteacha an phlean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh sampla de 27 mbeart RRF i gcúig Bhallstát. Chun na críche sin, sheiceáladar an méid seo a leanas:

- (a) ar thug na Ballstáit na garspriocanna agus na spriocanna do na bearta sin chun críche faoin am a sonraíodh sa chéad CCF. Cé gur am tascach amháin atá i gceist leis an am a luaitear sa CCF, tugann sé faisnéis úsáideach faoi mhoilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann. Thugamar aird ar leith ar gharspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha, arb iad na cinn lena gcuirtear an beart iomlán i gcrích agus lenar féidir measúnú a dhéanamh ar na héachtaí a bhfuiltear ag súil leo; agus
- (b) a mhéid ar bhain na bearta digiteacha roghnaithe a n-aschuir agus a dtorthaí beartaithe amach, agus cén comparáid is féidir a dhéanamh idir a gcostais iarbhír tráth a gcur i gcrích agus na meastacháin ar chostais tosaigh. Bhunaíomar ár measúnú ar athbhreithnithe deisce ar na gnóthachain ionchasacha a bhí leagtha amach sa CCF agus ar fhianaise a thug na Ballstáit dúinn le linn ár gcuarnteanna agus in idirghníomhaíochtaí ina dhiaidh sin.

37 I bhfianaise thoradh ár measúnaithe, scrúdaíomar freisin an méid seo a leanas:

- (a) an dtugann faireachán an Choimisiúin léargas iontaofa ar thráthúlacht chur chun feidhme na mbeart digiteach a leagtar amach sna pleananna;
- (b) an ndearna garspriocanna agus spriocanna na mbeart digiteach (a dhearbhaigh na Ballstáit a bheith curtha i gcrích) é a áirithiú go cuí gur cuireadh na gníomhaíochtaí nó na tionscadail bhunúsacha dá bhforáiltear sna CCFanna chun feidhme go hiomlán.


Tá níos mó ná leath de na bearta digiteacha atá roghnaithe thíos le moilleanna

38 Áiríodh 27 mbeart ónar sampla: 21 infheistíocht agus sé athchóiriú. Bhí sé beartaithe ag na Ballstáit 23 cinn de na bearta sin a thabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024.

39 Fuaireamar moilleanna ar thart ar leath dá ngarspriocanna agus dá spriocanna (lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna a bhí idirmheánach agus críochnaitheach). Ar an iomlán, cuireadh moill ar 31 as 67 gcinn de na garspriocanna agus spriocanna sin (féach [Fíor 9](#)).

Fíor 9 – An bhfuil moill ar gharspriocanna agus spriocanna (Deireadh Fómhair 2024)?

An bhfuil moill ar gharspriocanna agus spriocanna digiteacha?



40 Léiríonn ár n-anailís freisin nár chomhlíon na Ballstáit an gharsprioc/sprioc chríochnaitheach ach amháin i gcás 15 cinn de na 23 athchóiriú agus infheistíocht sin faoi Dheireadh Fómhair 2024. Bhí sin amhlaidh i gcásanna áirithe mar gheall gur athraíodh garspriocanna, gur cuireadh ar athlá iad, nó gur cruthaíodh ceann nua. Mar sin féin, i gcás ceithre cinn de na 15 bheart sin, ní dhearnadh gach gníomhaíocht dá bhforáladh ar dtús sna CCFanna. Mar thoradh air sin, tagaimid ar an gconclúid gur cuireadh níos lú ná leath de na 23 bheart sin (i.e. 11 bheart) i gcrích, mar a beartaíodh ar dtús.

Tá moilleanna ar chur chun feidhme níos forleithne ná mar a léirítear sna pleananna modhnaithe


41 Faoi dheireadh Eanáir 2024, thuairiscigh na Ballstáit go raibh 31 % de na garspriocanna agus na spriocanna digiteacha (721 as 2 297) curtha i gcrích³⁵ (féach [Fíor 10](#)). I gcás leath díobh (i.e. 15 % den iomlán), mheas an Coimisiún cheana féin gur baineadh amach an beart go sásúil. Ar an iomlán, baineadh amach níos lú ná aon trian de na garspriocanna agus na spriocanna leath bealaigh trí thréimhse cur chun feidhme RRF. Léiríonn ár n-anailís go bhfuil an ráta críochnaithe sé phointe céatadán níos ísle i gcomparáid leis an amchlár tascach sna CCFanna (féach [Iarscríbhinn IV](#) le haghaidh tuilleadh sonraí). Tá níos mó cur chun cinn déanta ar athchóirithe ná mar atá déanta ar infheistíochtaí. Tá difríochtaí ann freisin idir réimsí idirghabhála, go háirithe maidir le hathchóirithe.

³⁵ CE SWD(2024) 70, cuid 4.1/2.B.iv, leathanach 48.


Fíor 10 – Garspriocanna agus spriocanna a chur i gcrích le haghaidh bearta digiteacha in aghaidh an réimse idirghabhála (Eanáir 2024)

■ Críochnaithe ■ Iomlán

Athchóirithe



Infheistíochtaí



Cur chun feidhme
iarrbhír
31 %


Foinse: Anailís CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

42 Chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar thug na Ballstáit aghaidh ar mhoilleanna, scrúdaíomar ar cuireadh siar na dátaí críochnaithe atá beartaithe do bhearta digiteacha mar thoradh ar na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a d'fhorghas an Chomhairle faoi Eanáir 2024 (i.e. gan leasuithe a bhaineann le caibidlí REPowerEU a chur san áireamh). Bhain na leasuithe sin le 21 PTA.

43 Ar an iomlán, cuireadh siar an dáta críochnaithe deiridh i gcás 109 bheart dhigiteacha (11 % de na bearta digiteacha uile) sna PTAnna athbhreithnithe. Léirítear i **bhFíor 11** méid na gcur siar sin. Níl athruithe suntasacha déanta ag formhór na mBallstát ar na dátaí críochnaithe do bhearta digiteacha, cé is moite den Fhionlainn, den Spáinn agus den Iodáil maidir le hathchóirithe (féach **larscríbhinn V**) agus an Ostair, an tSeicia, an Liotuáin, an tSlóivéin agus an Spáinn maidir le hinfheistíochtaí (féach **larscríbhinn VI**). Is í an Iodáil an t-aon tír a tharraing chun cinn na dátaí críochnaithe le haghaidh athchóirithe, agus is iad an Fhionlainn agus an Spáinn na Ballstáit a chuir siar is mó iad. Maidir le hinfheistíochtaí, is í an Ostair an t-aon tír a tharraing a ndátaí críochnaithe chun cinn, agus is iad an tSeicia, an Liotuáin, an tSlóivéin agus an Spáinn na Ballstáit a chuir siar is mó iad.

Fíor 11 – Ar cuireadh siar an dáta críochnaithe (roimh dheireadh 2024)?

Ar cuireadh an dáta críochnaithe ar athlá?



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

44 Inár sampla, bhí ocht gcinn de na 23 bheart a bhí beartaithe a thabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024 déanach agus, dá bhrí sin, bhí siad fós ar siúl. Mar sin féin, ní léirítear ach leath de na moilleanna sin (i gcás ceithre cinn de na hocht mbeart sin) i gcur siar na PTAnna leasaithe. Tugtar le fios leis sin go gcuirfear sciar suntasach de bhearta digiteacha i gcrích níos déanaí ná mar a léirítear faoi láthair sna PTAnna leasaithe.

45 Thugamar ar aire cheana féin, ag tús RRF, go mbaineann garspriocanna agus spriocanna le céimeanna luatha den chur chun feidhme (amhail dlíthe a ghlacadh, glaonna ar thograí nó ar thairiscintí a fhoilsiú, agus tionscadail a roghnú). Sa dara leath de thréimhse cur chun feidhme RRF, is minic a bhíonn garspriocanna agus spriocanna níos casta agus níos dúshlánaí toisc go dtagraíonn siad do chéimeanna deiridh an chur chun feidhme (amhail infheistíochtaí nó athchóirithe bonneagair a thabhairt chun críche). Tá feidhm aige sin freisin maidir le bearta digiteacha. Bunaithe ar an méid sin, mholamar gur cheart don Choimisiún na bearta is mó atá i mbaol nach dtabharfaí chun críche iad faoin 31 Lúnasa 2026 a shainaithint, obair leantach chórasach a dhéanamh ar na bearta sin, agus teacht ar chomhaontú maidir le gníomhaíochtaí chun na moilleanna a sháru: rud a mhaolódh an riosca go ndéanfaí bearta neamhchríochnaithe a chistiú dá bharr³⁶.

I gcás roinnt beart digiteach inár sampla, ba mhó go mór na costais mheasta ná na costais iarbhír

46 Chuir Rialachán RRF de cheangal ar na Ballstáit réasúnú cuí a thabhairt i gcás a meastachán de chostas iomlán na mbeart atá curtha ina PTAnna acu³⁷. Bhain an Coimisiún úsáid as na meastacháin sin chun a mheasúnú an raibh réasúnú cuí ann don leithdháileadh foriomlán as an mbuiséad faoi RRF do gach aon Bhallstát. Ina dhiaidh sin, faigheann na Ballstáit an méid iomlán a comhaontaíodh sa CCF ar choinníoll go gcomhlíonann siad na garspriocanna agus na spriocanna a leagadh síos, fiú má tá costais na ngníomhaíochtaí bunúsacha éagsúil leis na costais a measadh ar dtús.

³⁶ Tuarascáil speisialta 13/2024, moladh 3.

³⁷ Airteagal 18(4)(k) de Rialachán RRF.

47 Inár sampla, shainaithníomar trí chás i dtrí Bhallstát inar sháraigh na costais mheasta chun garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach go sásúil na costais iarbhir a tabhaíodh chun na bearta a chur i gcrích. I gcomhréir le samhail seachadta RRF atá bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais, ní raibh coigeartú ar eisíocaíocht RRF mar thoradh air sin chun garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach go sásúil agus níor laghdaigh ach ceann amháin de na trí Bhallstát na costais mheasta agus a PTA á leasú. Mar shampla, i mbeart ‘uasghrádú digiteach an Stáit agus na gcríoch’ de chuid na Fraince, chomhlíon an tairbhí deiridh na spriocanna go sásúil, ach cuireadh an beart chun feidhme le caiteachas €368 milliún i gcomparáid le costas €500 milliún a measadh ar dtús (laghdú 26 %). Sonraítear i Rialachán RRF nach féidir leis an leithdháileadh airgeadais ar Bhallstát na costais mheasta fhoriomlána a áirítear ina PTA a shárú. Ag an am céanna, áfach, ní thagraíonn sé do chostais iarbhir. Mar thoradh air sin, fuair na Ballstáit méid iomlán an tráthchoda mar a aontaíodh in CCF chun na garspriocanna agus spriocanna ábhartha a chríochnú. Tá tuairisc déanta againn cheana féin ar chásanna den chineál céanna³⁸.

Ní léir cé mhéid a rannchuidíonn na torthaí a baineadh amach le bearta atá curtha i gcrích inár sampla leis an aistriú digiteach

48 I gcás na 15 bheart inár sampla ar dhearbhaigh na Ballstáit gur chuir siad i gcrích iad, tá sonraí in *Iarscríbhinn VII* maidir lenár measúnú ar na haschuir a bhí beartaithe de réir na bpleananna bunaidh agus na dtorthaí a baineadh amach.

49 Léiríonn ár n-anailís go bhfuil na gníomhaíochtaí a rinneadh go dtí seo, nó atá ar siúl faoi láthair, ag teacht go ginearálta leis na gníomhaíochtaí sin a bhfuil cur síos orthu i gcás gach birt sa CCF. I gcás na 27 mbeart a roghnaíodh, bhí garspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha ag freagairt d’aschuir de ghnáth. I gcás cúig bheart (18 %), ní hamhlaidh atá toisc nach gcumhdaítear leis an ngarsprioc/sprioc chríochnaitheach ach céim idirmheánach seachas cur i gcrích iomlán na ngníomhaíochtaí uile.

50 Léirítear i *dTábla 2* toradh ár measúnaithe ar na haschuir a baineadh amach do na 15 bheart a dearbhaíodh a bheith curtha i gcrích ag na Ballstáit. I gcás 10 gcinn díobh (67 %), táimid tagtha ar an gconclúid gur bhain na Ballstáit amach na haschuir a bhí beartaithe.

³⁸ Féach *Tuarascáil speisialta 11/2023*, mír 55 agus Bosca 5.

51 Ní rabhamar in ann measúnú a chur ar fáil le haghaidh dhá bheart eile toisc nach raibh gach gníomh curtha i gcrích. Sa dá chás sin, níor chumhdaigh an gharsprioc/sprioc chríochnaitheach ach céim idirmheánach. Bhí ceann amháin san Iodáil agus an ceann eile sa Fhrainc (féach [Bosca 5](#) le haghaidh sonraí).

52 Mar sin féin, níor éirigh leis na trí bheart eile a n-aschuir tosaigh a bhaint amach, dhá cheann sa Danmhairg agus ceann amháin i Lucsamburg. Sa Danmhairg, tá na bearta sin beartaithe chun tacú le hinfheistíochtaí digiteacha trí chreidmheasanna cánach le haghaidh sócmhainní seasta digiteacha nó gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Mar sin féin, ní cheanglaítear leis an reachtaíocht lena n-achtaítear na bearta go mbeidh comhpháirt dhigiteach ag na hinfheistíochtaí sin agus níor chuir na húdaráis náisiúnta sásra chun feidhme chun na cinn atá digiteach a shainaithint. I Lucsamburg, bhí sé beartaithe leis an mbeart iarratas a dhéanamh ar chianfhaireachán agus ar theileachomhairliúchán le cónaitheoirí mar chuid dá ardán ríomhShláinte. Ina ionad sin, chuir na húdaráis náisiúnta réiteach teilileighis difriúil chun feidhme lasmuigh den chóras ríomhShláinte a bhí beartaithe d’iarrthóirí tearmainn amháin. Tar éis ár gcuarite iniúchóireachta, rinne údaráis Lucsamburg athbhreithniú ar a PTA lena modhnaítear scóip an bhirt chun na gníomhaíochtaí a rinneadh a léiriú. D’fhormheas an Chomhairle an PTA athbhreithnithe i Meán Fómhair 2024.

Tábla 2 – Ár measúnú ar aschuir a baineadh amach ó bhearta sampláilte a dhearbhaigh na Ballstáit a bheith curtha i gcrích

					Measúnú ar aschuir			
	Bearta sampláilte	Beartaithe a thabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Moillithe	Dearbhaithe a bheith tugtha i gcrích ag Ballstát	Sásúil	Míshásúil	Níor tugadh gach gníomhaíocht chun críche	Iomlán
An	6	5	0	5	3	2		5
An Fhrainc	5	4	1	3	2		1	3
An Iodáil	6	5	2	3	2		1	3
Lucsamburg	5	4	2	2	1	1		2
An Rómáin	5	5	3	2	2			2
Iomlán	27	23	8	15	10	3	2	15
					66.7 %	20.0 %	13.3 %	100.0 %

Foinse: CIE.

53 Bunaithe ar an bhfaisnéis bhreise a bhailíomar le linn an iniúchta, rinneamar measúnú féachaint an raibh aon fhianaise ann faoi thorthaí a baineadh amach tríd an mbeart a chur i gcrích. D'fhonn ár measúnú a dhéanamh, rinneamar an fhaisnéis faoi thorthaí gach birt, a chuir na Ballstáit ar fáil, a aicmiú mar seo a leanas:

- o 'gan torthaí', mura bhféadfaí aon fhianaise de thorthaí a thabhairt;
- o 'teoranta' má bhí na torthaí a baineadh amach i bhfad faoi bhun phríomhchuspóir an bhirt, mar a thuairiscítear sa CCF ón gComhairle nó i ndoiciméadacht tacaíochta ábhartha eile; agus
- o 'suntasach', má bhí na torthaí, ag teacht go ginearálta ar a laghad le príomhchuspóir an bhirt, faoi mar a bhfuil tuairisc ar an gcuspóir sin sa CCF nó i ndoiciméadacht tacaíochta eile atá ábhartha.

54 Léirítear i **dTábla 3** olltoradh ár measúnaithe ar na 15 bheart a dearbhaíodh a bheith curtha i gcrích ag na Ballstáit. Léirigh ár n-anailís gur éirigh le beagnach leath de na bearta torthaí suntasacha a bhaint amach. I gcás sé cinn acu (40 %), áfach, ní raibh na Ballstáit in ann fianaise a chur ar fáil faoi na torthaí a baineadh amach i gcomhréir le príomhchuspóir an bhirt, nó ní raibh na gníomhaíochtaí go léir curtha i gcrích (i.e. níor cumhdaíodh ach céim idirmheánach leis an ngarsprioc/an sprioc críochnaitheach). I gcás an dá bheart eile (13 %) bhí an méid a baineadh amach teoranta.

Tábla 3 – Ár measúnú ar thorthaí a baineadh amach ó bhearta sampláilte a dhearbhaigh na Ballstáit a bheith curtha i gcrích

	Measúnú ar na torthaí					Rannchuidiú ó thorthaí ar bhearta a tugadh chun críche le:	
	Níor tugadh gach gníomhaíocht chun críche	Níl fianaise de thorthaí ann	Torthaí teoranta	Torthaí suntasacha	Iomlán	Comhtháscairí digiteacha RRF	Táscairí DESI
An		2		3	5	2	1
An Fhrainc	1			2	3	1	1
An Iodáil	1		2		3	1	
Lucsamburg		1		1	2	2	1
An Rómáin		1		1	2		
Iomlán	2	4	2	7	15	6	3
	13.3 %	26.7 %	13.3 %	46.7 %	100.0 %	40 %	20 %

Foinse: CIE.

55 Rinneamar measúnú freisin ar a mhéid a rannchuidíonn torthaí na 15 bheart dhigiteacha sin le táscairí digiteacha RRF agus le táscairí DESI. Fuaireamar nach bhfuil torthaí na mbeart ag rannchuidiú le táscairí digiteacha RRF, ach amháin i gcás sé thoradh le haghaidh ceann amháin de na ceithre tháscaire sin. I gcás trí cinn de na 15 bheart amháin, tá comhfhreagras díreach ann le táscaire DESI. Léiríonn sé sin go bhfuil a mhéid a rannchuidíonn na bearta atá curtha i gcrích leis an aistriú digiteach go hiarbhir fós doiléir mar gheall ar laigí i gcreat feidhmíochta RRF. Déanaimid anailís bhreise ar an ngné sin sa chéad roinn eile (féach míreanna [63](#) go [75](#)).

Ní chumhdaíonn beagnach aon trian de na garspriocanna críochnaitheacha cur i gcrích an bhirt, nó níl siad uailmhianach go leor

56 Agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht na mbeart digiteach, scrúdaíomar na garspriocanna agus na spriocanna sonracha a leagtar amach do gach athchóiriú nó infheistíocht sna CCFanna ón gComhairle inár sampla de 27 mbeart i gcúig Bhallstát. San iomlán, scrúdaíomar 37 ngarsprioc agus 30 sprioc.

57 Agus anailís á déanamh ar na garspriocanna agus na spriocanna críochnaitheacha inár sampla, thugamar faoi deara nach raibh siad leormhaith i gcás 30 % de na bearta chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach sásúil aschuir na mbeart sin (i.e. ní chumhdaíonn siad cur i gcrích an bhirt nó níl siad uailmhianach go leor). B'ámhlaidh an cás le haghaidh na mBallstát uile inár sampla, seachas Lucsamburg. Inár sampla, fuaireamar amach go raibh na garspriocanna agus na spriocanna críochnaitheacha do cheithre cinn de na cúig bheart don Fhrainc agus do dhá cheann as na sé bheart don Danmhairg mí-oiriúnach (féach [Tábla 4](#)).

Tábla 4 – Forléargas ar easnaimh a dhéanann difear do gharspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha

Ballstát	Bearta a ndearnadh iniúchóireacht orthu	Méid bearta le garspriocanna/ spriocanna críochnaitheacha laga	Cineálacha easnaimh i ngarspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha		
			Céim idirmheánach	Ní chumhdaítear gach gníomhaíocht	Níl sé uailmhianach a dhóthain
An Danmhairg	6	2	1	1	1
An Fhrainc	5	4	2	3	3
An Iodáil	6	1	1	1	0
Lucsamburg	5	0	0	0	0
An Rómáin	5	1	1	1	0
Iomlán	27	8	5	6	4

30 % de bhearta sa sampla

Foinse: CIE

58 Go sonrach, fuairéamar i gcás ceithre cinn de na 11 bheart a sampláladh ó PTAnna na Danmhairge agus na Fraince, nach raibh na garspriocanna agus na spriocanna críochnaitheacha uailmhianach go leor (féach [Bosca 4](#)).

Bosca 4

Samplaí de spriocanna nach bhfuil uaillmhianach go leor

An Danmhairg: Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte

Áirítear leis an mbeart tionscadal teilileighis chun físchomhdhálacha le cleachtóirí ginearálta a leathnú chuig mionlach de na hothair nach bhfuil in ann nó nach bhfuil i dteideal an tseirbhís teileachomhairliúcháin atá ann cheana a úsáid, atá ar fáil cheana féin do gach saoránach ó Eanáir 2019. Bhí aip Android forbartha cheana féin agus curtha ar fáil d'úsáideoirí faoi Bhealtaine 2020. Ba é an sprioc don bheart seo an aip don ardán iOS a oiriúnú faoin Nollaig 2021.

Fuaireamar amach, áfach, go raibh leagan iOS den aip ar fáil cheana féin i Márta 2021. Léiríonn sé sin go raibh an sprioc chomhaontaithe bainte amach ag an mBallstát ceithre mhí sular formheasadh an PTA agus fiú sular chuir an Danmhairg a PTA faoi bhráid an Choimisiúin.

Níor ardaigh an Coimisiún an tsaincheist sin ina mheasúnú ar phlean na Danmhairge toisc gur thosaigh an beart i ndiaidh Fheabhra 2020.

An Fhrainc: Straitéis téarnaimh T&F (an Ghníomhaireacht Náisiúnta Taighde)

Bhí sé d'aidhm ag an mbeart sin an cistiú a mhéadú atá ar fáil do ghlaonna taighde (lena n-áirítear teicneolaíocht dhigiteach) tríd an ngníomhaireacht náisiúnta taighde, agus ar an gcaoi sin ráta ratha foriomlán na rannpháirtithe a bhí sna glaonna sin a mhéadú. Méadaíodh buiséad 2021 faoi €286 mhilliún, agus faoi €142 mhilliún in 2022. Ba é an sprioc a bhí leis an mbeart sin an ráta ratha foriomlán do ghlaonna taighde a mhéadú ceithre phointe céatadáin, ó bhonnlíne 2018 de 16 % go dtí 20 % in 2022.

Mar sin féin, nuair a cuireadh an PTA isteach in Aibreán 2021, léirigh na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ó 2019 go raibh ráta ratha 18.6 % ann. Mar thoradh air sin, níor ghá ach méadú 1.4 pointe céatadáin chun an sprioc a bhaint amach.

Fuaireamar amach freisin gurbh é 4.5 pointe céatadáin an méadú iarbhair a baineadh amach, rud a d'fhág go raibh ráta ratha foriomlán 23.1 % ann do rannpháirtithe. Bhí sé sin i gcomhréir leis an sprioc den chuid is mó. Mar sin féin, bunaithe ar shonraí pleanála na gníomhaireachta féin (a thugann le fios gur gnách go mbíonn méadú 1 phointe céatadáin ar an ráta ratha mar thoradh ar €30 milliún go €40 milliún de chistiú), d'fhéadfaí a bheith ag súil le méadú i bhfad níos airde i bhfianaise chistiú RRF, amhail €428 milliún.

59 D’aimsíomar cásanna freisin ina raibh na garspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha neamhleor toisc nár chumhdaigh siad ach céimeanna idirmheánacha an tionscadail iarbhrí, agus ní raibh siad ionadaíoch ar chuspóirí foriomlána an bhirt ná dírithe ach ar chodanna de bheart amháin (féach [Bosca 5](#)).

Bosca 5

Sampla de gharspriocanna agus spriocanna neamhleora

Ní bhaineann garspriocanna agus spriocanna deiridh ach amháin le céimeanna idirmheánach, agus ní léiriú iad ar chríochnú iomlán an bhirt

An Iodáil: Cistiú chun tacú le haistriú digiteach FBManna

Cistíonn an Iodáil tionscadail chun oibríochtaí a dhigiteáil do FBManna trí chiste *Società Italiana per le Imprese all’Estero* (€480 milliún). Meastar an beart a bheith comhlíonta go sásúil, áfach, nuair a bheidh na FBManna a gheobhaidh maoiniú roghnaithe, gan beann ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an tionscadal i gcrích ar deireadh mar a bhí beartaithe.

An Fhrainc: Uasghrádú digiteach ar stáit agus ar chríocha

Is iad seo a leanas cuspóirí CCF an bhirt: (a) timpeallacht oibre digití níos éifeachtúla, níos fearr ó thaobh comhoibrithe de, agus níos soghluaiste a chur ar fáil d’fhostaithe stáit; agus (b) an nuálaíocht dhigiteach a spreagadh agus dlús a chur le claochlú digiteach an stáit.

Tá sé sin le baint amach trí na tionscadail ‘Mála droma digiteach do ghníomhairí poiblí’ agus ‘Nuálaíocht agus claochlú digiteach’, agus 75 % de chistiú RRF leithdháilte ar an dara tionscadal.

Áirítear leis an mbeart sprioc choiteann don dá thionscadal. Leis an sprioc choiteann sin, ceanglaítear ar 200 cuideachta conarthaí a shíniú faoi dheireadh Mhárta 2023 chun oibreacha a dhéanamh agus cuspóirí an bhirt a bhaint amach, nach bhfuil ann ach céim idirmheánach atá riachtanach chun earraí agus seirbhísí a sholáthar ina dhiaidh sin.

Tá sprioc bhreise ag an gcuid ‘Mála droma digiteach do ghníomhairí poiblí’, lena gceanglaítear sciar sonrach de sheirbhísigh phoiblí a fheistiú chun cianobair a dhéanamh. Mar sin féin, níl aon sprioc críochnaitheach ann don chuid ‘Nuálaíocht agus claochlú digiteach’, a ionsúnn trí cheathrú den bhuiséad don bheart seo. Cé gur baineadh amach a sprioc idirmheánach, tá an obair chun na gníomhaíochtaí uile a chur i gcrích fós ar siúl.

Garspriocanna agus spriocanna nach gcumhdaíonn ach codanna de bheart

An Danmhairg: Straitéis dhigiteach

Is é cuspóir an bhirt ná straitéis dhigiteach nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Faoin straitéis sin, chuirfeadh RRF tacaíocht airgeadais €67 milliún ar fáil do 10 dtionscnamh shonracha.

Fuaireamar amach, áfach, nach raibh aon gharspriocanna ná spriocanna bainteach le dhá cheann de na 10 dtionscnamh a fhaigheann cistiú RRF. Cé go n-aithnímid go bhféadfadh sé nach raibh eolas mionsonraithe ar gach tionscnamh nuair a bhí an PTA á dhréachtú, ba cheart gach cineál infheistíochta a bhfuil cistiú RRF beartaithe ina leith a chumhdach le garspriocanna agus spriocanna. Murab ionann agus cásanna eile, áfach, níor cuireadh aon gharsprioc nó sprioc bhreise leis sin chun an dá thionscnamh a bhí fágtha a chlúdach nuair a rinneadh leasú ar PTA na Danmhairge i Samhain 2023.

60 Ina theannta sin, shainaithníomar cásanna inar socraíodh na garspriocanna agus spriocanna do bhearta áirithe ar leibhéal a bhí ró-uailmhianach ar dtús. I gcásanna áirithe, laghdaíodh go suntasach na spriocanna nárbh fhéidir a bhaint amach le linn leasuithe ar an PTA, ach i gcásanna eile, níor cuireadh i bhfeidhm iad (féach [Bosca 6](#)).

Bosca 6

Samplaí de garspriocanna agus spriocanna ró-uaimhianacha

An Iodáil: Naisc idirlín thapa (Ultra-leathanbhanda agus 5G):

Laghdaíodh an sprioc d'aonaid chónaithe a soláthraíodh le nascacht 1 Gbps ó 8.5 milliún go 7 milliún (laghdú 18 %) in RRF athbhreithnithe na hIodáile a formheasadh i Nollaig 2023. Mhaígh na húdaráis náisiúnta gur léir, le linn an chur chun feidhme, go raibh líon iarbhair na n-aonad ar féidir iad a nascadh níos ísle ná mar a measadh ar dtús.

An Rómáin: Ceardlanna cleachtais a fheistiú i scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna:

Chuir an Rómáin feistiú ar fáil do 741 cheardlann cleachtais. Ba é an sprioc bhunaidh ná gach ceann de na 909 gceardlann cleachtais a bhí ar fáil sa tír in 2021 a fheistiú. Mar sin féin, nuair a bhí plean tosaigh á bhunú ag na húdaráis náisiúnta, níor chuir siad san áireamh an laghdú a bhí ar mhéid na scoileanna, ná gur roghnaigh cuid de na scoileanna sin cistí ó Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (PPPanna) a úsáid ina ionad sin.

Níor leasaíodh an sprioc in PTA athbhreithnithe na Rómáine a formheasadh i Nollaig 2023.

61 I dtuarascáil roimhe seo, fuaireamar gur próiseas casta a bhí i measúnú an Choimisiúin agus go raibh srianta ama tábhachtacha ann. Cé gur chuir measúnú an Choimisiúin feabhas ar cháilíocht na ngarspriocanna agus na spriocanna, tá saincheisteanna tábhachtacha fós ann nár tugadh aghaidh orthu³⁹. Maidir leis na bearta digiteacha inár sampla, agus i dtaca le measúnú an Choimisiúin ar na PTAnna tosaigh, níor bhraith sé aon cheann de na saincheisteanna a thuairiscíomar sa roinn seo. Léirigh ár n-anailís freisin gur iarr an Coimisiún ó am go chéile garspriocanna nó spriocanna breise a thabhairt isteach le haghaidh bearta digiteacha atá ann cheana agus leasuithe ar na PTAnna á gcaibidliú aige leis na Ballstáit. Rinneadh é sin de ghnáth chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i gcás ina raibh garsprioc nó sprioc chríochnaitheach in easnamh. Ar an iomlán, cuireadh 80 garsprioc nó sprioc nua leis i gcás 85 bheart/fhobheart digiteach bunaidh i 17 mBallstát.

³⁹ Tuarascáil speisialta 21/2022, míreanna 77 go dtí 84 agus 112.

62 Mar sin féin, thugamar faoi deara go ndearnadh cleachtais éagsúla i gcásanna a bhí comhchosúil ar fud na mBallstát. Mar shampla, san Iodáil, cuireadh spriocanna críochnaitheacha isteach maidir le dhá cheann as na trí bheart inár sampla nárbh ann dóibh ar dtús⁴⁰. Ní raibh sin amhlaidh sa Fhrainc, nuair nach raibh aon gharspíoc nó spíoc deiridh ag na trí bearta, ná nár cuireadh aon ní leo ach an oiread.

Níl tomhas maith déanta ar rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach sna Ballstáit

63 Rinneamar measúnú freisin ar éifeachtacht chreat faireacháin feidhmíochta RRF maidir le rannchuidiú chistiú an Aontais leis an aistriú digiteach a thomhas. Go sonrach, scrúdaíomar:

- (a) ar ceapadh comhtháscairí digiteacha RRF chun na cineálacha éagsúla beart digiteach a chumhdach ar bhealach cuimsitheach;
- (b) an bhfuil na táscairí sin ag teacht le táscairí DESI agus an gcuireann siad sonraí leordhóthanacha ar fáil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí;
- (c) an bhfuil faisnéis fhiúntach le baint ó chur chun feidhme comhtháscairí RRF digití d’fhonn dul chun cinn a thuairisciú, agus d’fhonn faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach.

⁴⁰ IT-C[M4C2]-I[11.4.] ‘Struchtúir thaighde a neartú agus tacú le cruthú ‘ceannairí náisiúnta T&F’ maidir le roinnt Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin’ agus IT-C[M4C2]-I [13.1] ‘Ciste chun córas comhtháite bonneagar taighde agus nuálaíochta a thógáil’.

Tá na ceithre chomhtháscaire dhigiteacha RRF róleathan agus níl siad ag teacht go maith le cuspóirí bheartas digiteach an Aontais

64 Mar a leagtar amach i Rialachán RRF, ‘ciallaíonn garspriocanna agus spriocanna bearta maidir le dul chun cinn i dtreo athchóiriú nó infheistíocht a bhaint amach’⁴¹. Sa bhreis air sin, chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach cuspóirí ginearálta agus sonracha⁴², lena n-áirítear rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach, úsáideann an Coimisiún comhtháscairí freisin. Chuir an Rialachán de chúram go sonrach ar an gCoimisiún na comhtháscairí sin a leagan amach, faoi réir chomharliúcháin le Ballstáit agus gan aon agóid ó Pharlaimint na hEorpa ná ón gComhairle⁴³.

65 Leagtar amach 14 chomhtháscaire i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 (‘Rialachán Tarmligthe RRF’)⁴⁴. Bhí sé i gceist go mbeadh na táscairí sin mionsonraithe go leor chun a áirithiú go mbeadh na sonraí a bhailítear ó na Ballstáit inchomparáide agus gur féidir iad a chomhiomlánú⁴⁵. Mar sin féin, níor leagadh síos bunlínte nó spriocanna ionchasacha do na comhtháscairí sin, cé go bhféadfaí measúnú a dhéanamh dá bharr ar an dul chun cinn a rinneadh mar thoradh ar thacaíocht RRF.

66 Mar a léirítear san iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe RRF, baineann ceithre cinn as na 14 chomhtháscaire sin leis an gcolún digiteach (féach [Fíor 12](#)).

Fíor 12 – Comhtháscairí digiteacha RRF

 An claochlú digiteach	CI5 Teaghaisí breise le rochtain idirlín trí líonraí fíor-ardacmhainne
	CI6 Fiontair a dtacaítear leo chun táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus próisis iarratais dhigiteacha a fhorbairt nó a ghlacadh
	CI7 Úsáideoirí seirbhísí, táirgí agus próiseas digiteach poiblí nua agus uasghrádaithe
	CI10 Líon na rannpháirtithe san oideachas nó san oiliúint, lena n-áirítear rannpháirtithe in oiliúint scileanna digiteacha

Foinse: CIE, bunaithe ar [Rialachán Tairmligthe RRF](#).

⁴¹ Airteagal 2(4) de [Rialachán RRF](#).

⁴² Ibid., Airteagal 29.4(a).

⁴³ Ibid.

⁴⁴ Iarscríbhinn a ghabhann le [Rialachán Tarmligthe RRF](#).

⁴⁵ Ibid, Aithris (8).

67 Léirigh ár n-anailís nach léirítear táscairí digiteacha coiteanna na táscairí DESI atá ann cheana, a fhónann d’fhonn an dul chun cinn i dtreo an aistrithe dhigitigh a thomhas. Ní féidir ach dhá cheann de na ceithre tháscaire dhigiteacha a nascadh go díreach le ceann amháin de na 33 tháscaire DESI: CI5, a chomhfhreagraíonn do tháscaire DESI ‘cumhdach 2b2 Líonra Fíor-Ardacmhainneachta Seasta’ laistigh de ghné 2 de DESI Nascacht, agus CI7, a chomhfhreagraíonn do tháscaire DESI ‘4a1 úsáideoirí r-Rialtais’ laistigh de ghné 4 DESI ‘Seirbhísí poiblí digiteacha’ (féach [Tábla 5](#)).

Tábla 5 – Comhfhreagras lag idir táscairí DESI agus comhtháscairí RRF

Gné DESI	Foghné DESI	Táscaire DESI	Comhtháscaire STA
1 Caipiteal daonna	1a Scileanna úsáideoirí idirlín	1a1 Bunscoilanna digiteacha ar a laghad	CI 10 Líon na rannpháirtithe san oideachas nó san oiliúint (scileanna digiteacha)
		1a2 Os cionn bunscoilanna digiteacha	
		1a3 Bunscoilanna bogearraí ar a laghad	
	1b Ardscileanna agus forbairt	1b1 speisialaitheoirí TFC	
		1b2 speisialaitheoirí TFC baineann	
		1b3 Fiontair a chuireann oiliúint TFC ar fáil	
		1b4 céimithe TFC	
2 Nascacht	2a Glacadh leathanbhanda seasta	2a1 Glacadh foriomlán leathanbhanda seasta	CI 5 Teaghaisí breise le rochtain idirlín trí líonraí fíor-ardacmhainne
		2a2 Glacadh leathanbhanda seasta 100 Mbps ar a laghad	
		2a3 Glacadh 1 Gbps ar a laghad	
	2b Cumhdach leathanbhanda seasta	2b1 Clúdach leathanbhanda tapa (NGA)	
		2b2 Cumhdach an Líonra Fíor-Ardacmhainneachta Seasta (VHCN)	
	2c Leathanbhanda móibileach	2c1 Cumhdach 4G	
		2c2 Ullmhacht 5G	
		2c3 Cumhdach 5G	
		2c4 Glacadh leathanbhanda mhóibíligh	
	2d Praghsanna leathanbhanda	2d1 Innéacs praghsanna leathanbhanda	
3 Teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú	3a Déine dhigiteach	3a1 FBManna ag a bhfuil bunleibhéal déine digití ar a laghad	CI 6 Fiontair a dtacaítear leo chun táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus próisis dhigiteacha a fhorbairt nó a ghlacadh
		3b1 Comhroinnt faisnéise leictreonaí	
	3b Teicneolaíochtaí digiteacha do ghnóilachtaí	3b2 Na meáin shóisialta	
		3b3 Mórshonraí	
		3b4 Néalríomhaireacht	
		3b5 Intleacht Shaorga	
		3b6 TFC le haghaidh inbhuaine comhshaoil	
		3b7 Ríomhshonraisc	
	3c Ríomhthráchtáil	3c1 FBManna a dhíolann ar líne	
		3c2 Láimhdeachas ríomhthráchtála	
		3c3 Díol trasteorann ar líne	
4 Seirbhís saoránachta dhigiteach	4a r-Rialtas	4a1 Úsáideoirí r-Rialtais	CI 7 Úsáideoirí seirbhísí, táirgí agus próiseas digiteach poiblí nua agus uasghrádaithe
		4a2 Foirmeacha réamhlíonta	
		4a3 Seirbhísí poiblí digiteacha do shaoránaigh	
		4a4 Seirbhísí poiblí digiteacha do ghnóilachtaí	
		4a5 Sonraí oscailte	

Foinse: CIE.

68 Baineann an dá chomhtháscaire dhigiteacha eile (CI10 agus CI6) le gnéithe DESI 1 Caipiteal Daonna agus DESI 3 Comhtháthú na teicneolaíochta digití, ach níl nasc díreach acu le táscairí sonracha DESI. Ós rud é go bhfuil DESI ailínithe le Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, laghdaíonn an easpa naisc dhírigh idir comhtháscairí digiteacha RRF agus táscairí sonracha DESI a mhéid ar féidir le comhtháscairí digiteacha RRF an dul chun cinn i dtreo an aistrithe dhigitigh fhoriomláin a thomhas go cuimsitheach agus go díreach.

69 I dtuarascáil roimhe seo, thugamar ar aire nach soláthraíonn na comhtháscairí ach cumhdach teoranta ar shé cholún RRF, nach bhfuil táscairí ag colúin áirithe le haghaidh réimsí beartais sonracha (réimsí idirghabhála), agus i gcásanna áirithe, go sainítear na táscairí ar bhealach róleathan⁴⁶. Is amhlaidh an scéal don cholún digiteach. Go háirithe, fuaireamar gur féidir roinnt réimsí idirghabhála digití a chumhdach le comhtháscaire digiteach aonair, nach bhfuil ag teacht le rún Rialachán Tarmlichte RRF lena n-éilítear mionsonraí leordhóthanacha sna táscairí sin⁴⁷. Mar shampla, cumhdaítear trí réimse idirghabhála leis an gcomhtháscaire CI6 ('Fiontair a dtacaítear leo chun táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus próisis iarratais dhigiteacha a fhorbairt nó a ghlacadh'), lena gcuimsítear suas le 17 gcineál idirghabhála éagsúla. Laghdaítear leis an raon feidhme leathan sin an cumas léargais fhiúntacha a fháil agus sonraí á gcomhiomlánú (féach freisin [Bosca 7](#)).

Bosca 7

Samplaí den chúis go bhfuil CI6 – 'Fiontair a dtacaítear leo chun táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus próisis iarratais dhigiteacha a fhorbairt nó a ghlacadh' róleathan

Inár sampla, fuaireamar beart a leithdháileann €500 milliún ar na mílte FBManna. Sa chás sin, thuairiscigh an Ballstát (an Iodáil) go bhfuair 4 000 fiontar tacaíocht faoi CI6.

Ag an am céanna, baineadh úsáid as an táscaire céanna sin le haghaidh bearta i réimsí amhail leathsheoltóirí, a raibh €400 milliún de mhaoiniú i gceist leo do roinnt fiontar amháin. Anseo, thuairiscigh an Ballstát (an Rómáin) go bhfuair níos lú ná 10 bhfiontar tacaíocht faoi CI6.

Ní bhaintear torthaí fóinteacha amach trí shonraí ilchineálacha den sórt sin a chomhiomlánú faoi chomhtháscaire aonair.

⁴⁶ Tuarascáil speisialta [26/2023](#), míreanna 39, 41-42 agus 96.

⁴⁷ Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2106 ón gCoimisiún, aithris 8.

70 Tá dúshláin ag baint le comhtháscaire C17 ('Úsáideoirí seirbhísí, táirgí agus próisis digiteacha poiblí nua agus uasghrádaithe') freisin agus is gá léirmhíniú cúramach a dhéanamh air. Déanann an táscaire seo duine aonair a chomhaireamh arís agus arís eile, ag brath ar cé mhéad seirbhís, táirge nó próiseas digiteach a úsáideann siad. Cibé acu a úsáideann duine aonair 10 seirbhís phoiblí dhigiteacha éagsúla, nó a úsáideann 10 nduine seirbhís den chineál sin amháin, fanann an figiúr mar an gcéanna. Inár sampla, d'aimsíomar cásanna inar tháirg an táscaire sin figiúirí an-mhór, agus uaireanta, bhí níos mó ná daonra iomlán Ballstáit tuairiscithe fiú. Laghdaíonn sé seo a iontaofacht.

71 Fuaireamar amach freisin nach bhfuil roinnt réimsí idirghabhála cumhdaithe ag aon chomhtháscaire digiteach ar chor ar bith. Mar shampla, níl aon táscaire ann don réimse idirghabhála 'Infheistíochtaí digiteacha in T&F' le haghaidh gníomhaíochtaí nach ndéanann fiontair.

72 Tagraíonn Rialachán Tarmligthe RRF don ghá ata le comhtháscairí a bheith chomh comhsheasmhach agus is féidir leis na táscairí a úsáidtear le haghaidh cistí eile de chuid an Aontais⁴⁸. Inár n-anailís fuarthas amach, áfach, cé go bhfuil cuspóirí comhchosúla ag comhtháscairí digiteacha RRF leo siúd a úsáidtear sa Bheartas Comhtháthaithe, go bhfuil difríochtaí suntasacha ann maidir lena ndearadh agus lena gcumhdach. Go háirithe, níl comhtháscairí digiteacha RRF chomh cuimsitheach ná chomh sonrach céanna leis na táscairí a cheanglaítear leis an Rialachán faoin mBeartas Comhtháthaithe⁴⁹ (féach *Tábla 6*).

⁴⁸ Aithris (9) de [Rialachán RRF](#).

⁴⁹ Rialachán AE [2021/1058](#), larscríbhinn II.

Tábla 6 – Comparáid idir comhtháscairí digiteacha RRF agus rogha táscairí feidhmíochta ó chroíthacar an Bheartais Chomhtháthaithe

Réimse idirghabhála PTA	Comhtháscairí <i>digiteacha</i> STA (CT)	Táscairí <i>digiteacha</i> CFRE a ghabhann le Rialachán 2021/1058
Nascacht	CI 5 Teaghaisí breise le rochtain idirlín trí líonraí fíor-ardacmhainne	~ CCO 13 – Teaghaisí agus fiontair bhreise ag a bhfuil rochtain leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta CCR 12 – Líon na dteaghaisí agus na bhfiontar breise a bhfuil síntiús acu le líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta
Infheistíocht in acmhainní digiteacha agus ardteicneolaíochtaí a chur chun feidhme + Digiteáil gnólachtaí	CI 6 Fiontair a dtacaítear leo chun táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus próisis dhigiteacha a fhorbairt nó a ghlacadh	~ CCO 3 – Fiontair agus institiúidí poiblí dá dtugtar tacaíocht chun táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus próisis dhigiteacha a fhorbairt
Seirbhís saoránachta dhigiteach	CI 7 Úsáideoirí seirbhísí, táirgí agus próiseas digiteach poiblí nua agus uasghrádaithe	~ CCR 2 – Úsáideoirí bliantúla táirgí, seirbhísí agus próisis dhigiteacha nua nó uasghrádaithe
Caipiteal daonna	CI 10 Líon na rannpháirtithe san oideachas nó san oiliúint	CCO 5 – FBManna a infheistíonn i scileanna don speisialú cliste, don aistriú tionsclaíoch agus don fhiontraíocht CCR 4 – Foireann FBManna atá in iomaíocht le haghaidh scileanna don speisialú cliste, don aistriú tionsclaíoch agus don fhiontraíocht
Infheistíocht in T&F a bhaineann le digiteáil	TC 8* Taighdeoirí atá ag obair i saoráidí taighde dá dtugtar tacaíocht *Táscaire coiteann neamhdhigiteach	CCO (1) 1 – Fiontair dá dtugtar tacaíocht chun nuáil a dhéanamh = CCO 2 – Taighdeoirí atá ag obair i saoráidí taighde dá dtugtar tacaíocht CCR (2) 1 – Fiontair bheaga agus mheánmhéide (3) (FBManna) a bhfuil nuálaíocht táirgí, nuálaíocht próiseas, nuálaíocht margaíochta nó nuálaíocht eagraíochtúil á dtabhairt isteach acu

Foinse: CIE, bunaithe ar [Rialachán Tarmiligthe RRF](#) agus Rialachán CFRE 2021/1058.

73 Déantar idirdhealú i gcreat dlíthiúil an bheartais chomhtháthaithe idir príomhtháscairí aschuir (CCO) agus príomhtháscairí toraidh (CCR), ach níl aon idirdhealú den sórt sin ann le haghaidh comhtháscairí RRF, a dhíríonn den chuid is mó ar aschuir, mar a thuairiscíomar freisin in TS 26/2023⁵⁰. Mar shampla, chun dul chun cinn ar nascacht a thomhas, cumhdaíonn táscaire an bheartais chomhtháthaithe teaghaisí agus fiontair araon, agus ní chumhdaítear le comhtháscaire RRF (CI5) comhfhreagrach ach teaghaisí. Ina theannta sin, le táscairí an bheartais chomhtháthaithe, tomhaistear infhaighteacht na nascachta leathanbhanda (aschur) agus a glacadh iarbhír (torthaí), cé nach léirítear le comhtháscaire RRF ach infhaighteacht amháin.

⁵⁰ Tuarascáil speisialta 26/2023, mír 48.

Baineann tuairisciú neamhréireach agus míchruinn ó na Ballstáit an bonn de luach chomhtháscairí digiteacha RRF

74 Baintear an bonn d'fhaireachán feidhmíochta an Choimisiúin freisin mar gheall ar easnaimh sa chaoi a dtuairiscíonn na Ballstáit sonraí le haghaidh chomhtháscairí digiteacha RRF. I 13 cinn de na 21 infheistíocht inár sampla, fuaireamar cásanna nár bhain na húdaráis úsáid as an gcomhtháscaire iomchuí nó nár thuairiscigh siad sonraí fiúntacha (féach [Bosca 8](#)).

Bosca 8

Samplaí de laigí i dtuairisciú na mBallstát ar chomhtháscairí

Leithdháil an **Danmhairg** agus an **Iodáil** sciarta suntasacha dá gcistí digiteacha (76 % nó €291 mhilliún, agus 23 % nó €11 bhilliún, faoi seach) ar chreidmheasanna cánach le haghaidh gnólachtaí a infheistíonn i sócmhainní digiteacha. Mar sin féin, níor thuairiscigh ceachtar de na Ballstáit sonraí atá ábhartha do na bearta sin faoi **CI6** ('Fiontair dá dtugtar tacaíocht chun táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus próisis iarratais dhigiteacha a fhorbairt nó a ghlacadh'), agus roghnaigh **CI9** ('Fiontair dá dtugtar tacaíocht') ina ionad sin, rud nach comhtháscaire digiteach é.

Thuairiscigh an **Fhrainc** i gcás **CI5** ('Teaghaisí breise a bhfuil rochtain idirlín acu arna soláthar trí líonraí fíor-ardacmhainneachta') go bhfuair 8 022 954 dteaghaisí breise i limistéir ina dteipeann ar an margadh (*Réseaux d'initiative publique*, nó RIP) rochtain ar leathanbhanda go dtí deireadh 2022. Mar sin féin, tá difríocht idir líon iomlán na dteaghaisí atá dearbhaithe ag an mBallstát chun na spriocanna a chomhlíonadh tar éis an beart a chríochnú (5 283 472), agus an líon sin a tuairiscíodh don chomhtháscaire faoin mbeart céanna (8 022 954).

75 Ina mheastóireacht mheántéarmach, sainaithníonn an Coimisiún féin roinnt laigí a dhéanann difear do dhearadh agus d'úsáid comhtháscairí⁵¹. Go háirithe, tugann sé ar aire nach gcumhdaítear go hiomlán le comhtháscairí RRF na hinfheistíochtaí uile sna PTAnna, agus go bhfágann na modheolaíochtaí a úsáidtear chun sonraí a bhailiú go mbíonn sé deacair uaireanta an dul chun cinn a shannadh go soiléir do chuspóirí RRF.

⁵¹ SWD (2024) 70, cuid 4.1.2.A, leathanaigh 36-37 agus 4.2.1, leathanach 58, cuid 5.2.3, leathanach 83.

Conclúidí agus moltaí

76 Ar an iomlán, maidir le rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach, táimid tagtha ar an gconclúid gur cailleadh an deis déileáil le príomhriachtanais dhigiteacha na mBallstát ar bhealach éifeachtach. I dtaca leis an modheolaíocht clibeála digití a chinn na comhreachtóirí, chuir na Ballstáit agus an Coimisiún i bhfeidhm i gceart í, agus chomhlíon nó sháraigh fiú na Ballstáit uile an tairseach 20 %. Mar sin féin, níor ceanglaíodh leis an gcreat dlíthiúil ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'íarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na príomhriachtanais dhigiteacha a sainaithníodh níos túsce. Dá bhrí sin, thug Ballstáit áirithe codanna beaga dá gcistiú RRF do ranna airgeadais nach raibh ag déanamh chomh maith sin, rud a laghdaigh éifeachtacht RRF le rannchuidiú go héifeachtach leis an aistriú digiteach dá bharr. Níl na táscairí feidhmíochta ná an creat feidhmíochta a úsáideadh chun dul chun cinn a rianú ag teacht sách maith leis na nithe céanna i straitéis dhigiteach an Aontais atá ann cheana, rud a chuireann srian orthu le tomhas a dhéanamh ar rannchuidiú iarbhir na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sin leis an aistriú digiteach. Mar thoradh air sin, ní bheifear in ann a mhéid a bheadh RRF in ann a dhéanamh mar spreagthóir mórathraitheach d'aistriú digiteach an Aontais a bhaint amach go hiomlán.

77 Níor sainíodh go soiléir i Rialachán RRF céard is brí leis an aistriú digiteach. Cuireann sé sin bac ar thuiscint shoiléir ar an gcaoi a gcuireann na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTAnna) náisiúnta leis an aistriú digiteach sna Ballstáit. Agus a gcuid PTAnna náisiúnta á n-ullmhú acu, ceanglaíodh ar na Ballstáit bearta a mholadh lena dtugtar aghaidh ar iomlán a gcuid MTSanna, nó ar chuid shuntasach díobh. Mar sin féin, ní dúshlán ar leith é aghaidh a thabhairt ar na MTSanna digiteacha mar gheall ar a gcineál leathan agus ginearálta. Thairis sin, bhí spriocanna digiteacha 2030 an Aontais ar fáil ródhéanach chun iad a chomhtháthú go córasach i gcaibidlíocht agus i nglacadh na PTAnna náisiúnta. Go sonrach, níor ghlac an Coimisiún a Chompás Digiteach ina sonraítear spriocanna digiteacha neamhcheangailteacha go dtí Márta 2021. Ag an am sin, bhí dul chun cinn déanta ag na Ballstáit cheana féin maidir lena PTAnna a dhréachtú. In Eanáir 2023, tugadh na spriocanna sin cothrom le dáta le Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (míreanna [19](#) go [25](#)).

78 Is uirlis chuimsitheach é an tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach ('DESI') atá ar fáil ó 2014 i leith chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn digiteach na mBallstát agus chun réimsí a shainaithint a dteastaíonn gníomhaíocht tosaíochta ina leith chun an t-aistriú digiteach a bhaint amach. Mar sin féin, níor ceanglaíodh le Rialachán RRF ar na Ballstáit infheistíochtaí a dhíriú i réimsí inar shainaithin DESI bearnaí ná údar a thabhairt gan é sin a dhéanamh. Measaimid gur deis chaillte é sin chun cistiú RRF a dhíriú ar bhearta a bhfuil an acmhainneacht is mó acu rannchuidiú leis an aistriú digiteach (míreanna [26](#) go [32](#)).

Moladh 1 – A áirithiú go n-éilítear leis an togra reachtach maidir le scéimeanna cistiúcháin de chuid an Aontais a bhfuil cuspóirí digiteacha acu go dtabharfar aghaidh ar na príomhriachtanais dhigiteacha

Agus reachtaíocht á moladh aige le haghaidh ionstraimí amach anseo a bhfuil cuspóirí digiteacha acu (ach gan dochar dá cheart do thionscnamh reachtach), ba cheart don Choimisiún leithdháileadh cistiúcháin a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, amhail trí nasc soiléir a éileamh le straitéis an Aontais maidir leis an aistriú digiteach agus trí thosaíocht a thabhairt do chistiú na riachtanas digiteach a sainaithníodh níos túisce.

Spriocdháta don chur chun feidhme: nuair atá ionstraimí amach anseo á moladh a bhfuil cuspóirí digiteacha acu

79 Rinne formhór na mBallstát bearta digiteacha a ionchorprú le tionscadail ilnáisiúnta ina PTAnna náisiúnta, mar a mhol an Coimisiún. Ar an iomlán, shainaithníomar 60 beart den sórt sin, arb ionann iad agus thart ar 3.3 % de chistiú iomlán RRF do bhearta digiteacha. Is minic a bhíonn infheistíochtaí digiteacha fadtéarmacha i gceist leis na tionscadail ilnáisiúnta sin a chuireann feabhas suntasach ar aistriú digiteach Ballstáit. Mar sin féin, tá dúshlán bhreise maidir le cur chun feidhme ag baint lena gcastacht agus lena gcineál il-chomhpháirtí. Mar gheall ar nádúr RRF – ionstraim ghéarchéime agus téarnaimh atá sách gearrthéarmach – tá sé níos deacra tionscadail ilnáisiúnta chasta agus fhadtéarmacha a chistiú (míreanna [33-35](#)).

80 Léiríonn ár n-anailís ar shampla de bearta go bhfuil moilleanna ar chur chun feidhme níos forleithne ná mar a léirítear i dtuairisciú an Choimisiúin. Faoi thús 2024, thuairiscigh na Ballstáit go raibh 31 % de na garspriocanna agus spriocanna digiteacha curtha chun feidhme acu, figiúir atá sé phointe céatadáin faoi bhun an amlíne táscaigh tosaigh a leagadh síos i gcinntí cur chun feidhme ón gComhairle. Faoi dheireadh 2023, bhí na dátaí críochnaithe curtha siar cheana féin le haghaidh 12 % de na bearta digiteacha mar thoradh ar na leasuithe ar na PTAnna náisiúnta. Ina theannta sin, léiríonn ár n-anailís mhionsonraithe le haghaidh sampla de bhearta digiteacha go raibh os cionn a leath taobh thiar den sceideal. Tugann sé sin le fios gur dócha go mbeidh tuilleadh moilleanna ann, agus go bhféadfaí gannmheastachán a dhéanamh fós ar na dátaí críochnaithe athbhreithnithe sna PTAnna leasaithe. I dtuarascáil roimhe seo, mholamar gur cheart don Choimisiún na bearta is mó atá i mbaol nach dtabharfaí chun críche iad faoin 31 Lúnasa 2026 a shainaithint, obair leantach chórasach a dhéanamh ar na bearta sin, agus teacht ar chomhaontú maidir le gníomhaíochtaí chun na moilleanna a shárú: rud a mhaolódh an riosca go ndéanfaí bearta neamhchríochnaithe a chistiú (míreanna [38-45](#)).

81 I gcás trí cinn de na 27 mbeart inár sampla, fuaireamar go raibh na costais mheasta a áiríodh ina PTA tosaigh i bhfad níos mó ná na costais iarbhír chun na bearta a chur i gcrích. Mar sin féin, níor laghdaigh ach ceann amháin de na trí Bhallstát sin lena mbaineann na costais mheasta agus a PTA á leasú aige. I gcás an Bhallstáit seo, a bhfuil a leithdháileadh tosaigh caiteachais dhigitigh an-ghar don tairseach 20 %, d'fhéadfadh riosca a bheith i gceist leis sin go dtitfeadh na costais iarbhír a leithdháiltear ar chúrsaí digiteacha faoi bhun an fhigiúir 20 % sin (míreanna [46-47](#)).

82 Maidir leis na bearta digiteacha inár sampla a dearbhaíodh a bheith curtha i gcrích ag na Ballstáit, fuaireamar gur bhain an tromlach amach na haschuir a rabhtas ag súil leo trí na gníomhaíochtaí uile a dhéanamh mar a comhaontaíodh sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle (CCFanna). Mar sin féin, bhíomar in ann measúnú a dhéanamh ach ar thorthaí naoi gcinn as na 15 beart a dhearbhaigh na Ballstáit inár sampla a bheith iomlán. I gcás an sé bhearta a bhí fágtha, ní raibh na Ballstáit in ann fianaise a chur ar fáil faoi na torthaí a baineadh amach i gcomhréir le príomhchuspóir an bhirt, nó ní raibh na gníomhaíochtaí go léir curtha i gcrích. Ina theannta sin, níl torthaí ach ó shé beart ag rannchuidiú le táscaire digiteach RRF agus níl comhfhreagras díreach ann le táscaire DESI ach i gcás trí cinn díobh sin. Fuaireamar go raibh laigí i mbeagnach aon trian de na garspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha inár sampla (e.g. gan gach cineál gníomhaíochta a bhfuil tuairisc orthu sa bheart a chumhdach, gan ghá leis na gníomhaíochtaí a chur i gcrích nó gan uaimhian leordhóthanach a bheith ann). I gcásanna den sórt sin, féadfar cistiú RRF a eisíoc ina iomláine le haghaidh garspriocanna agus spriocanna a dhéanann éachtaí páirteacha nó idirmheánacha a thomhas (míreanna [48-62](#)).

Moladh 2 – A áirithiú go mbeidh na garspriocanna agus na spriocanna críochnaitheacha uailmhianach go leor agus go ráthófar cur i gcrích iomlán na mbeart

D'fhonn cuntasacht agus éifeachtacht a fheabhsú agus chun an riosca a bhaineann le cistiú bearta neamhchríochnaithe a mhaolú, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcumhdaíonn na garspriocanna agus spriocanna críochnaitheacha do bhearta a raon feidhme iomlán, go n-éilítear leo tionscadail bhunúsacha a thabhairt chun críche, agus go soláthraítear leibhéal leormhaith uailmhéine leo.

Spriocdháta don chur chun feidhme: Le haghaidh leasuithe amach anseo ar PTAnna nó nuair a bheidh ionstraimí amach anseo á moladh le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais

83 Níl creat feidhmíochta RRF oiriúnach a dhóthain chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchair chistiú an Aontais ó thaobh spriocanna bheartas digiteach an Aontais a bhaint amach, nó chun rannchuidiú na mbeart leis an aistriú digiteach a rianú. Níl sé i gceist ach le ceithre cinn de na 14 chomhtháscaire faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar rannchuidiú RRF leis an aistriú digiteach agus feidhmiú mar phríomhghnéithe i meastóireacht chríochnaitheach RRF. Sa bhreis air sin, bunlínte nó spriocanna ionchasacha do na comhtháscairí sin, níor leagadh síos ceachtar acu, cé go bhféadfaí measúnú a dhéanamh dá bharr ar an dul chun cinn a rinneadh mar thoradh ar thacaíocht RRF. Léiríonn ár n-anailís go ndíríonn na táscairí sin ar aschuir den chuid is mó agus nach bhfuil siad ailínithe a ndóthain le cuspóirí beartais ábhartha, amhail na cuspóirí sin i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach bunaithe ar DESI. I gcodarsnacht leis sin, déantar idirdhealú idir aschuir agus torthaí sna táscairí digiteacha a úsáidtear i gcreat an bheartais chomhtháthaithe. I 13 de na 21 infheistíocht inár sampla, fuaireamar cásanna nár bhain na húdaráis úsáid as an gcomhtháscaire iomchuí nó nár thuairiscigh siad sonraí fiúntacha. Baintear an bonn de luach na gcomhtháscairí digiteacha mar gheall ar na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit nach bhfuil comhsheasmhach ná cruinn, rud a imríonn tionchar ar chruinneas na bhfigiúirí arna dtuairisciú ag an gCoimisiún ina Scórchlár agus ina mheastóireacht mheántéarma (míreanna [63-75](#)).

Moladh 3 – Creat feidhmíochta leormhaith a fhorbairt atá ag teacht le cuspóirí bheartas digiteach an Aontais

D'fhoneamh measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchair chistiú an Aontais ó thaobh spriocanna bheartas digiteach an Aontais a bhaint amach, agus chun rannchuidiú na mbeart leis an aistriú digiteach a rianú, ba cheart don Choimisiún a áirithiú:

- (a) go bhfuil na táscairí mionsonraithe, soiléir agus nasctha go leordhóthanach le cuspóirí beartais ábhartha;
- (b) go mbaineann na Ballstáit úsáid as an gcomhtháscaire digiteach ceart agus go dtuairiscíonn siad sonraí a chomhlíonann ardchaighdeán cháilíochta.

Spriocdháta don chur chun feidhme: (a) sa chás go leasaítear Rialachán Tarmligthe RRF, nó go moltar ionstraimí amach anseo ag a bhfuil cuspóirí digiteacha; (b) i gcomhair gach babhta tuairiscithe ar na comhtháscairí, ag tosú ó Lúnasa 2025.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an tuarascáil seo ag an gcruinniú a bhí aici i Lucsamburg an 06 Márta 2025.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
An tUachtarán

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Cistiú ón Aontas le haghaidh cúrsaí digiteacha sa tréimhse 2021-2027

Clár ⁵²	Buiséad (€ billiún)	Buiséad digiteach (€ billiún)	Príomhréimsí
An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta	650	150	Athchóirithe agus infheistíochtaí atá nasctha le gnéithe DESI: nascacht, infheistíocht dhigiteach in T&F, caipiteal daonna, ríomhsheirbhísí rialtais, seirbhísí poiblí digiteacha agus éiceachórais dhigiteacha áitiúla, digiteáil gnólachtaí, infheistíocht in acmhainní digiteacha agus imscaradh ardteicneolaíochtaí; agus an earnáil dhigiteach a ghlású
Cistí an bheartais comhtháthaithe	357.5	~40	An t-aistriú digiteach – cuid den chuspóir beartais ‘Eoraip níos cliste’ – a chistítear le CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, Interreg agus an Ciste um Aistriú Cóir idir 2021-2027. Cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil do na nithe seo a leanas: – T&F a fheabhsú – fás agus iomaíochas FBManna – leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le digiteáil – nascacht dhigiteach – eangacha cliste fuinnimh, córais iompair agus sláinte (r-shláinte) – scileanna don speisialtóireacht chliste agus don aistriú cliste
Fís Eorpach	95.5	~33.43	Taighde agus forbairt sna réimsí seo a leanas: – an intleacht shaorga agus an róbataic – idirlíon don chéad ghlúin eile – ríomhaireacht ardfeidhmíochta – mórshonraí – eochairtheicneolaíochtaí digiteacha – 6G
An Clár don Eoraip Dhigiteach	7.6	7.6	Tacaíocht airgeadais do thionscadail sna príomhréimsí seo a leanas: – sár-ríomhaireacht agus próiseáil sonraí – croí-acmhainneachtaí IS – cibearshláid – scileanna digiteacha – digiteáil gnólachtaí agus riarachán poiblí

⁵² Féach an leathanach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin dar teideal ‘Cistiú do Dhigiteáil i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027’.

Clár ⁵²	Buiséad (€ billiún)	Buiséad digiteach (€ billiún)	Príomhréimsí
InvestEU	10.28	≥1.03	Tacaíocht airgeadais le haghaidh digiteáil i ngnólachtaí
An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – Digiteach	2.07	2.07	Ag tacú le hinfheistíochtaí i mbonneagar nascachta digití
EU4Health	5.3	~0.53	Earnáil na sláinte
Cistiú digiteach iomlán AE		~234.66	

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón [gCoimisiún Eorpach](#), lena n-áirítear an [tArdán Sonraí Oscailte maidir le Comhtháthú](#)

Iarscríbhinn II – Cróineolaíocht thionscnaimh an Aontais maidir leis an aistriú digiteach

Bliain	Doiciméad dlíthiúil	Dáta	Tagairt	Teideal
2024	Tuarascáil ar staid na Deacáide Digití (2024)	02/07/2024	COM (2024) 260	Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tuarascáil ar staid na Deacáide Digití 2024
	Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga	13/06/2024	Rialachán (AE) 2024/1689	Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga
2023	Tuarascáil ar staid na Deacáide Digití (2023)	27/09/2023	COM (2023) 570 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tuarascáil ar staid na Deacáide Digití 2023
	An Gníomh Eorpach um Shliseanna	13/09/2023	Rialachán (AE) 2023/1781	Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna)
	Nóta modheolaíochta DESI 2023	27/09/2023	SWD(2023) 574	Tuarascáil ar Dhoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le nóta modheolaíochta DESI 2023
2022	Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach	14/12/2022	Cinneadh (AE) 2022/2481	Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach
	An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha	19/10/2022	Rialachán (AE) 2022/2065	Rialachán AE maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha
	An Gníomh um Margaí Digiteacha	14/09/2022	Rialachán (AE) 2022/1925	Rialachán AE maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach
	An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha	26/01/2022	COM (2022) 28 final	An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha
2021	Céannacht Dhigiteach Eorpach	03/06/2021	COM (2021) 281 final	Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí
	Compás Digiteach AE 2030	09/03/2021	COM (2021) 118 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: ‘Compás Digiteach 2030 – An modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach’
	An Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste	23/02/2021	COM/2021/ 87	Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach

Bliain	Doiciméad dlíthiúil	Dáta	Tagairt	Teideal
2020	Straitéis nua Chibearshlándála an Aontais	16/12/2020	JOIN (2020) 18 final	Teachtaireacht Chomhpháirteach: Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach
	An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha	15/12/2020	COM (2020) 825 final	Togra le haghaidh Rialachán maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE
	An Gníomh um Margaí Digiteacha	15/12/2020	COM (2020) 842 final	Togra le haghaidh Rialachán maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha)
	An Plean Gníomhaíochta Meán agus Closamhairc	03/12/2020	COM (2020) 784 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an Aistriú’
	Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach	03/12/2020	COM/2020/790 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach
	Digiteáil an cheartais	02/12/2020	COM (2020) 710 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Digiteáil an cheartais san Aontas Eorpach: bosca uirlisí de dheiseanna’.
	An Gníomh um Rialachas Sonraí	25/11/2020	COM (2020) 767 final	Togra le haghaidh Rialachán maidir le rialachas sonraí Eorpach (an Gníomh um Rialachas Sonraí)
	Plean gníomhaíochta don oideachas digiteach 2021-2027	30/09/2020	COM (2020) 624 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: ‘Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – An t-oideachas agus an oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach’
	Straitéis Airgeadais Dhigitigh an Aontais	24/09/2020	COM (2020) 591 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: ‘Straitéis Airgeadais Dhigitigh don Aontas Eorpach’
2020	Tuarascáil 2020 ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach	09/09/2020	COM (2020) 493 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: ‘Tuarascáil Réamhamhairc Straitéisigh – An bealach ar aghaidh a leagan amach i dtreo Eoraip níos athléimní’
	An Clár Oibre Eorpach um Scileanna	01/07/2020	COM (2020) 274 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: ‘An Clár Oibre Eorpach um Scileanna le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta’
	An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI), 2020	11/06/2020		

Bliain	Doiciméad dlíthiúil	Dáta	Tagairt	Teideal
	Straitéis thionsclaíoch nua	10/03/2020	COM (2020) 102 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip'
	Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe dhigiteach	10/03/2020	COM (2020) 103	Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe dhigiteach'
	Clár oibre chun todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú	19/02/2020	COM (2020) 67 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'
	An Páipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga (IS)	19/02/2020	COM (2020) 65 final	Páipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga: cur chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaobhe
	An straitéis Eorpach maidir le sonraí	19/02/2020	COM (2020) 66 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Straitéis Eorpach maidir le sonraí'
	Bosca uirlisí an Aontais don tslándáil 5G	29/01/2020	COM (2020) 50	Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Cur chun feidhme 5G san Aontas Eorpach a shlánú – Bosca Uirlisí an Aontais a chur chun feidhme'
2019	An Rialachán maidir le hArdáin le haghaidh Gnó (P2B)	20/06/2019	Rialachán (AE) 2019/1150	Rialachán (AE) 2019/1150 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne
2018	Rialachán maidir le Geobhlocáil	28/02/2018	Rialachán (AE) 2018/302	Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi
2016	Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch	14/09/2016	COM/2016/587 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch – I dtreo Sochaí Eorpach Ghigighiotáin'
2015	Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip	06/05/2015	COM (2015) 192 final	Teachtaireacht ón gCoimisiún: 'Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip'
2014	Rialachán eIDAS	23/07/2014	Rialachán (AE) Uimh. 910/2014	Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaobhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (Rialachán eIDAS)


Iarscríbhinn III – An phríomhfhaisnéis maidir le suirbhéanna CIE ar na Ballstáit

Seolaithe	Topaic	Sampla	Tréimhse ama	Ráta freagartha
Comhordú RRF (comhlachtaí)	Rannchuidiú RRF le haistriú digiteach an AE	Gach Ballstát	Samhain 2023 – Feabhra 2024	93 %
Comhlachtaí rialaithe RRF				44 %
Uasfhorais Iniúchóireachta				48 %
Comhairlí fioscacha				33 %


Iarscríbhinn IV – Anailís ar an ráta críochnaithe do gharspriocanna agus spriocanna: ár modheolaíocht

Meastóireacht mheántearma. Líon na nGarspriocanna agus Spriocanna Digiteacha, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil amhail ón 1 Feabhra 2024.

Cur i gcrích iarbhair COM-ECA



Cur i gcrích iarbhair vs beartaithe



Comhlíonta: garspriocanna agus spriocanna digiteacha arna measúnú go sásúil ag an gCoimisiún.

Iarrtha: garspriocanna agus spriocanna digiteacha a áirítear in iarrataí ar iocaíocht a chuir na Ballstáit isteach go hiarbhair ach nach ndearna an Coimisiún measúnú orthu go fóill.

Gan bheith iarrtha: garspriocanna agus spriocanna digiteacha arna bhféinmheasúnú mar a chuir na Ballstáit i gcrích iad, ach atá san áireamh san iarraidh ar iocaíocht nár cuireadh isteach go fóill.

Ina thuarascáil mheastóireachta meántearma, sonraíonn an Coimisiún foinsí sonraí SWD, dátaí breathnóireachta agus leaganacha de na pleananna téarnaimh agus athléimneachta mar seo a leanas⁵³: ‘Tá an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre seo bunaithe ar ábhar na bpleananna a glacadh, arna measúnú ag an gCoimisiún, ar na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit go dtí Deireadh Fómhair 2023 mar chuid dá n-oibleagáidí tuairiscithe leathbhliantúla, ar shonraí ón Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta amhail ón 1 Feabhra 2024 agus ar fhorbairtí i gcur chun feidhme na Saoráide go dtí an 1 Feabhra 2024, mura sonraítear a mhalairt.’

⁵³ COM RRF Meastóireacht mheántearmach SWD: Ich. 3, fonóta 7.

Ciallaíonn sé sin go léiríonn na sonraí na pleananna téarnaimh agus athléimneachta is déanaí don Eastóin, don Fhrainc, do Lucsamburg agus don tSlóvaic agus na pleananna tar éis na gcéad athbhreithnithe don Ghearmáin (a glacadh an 14 Feabhra 2023), d'Éirinn (a glacadh an 14 Iúil 2023), don Iodáil (a glacadh an 19 Meán Fómhair 2023), agus don Fhionlainn (a glacadh an 14 Márta 2023). Ní léiríonn sé na pleananna is déanaí don Bheilg, don Bhulgáir, don tSeicia, don Danmhairg, don Ghearmáin (tar éis an dara hathbhreithniú), d'Éirinn (tar éis an dara hathbhreithniú), don Ghréig, don Spáinn, don Chróit, don Iodáil (tar éis an dara hathbhreithniú), don Chipir, don Laitvia, don Liotuáin, don Ungáir, do Mhálta, don Ísiltír, don Ostair, don Pholainn, don Phortaingéil, don Rómáin, don tSlóivéin, don Fhionlainn (tar éis an dara hathbhreithniú) agus don tSualainn toisc nach raibh sonraí do na Ballstáit sin ar fáil ina n-iomláine go fóill.'

Sainíonn an Coimisiún 'comhlíonta' mar gharspriocanna agus spriocanna a bheith curtha i gcrích tar éis don Choimisiún a mheas go bhfuil siad sásúil⁵⁴. Ina theannta sin, sainmhíneann an Coimisiún 'críochnaithe (gan mheasúnú)' mar 'fhéintuairisc dearfach déanta' ag na Ballstáit⁵⁵. Dá bhrí sin, tá dhá fhoghrúpa sa téarma 'críochnaithe (gan mheasúnú)':

- is é an chéad fhoghrúpa ná na garspriocanna agus spriocanna atá curtha i gcrích sna hiarrataí ar íocaíocht a cuireadh isteach, ach nach ndearna an Coimisiún measúnú orthu go fóill;
- is é an dara foghrúpa ná na garspriocanna agus spriocanna a tuairiscíodh a bheith curtha i gcrích ag na Ballstáit ina dtuarascálacha leathbhliantúla, ach nár cuireadh isteach go fóill sna hiarrataí ar íocaíocht a cuireadh isteach.

Tagraímid d'fhoghrúpa 1 mar 'iarrtha (gan mheasúnú)' agus d'fhoghrúpa 2 mar 'críochnaithe (gan bheith iarrtha)'. Dá bhrí sin, déanann ár n-anailís idirdhealú idir garspriocanna agus spriocanna digiteacha 'comhlíonta' agus an líon sin díobh atá 'críochnaithe (gan mheasúnú)', gan beann a thabhairt don dara cuid trí 'iarrtha (gan mheasúnú)' agus 'críochnaithe (gan bheith iarrtha)' a chur orthu.

⁵⁴ Ibid., lch. 9.

⁵⁵ Ibid., moltaí 24 agus 34.

Bainimid úsáid as na foinsí sonraí céanna, na dátaí breathnóireachta céanna agus na leaganacha céanna de na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus atá in SWD an Choimisiúin, i.e.:

- comhlíonta: sonraí ón roinn ‘Garspriocanna agus Spriocanna’ den Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta amhail an 1 Feabhra 2024⁵⁶.
- iarrtha (gan mheasúnú): sonraí ón roinn ‘Amlíne’ den Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta amhail an 1 Feabhra 2024⁵⁷. Cuirtear faisnéis ar fáil san amlíne maidir le hiarrataí ar íocaíocht a cuireadh isteach agus a eisíocadh araon. D’aisghabh CIE na hiarrataí sin ar íocaíocht a cuireadh isteach, ach nár eisíocadh faoin 1 Feabhra 2024.
- críochnaithe (gan bheith iarrtha): sonraí ó thuarascálacha leathbhliantúla na mBallstát ó Dheireadh Fómhair 2023.
- Garspriocanna agus Spriocanna Digiteacha – sainmhíniú agus cur i gcrích beartaithe: Tacair sonraí FENIX arna seoladh ag an gCoimisiún. Go sonrach, na pleananna tar éis na chéad athbhreithnithe don Eastóin, don Fhionlainn, don Fhrainc, don Ghearmáin, d’Éirinn, don Iodáil, do Lucsamburg agus don tSlóvaic, agus na pleananna bunaidh do na Ballstáit eile.

Thairis sin, measann an Coimisiún dhá dháta breathnóireachta ina anailís: sonraí ó Scórchlár an 1 Feabhra 2024 agus sonraí ó thuarascáil leathbhliantúil na mBallstát i nDeireadh Fómhair 2023. Mar thoradh air sin, iarradh roinnt garspriocanna agus spriocanna digiteacha a bhí críochnaithe (gan bheith iarrtha) sna tuarascálacha leathbhliantúla idir Deireadh Fómhair 2023 agus an 1 Feabhra. Chuireamar an méid sin san áireamh, agus bhogamar na garspriocanna agus spriocanna digiteacha sin ó fhoghrúpa 2 go foghrúpa 1.

Ar deireadh, tá ár n-anailís bunaithe ar 721 gharsprioc agus sprioc dhigiteacha críochnaithe a chuir an Coimisiún ar fáil, ós rud é nár aimsíodh aon difríocht ábhartha nuair a bhí comparáid á déanamh idir an dá anailís. Dá bhrí sin, faigheann CIE an líon ‘críochnaithe (gan bheith iarrtha)’ tríd an líon ‘comhlíonta’ agus an líon ‘iarrtha (gan mheasúnú)’ a bhaint as an iomlán.


⁵⁶ Ibid., lch. 3, fonóta 7, agus lch. 34, fonóta 81.

⁵⁷ Ibid., lch. 3., fonóta 7.

Níor cheartaíomar earráidí cléireachais i mbunachar sonraí FENIX (e.g. níl roinnt beart ag teacht le haon gharsprioc ná sprioc sna tacair sonraí) toisc go measaimid go ndéanann siad difear do 2 % de na bearta ar an uasmhéid.

Leis an modheolaíocht atá againn chun anailís a dhéanamh ar chur i gcrích beartaithe na ngarspriocanna agus spriocanna digiteacha, glactar leis na dátaí breathnóireachta agus na leaganacha de phleananna céanna agus a ghlactar le meastóireacht mheántearma an Choimisiúin SWD. Is iad na foinsí ná comhaid FENIX le haghaidh garspriocanna agus spriocdhátaí críochnaithe beartaithe, chomh maith le Socruithe Oibríochtúla bunaidh le haghaidh dátaí chun iarratais ar íocaíocht a chur isteach. Tagraíonn ‘beartaithe, comhlíonta nó iarrtha’ do gharspriocanna agus spriocanna digiteacha a bhfuil dáta tíolactha iarrata ar íocaíocht ag gabháil leo faoin 1 Feabhra 2024, de réir sceideal táscach an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus na Socruithe Oibríochtúla. Tagraíonn ‘beartaithe gan bheith iarrtha’ do gharspriocanna agus spriocanna digiteacha a bhfuil dáta críochnaithe atá beartaithe acu de R3/2023, ach nach n-áirítear iad sna garspriocanna agus spriocanna sin atá beartaithe a iarraidh faoin 1 Feabhra 2024.

Iarscríbhinn V – Cur i gcrích beartaithe na n-athchóirithe digiteacha sna PTAnna bunaidh i gcomparáid le PTAnna modhnaithe



Nóta: Anailís ar leibhéal an bhirt agus ar leibhéal an fhobhirt.

Foinse: Is é bearta PTA bunaidh agus modhnaithe an Choimisiúin a dhéanann tomhas ar chomhaid FENIX.

Iarscríbhinn VI – Cur i gcrích beartaithe na n-infheistíochtaí digiteacha sna PTAnna bunaidh i gcomparáid le PTAnna modhnaithe



Nóta: Anailís ar leibhéal an bhirt agus ar leibhéal an fhobhirt.

Foinse: Is é bearta PTA bunaidh agus modhnaithe an Choimisiúin a dhéanann tomhas ar chomhaid FENIX.

Iarscríbhinn VII – Measúnú ar aschuir agus ar thorthaí ó bhearta sampláilte

TÍR	BEART	Tráthúlacht						Beart ag a bhfuil gasprios/spríoc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
		Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailimhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indeanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí	
1	DK	DK-C[1]-[13]-Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte I rith phaindéim COVID-19, baineadh úsáid as réitigh nua dhigiteacha chun nasc níos fearr a chruthú do shaoránaigh agus don chóras cúraim sláinte. Déanfaidh an Aireacht Sláinte úsáid na réiteach digiteach nua sin a fhorbairt agus a mhéadú amháil (1) úsáid fhorleathan réiteach digiteach, (2) físchomhairlíúcháin, (3) rannpháirtíocht othar agus úsáid fhorleathan teilleighis.	R1/2022	Tá	Tá	Níl	Níl		Tá	Tá	SÁSÚIL A. Chun meastóireacht a dhéanamh ar réitigh theilleighis le haghaidh imní sláinte; B. Físchomhdhálacha le dochtúirí teaghlaigh a leathnú chuig grúpa ar leith d’othair nach raibh in ann an aip MyDoctor a úsáid mar gheall ar chúiseanna riaracháin nó mar gheall ar lagú cognaíoch agus/nó fisiceach. Tá físchomhdhálacha don spriocgrúpa sin á sholáthar tríd an aip nua ‘Kontakt Laege’ (‘Teagmháil leis an Dochtúir’) a cuireadh ar fáil i mBealtaine 2020, le cúnamh ó fhostaithe bardasacha; C. Trí cheistneoir breise is féidir a sheoladh ó dhochtúirí teaghlaigh go dtí othair, agus a mhalaírt go cruinn, tríd an aip MyDoctor.	Tá	Torthaí suntasacha, ach níl sé ag fothú isteach in aon táscaire digiteach RRF nó DESI Trí mheastóireacht agus feidhmeanna breise, cuireadh feabhas ar rochtain do shaoránaigh a bhfuil deacrachtaí acu le cúnamh leighis digiteach agus bhí leibhéal níos mó de mhalartú doiciméad ann. Mar sin féin, ní léiríofar na torthaí sin in aon chomhtháscaire toisc nár sannadh aon cheann díobh don bheart seo.		
2	DK	DK-C[6]-[11]-Comhthiomsú leathanbhanda Cuirfidh an infheistíocht seo fad leis an scéim atá ann cheana féin, Bredbåndspuljen, a dhéanfaidh rochtain idirlín fíor-ardluais (100 Mbps ar a laghad) a leathadh amach i limistéir thuaithe na Danmhairge a bhfuil an clúdach go dona iontu mar gheall nach bhfuil dreasachtaí margaidh leordhóthanacha ann. Scéim chsitiúcháin atá bunaithe ar iarratasóirí a bheidh sa scéim do theaghlaigh agus do ghnólaíochtaí.	R1/2022	Tá	Tá	Níl	Níl				SÁSÚIL Rochtain idirlín fíor-ardluais (100 Mbps ar a laghad) a leathadh amach i limistéir thuaithe na Danmhairge a bhfuil an clúdach go dona iontu mar gheall nach bhfuil dreasachtaí margaidh leordhóthanacha ann. Bhí an beart ag cur fad le bearta a bhí ann roimhe sin –ó 2016.	Tá	Torthaí suntasacha Ar a laghad 3 500 teaghais agus/nó gnó breise ag fáil idirlíon fíor-ardluais i limistéir thuaithe. Tá na torthaí sin ag fothú isteach i gcomhtháscaire CI 5, atá nasctha go díreach le táscaire DESI mar a léirítear i dTábla 5.		
3	DK	DK-C[7]-[15.2]-Dreasachtaí chun borradh a chur faoi T&F i gcuideachtaí Is éard atá sa bheart ná an bonn don dimheas agus an bonn don asbhaint i gcás gach uile speansas taighde agus forbartha san earnáil phríobháideach a leathnú amach 130 % i mbliain airgeadais 2022. Glacfar an díl lena mbunaithe an asbhaint agus beidh éifeacht aige sa bhliain airgeadais 2022. Is é is cuspóir don bheart seo ná tús áite a thabhairt d’infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt, i gcomhthéacs an téarnaimh agus mheánmhéide is mó a ndearna an ghéarcheim dífeall dóibh. Táthar ag dréim leis freisin go spreagfaidh an asbhaint gnólaíochtaí beaga chun tuilleadh taighde agus forbartha a dhéanamh, ós rud é go bhfuil siad incháilithe don asbhaint chomh maith. Ní bheidh taighde agus forbairt a bhaineann le taiscéalaíoch agus eastóscadh breoslaí iontaise agus amhábar incháilithe le haghaidh na hasbhainte cánach.	R3/2023	Tá	Tá	Níl	Níl				MÍSHÁSÚIL Níl aon fhianaise ann go bhfuil an beart ag obair faoi mar a bhí beartaíthe. Cé go bhfuiltear ag dréim leis go gcuirfidh an beart borradh faoi infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí T&N a bhaineann leis an réimse digiteach, níl aon chód cánach speisialta leagtha síos ag údaráis na Danmhairge chun infheistíochtaí a dhéanann gnólaíochtaí i ngníomhaíochtaí T&N a bhaineann leis an réimse digiteach a shainaithint. Ní gá d’fhiontair aon doiciméad breise a sholáthar mura n-íarrann an Ghníomhaireacht Chánach go sonrach é i gcomhthéacs iniúchadh cánach. Níl aon iniúchadh cánach beartaíthe chun méid na hinfeistíochta in T&F digiteach a sheiceáil.	Níl	Gan torthaí Ní ann do shásra ar bith chun sonraí ábhartha a thomhas, agus ní bheadh aon toradh a d’fhéadfadh a bheith ann ag fothú isteach in aon chomhtháscaire digiteach. Ní rannchuidíonn an beart le haon táscaire DESI 2021 ach oiread, toisc nach gcuimsíonn sé comhtháthú na teicneolaíochtaí digiti le haghaidh gnólaíochtaí (gné 3 de DESI).		
4	DK	DK-C[6]-[12]-Aistriú digiteach FBManna agus onnmhairiú Cuirfidh an infheistíocht seo fad leis an scéim atá ann cheana féin, SME-Digital, a thabharfaidh fóirdheontais d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide d’fhonn a ngó a dhigiteáil. Meastar go mbeidh tábhacht ar leith ag baint le méadú na scéime i gcomhthéacs an téarnaimh eacnamaíoch toisc go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach tacú leis na fiontair bheaga agus mheánmhéide is mó a ndearna an ghéarcheim dífeall dóibh. Féadfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide iarratas a dhéanamh ar dheontais ar choinníoll go méadóidh a dtionscadail an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíocht agus go gcuirfidh siad le fás an fhiontair. Tá an scéim deontais oscailte le haghaidh iarratas roinnt uaireanta gach bliain, nuair a dhéantar iarratais a mheasúnú ar bhonn ‘tús freastail ar an gceann is túisce’. Foráiltear do dheontas uasta de DKK 100 000 in aghaidh na cuideachta.	R4/2023	Tá	Tá	Níl	Níl				SÁSÚIL Fóirdheontais a thabhairt d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun a ngó a dhigiteáil. Méadaíonn an beart buiséad cláir atá ann faoi láthair, is é sin ‘SME-Digital’, atá i bhfeidhm ó bhí 2018 ann.	Tá	Torthaí suntasacha, ach gan iad ag fothú isteach in aon táscaire DESI Chuidigh na tionscadail foluiteacha a fuair tacaíocht leis na 550 FBM a bhí leagtha síos mar sprioc a dhigiteáil. Déanann comhtháscaire digiteach sannta CI 6 aschuir a thomhas ach ní thomhaiseann sé torthaí. Níl an tomhas feidhmíochta sin ag fothú isteach in aon táscaire DESI sonrach.		

Tír	BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí			
		Dáta tásach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaithe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indeanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí	
5	DK	DK-C[C4]-[I1.2]-Aga infheistíochta Táthar ag déim leis go gcuirfidh an t-aga infheistíochta borradh faoi chumas fáis na gcuideachtaí agus faoi chruthú post, agus ag an am céanna go spreagfaidh sé cuideachtaí le hinfeistíocht a dhéanamh i gcrua-earraí agus teicneolaíocht nua atá in ann astaíochtaí a laghdú san tAdtarma. Is éard a bheidh san athchóiriú cánaigh ná asbhaint cánaigh atá méadaithe go sealadach do chuideachtaí a infheistíonn i gcostais acmhainneachta, amhail teicneolaíocht agus bogearraí a d'fhéadadh cabhrú le hoibríochtaí gnó a mhéadú agus ag an am céanna astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú. San aga infheistíochta, ní áireofar innealra atá agraith ar bhreosláí iontaise chun aistriú glais na tionsclaíochta a áirithiú agus chun comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a áirithiú.	R2/2024	Tá	Tá	Níl	Níl					MÍSHÁSÚIL Níl aon fhianaise ann go bhfuil an beart ag obair faoi mar a bhi beartaíthe. Cé go bhfuiltear ag déim leis go gcuirfidh an beart borradh faoi infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí T&N a bhaineann leis an réimse digiteach, níl aon chód cánaigh speisialta leagtha síos ag údaráis na Danmhairge chun infheistíochtaí a dhéanann gnólaigh a i ngníomhaíochtaí T&N a bhaineann leis an réimse digiteach a shainaithint. Ní gá d'fhiontair aon doiciméad breise a sholáthar mura n-íarrann an Ghníomhaireacht Chánach go sonrach é i gcomhthéacs iniúchta cánaigh. Níl aon iniúchadh cánaigh beartaíthe chun méid na hinfeistíochta in T&F digiteach a sheiceáil.	Níl	Gan torthaí Ní ann do shásra ar bith chun sonraí ábhartha a thomhas, agus ní bheadh aon toradh a d'fhéadadh a bheith ann ag fothú isteach in aon chomhtháscaire digiteach. Ní rannchuidíonn an beart le haon táscaire DESI 2021, toisc nach guimíonn sé comhtháthú na teicneolaíochta digiti le haghaidh gnólaigh (gné 3 de DESI).	
6	DK	DK-C[C6]-R[R1]-An straitéis dhigiteach Bundídh rialtas na Danmhairge grúpa saíneolaithe ar a dtabharfar 'an chomhpháirtíocht digiteála' a bheidh comhdhéanta de phríomh-ghceallsealbhoirí an tionscail (lena n-áirítear ionadaithe gnó agus saíneolaithe). Déanfaidh an sainghrúpa sin anailís ar na príomhdhúshláin dhigiteacha atá roimh an Danmhairg agus déanfaidh sé moltaí maidir le beartas, athchóiriú agus infheistíochtaí. Bunaíthe ar na moltaí sin agus tar éis caibidíocht pholaitiúil, glactfaidh an rialtas an Straitéis Dhigiteach nua in Acht Airgeadais 2022. Beidh cúig fho-athchóiriú sa straitéis dhigiteach nua a mbeidh na cuspóirí seo a leanas acu: I. Fo-athchóiriú 1 – Straitéis don earraí phoiblí dhigiteach agus seirbhísí don todhchaí: Earnáil phoiblí dhigiteach na todhchaí a chruthú. Bainfeadh é sin amach trí nuachtóirí leanúnach a dhéanamh ar an mbonnagar digiteach chun freastal ar riachtanais na saoránach agus na ngnólaigh uile agus nascacht a neartú ag an am céanna. II. Fo-athchóiriú 2 – Straitéis do ghairmeacha digiteacha agus do phoist san am atá le teacht: Na gairmeacha digiteacha agus na poist a bheidh ann amach anseo a dhaingniú agus tacú le fáis agus onnmhairiú earraí agus seirbhísí trí dhigiteáil laistigh den ghó agus den tionsclaíocht a neartú. III. Fo-athchóiriú 3 – Creat le haghaidh nuálaíochta, comhpháirtíochtaí poiblí-priobháideacha agus úsáid teicneolaíochta nua: Deiseanna níos fearr a chruthú don chomhchruthú agus don nuálaíocht. Déanfar é sin trí theicneolaíochtaí nua agus comhpháirtíochtaí poiblí-priobháideacha a úsáid chun seirbhísí digiteacha poiblí a shruithliniú agus a fheabhsú, dlús a chur le haistriú digiteach gnólaigh, agus tacú le maolú ar an athrú aeráide. IV. Fo-athchóiriú 4 – Creat le haghaidh sochaí sonraibhunaith: Sochaí shonraibhunaith a chruthú agus digiteáil FBManna, córas sláinte agus seirbhísí digiteacha a fheabhsú trí rochtain níos fearr ar shonraí, bonneagair sonraí shlána agus idir-inoibritheacha, agus creat rialála atá réidh don digitiú a chur chun cinn. V. Fo-athchóiriú 5 – Creat don Danmhairg atá oiriúnach don todhchaí dhigiteach: Creat a chruthú don Danmhairg atá oiriúnach do thodhchaí dhigiteach agus ag an am céanna an chuid is fearr dár sochaí a chaomhnú, amhail feabhas a chur ar an gcearsláindáil agus ar an tsáindáil faisnéise, scileanna digiteacha agus inniúlachtaí digiteacha a rachaidh chun tairbhe na saoránach, na ngnólaigh agus na bhfostaíthe uile.	R4/2025	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá		Tá	NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Níl an beart críochnaithe fós: tá an straitéis nua forbartha, ach níl gach uile gníomhaíocht déanta go fóill. Mar sin féin, ní chlúdaíonn aon cheann de na 10 dtionscnamh shonracha (a mearastar DKK 500 milliún de chostas a bheith ag gabháil leo) scileanna digiteacha mar a cheanglaítear a dhéanamh le fo-bheart 'V. Fo-athchóiriú 5 – Creat don Danmhairg atá oiriúnach don todhchaí dhigiteach'. Dá bhrí sin, ní úsáidfeadh aon chistiú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna digiteacha agus ní bheidh ach cuid den chuspóir sa CCF á bhaint amach ag an mbeart.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe go hiomlán. Ní chlúdaíonn an sprioc dheiridh gach gníomhaíocht.	
		Iomlán DK	6	5	5	0	0	1	1	1	2	0	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 3 sásúil; 2 míshásúil.	3	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 3 suntasach; 2 gan torthaí.

TÍR			BEART			Tráthúlacht						Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
						Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdáil ann G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí	
7	FR	FR-C[C9]-I[17.S2]-Straitéis téarnaimh T&F (an Ghníomhaireacht Náisiúnta Taighde) Déanann an dlí um chlárscéidálú taighde (féach comhchuid 6) an treocht i méadú buiséid na Gníomhaireachta Náisiúnta Taighde ó €1 190 000 000 in 2021 go dtí €1 674 000 000 in 2027 a chur ar bun. Comhlánóidh an beart an méadú sin trí bhorradh a chur faoin leithdháileadh in 2021 agus 2022. Ardóidh an infheistíocht bhreise sin ráta ratha na nglaoanna ar thionscadail, ón ráta 16 % atá ann faoi láthair go 23 %, ar ráta inchomparáide é leis na gníomhaireachtaí taighde is fearr ar domhan. Táthar ag déim leis go mbeidh thart ar 2 300 tionscadal roghnaithe as 10 000-11 500 a cuireadh isteach don bhliain mar thoradh ar chéim idirmheánach de 20 % a bhaint amach faoi 2021. Maoinoidh sé taighde bunúsach ar bhealach níos fearr i ngach réimse aralonnachta agus go háirithe áiríteofar leis maoiniú na dtionscadal barr feabhais go léir lena n-áirítear na tionscadail rioscúla agus nuálacha ar a meastar go mbeidh an téarnamh bunaithe.	R2/2022	Tá	Tá	Níl	Níl		Tá	Tá	Tá	1	SÁSÚIL Bhí an beart ag feidhmiú faoi mar a bhfuil tuairisc air i gcuspóir an CCF sa mhéid is gur chuir sé borradh de €420m ar bhuiséad na gníomhaireachta le haghaidh 2021 agus 2022 (agus locadh na méideanna freisin). Bhí sé sin níos airde ná an sprioc don ráta ratha (23.1 % vs 20 %), ach tá na garspriocanna agus na spriocanna neamhiomlán maidir leis an mbeart sin toisc nach bhfuil leithdháileadh 2022 de €142m clúdaithe ar chor ar bith ag garsprioc ná sprioc.	Tá	Torthaí suntasacha, ach níl siad ag fothú isteach in aon táscaire digiteach RRF ná DESI. Chuir an beart €428 milliún breise le buiséid 2021 agus 2022 na gníomhaireachta agus bhí sé níos airde ná an sprioc don ráta ratha (23.1 % vs 20 %). Le linn na cuairte iniúchóireachta, d'éirigh linn teacht ar chonclúid faoin mbeart ina iomláine. Níl na torthaí sin, áfach, clúdaithe ag aon chomhtháscaire digiteach (baineann an beart le CÍ 9). Ní rannchuidíonn an beart le haon táscaire DESI ach oiread.				
8	FR	FR-C[C9]-I[16]-Cuimsiú digiteach Tá an gníomhaíocht ag tógáil ar thionscnamh atá ann cheana féin chun tacú le cuimsiú digiteach agus cuirfidh sí oiliúint ar 4 000 comhairleoir digiteála breise a bheidh á n-óstú ag údaráis áitiúla agus ag gníomhairí príobháideacha ó chomhlachais nó ón ngeilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta (amhail hallaí baile, leabharlanna, árais scoir, árais altranais, lárionaid gníomhaíochta sóisialta agus comhlachais áitiúla). Eagróidh na comhairleoirí digiteála sin ceardlanna agus cuirfidh siad seisiúin oiliúna ar fáil lena chur ar chumas gach duine úinéireacht a ghlacadh de réir a chéile ar thascanna digiteacha laethúla, amhail a sonraí pearsanta a chosaint, máistiríonraí sóisialta, foinsi faisnéise a sheiceáil, CV a dhéanamh, earra a dhíol, ceannach ar líne, oibríú go cianda nó coinne a dhéanamh le dochtúir. Cuirfeir oiliúint orthu sula rachaidh siad i mbun gníomhaíochta, agus go leanúnach ina dhiaidh sin, ionas go mbeidh siad in ann seirbhísí ardcháilíochta a chur ar fáil do na daoine a fhaigheann tacaíocht ach freisin mar ullmhúchán don chás ina leanfaidh siad ar aghaidh lena misean ar feadh tréimhse níos faide ná an dá bhliain a fhaigheann tacaíocht ón bplean téarnaimh agus athléimneachta. Beidh an beart ag tacú ag an am céanna leis na líonraí áitiúla a chuireann gníomhaíochtaí digiteacha ar fáil (lipéadú soiléir, forbairt fearas oiliúna, tacaíocht d'fhorbairt réiteach oideolaíoch) chomh maith le tacú le forbairt 'cúntóirí digiteála' ('Aidants Connect') a chabhráíonn go díreach le daoine agus iad i mbun tascanna digiteacha.	R4/2022	Tá	Tá	Níl	Níl						SÁSÚIL Bhí an feidhmiú faoi mar a bhfuil tuairisc air i gcuspóir an CCF: idir Márta 2021 agus Samhain 2023, rinneadh 4 063 chomhairleoir digiteála a oiliúint agus tairgeadh 2 960 905 cheardlann/seisiún oiliúna do 1 917 540 duine.	Tá	Torthaí suntasacha, ach níl siad ag fothú isteach in aon táscaire digiteach RRF nó DESI Tá oiliúint curtha ar 4 063 comhairleoir digiteála agus tairgeadh 2 960 905 cheardlann/seisiún oiliúna do 1 917 540 duine. Mar sin féin, ní chuimsítear na torthaí sin in aon chomhtháscaire RRF agus, dá bhrí sin, ní rannchuidíonn siad le haon táscaire DESI ach oiread.				
9	FR	FR-C[C7]-I[12]-Uasghrádú digiteach an Stáit agus na grioch Sainaitheoidh an infheistíocht seo cuir chuige nuálacha digiteacha lena féidir feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gníomhaíochta poiblí agus ar cháilíocht na timpeallachta oibre d'oifigigh phoiblí, lena n-áirítear r-shoghluasteacht. Chuir sin, is ann do Chiste 'Cúlphacáiste Digiteach Gníomhaire Phoiblí' le haghaidh tionscadal a dhéanfaidh nuachóiriú ar stáisiún oibre oifigeach Stáit agus is ann do 'Chiste Nuálaíochta agus Claochlaithe Dhigitigh' a thacaíonn le tionscnaimh dhigiteacha ardtionchair laistigh den Stát agus d'údaráis áitiúla, agus a thacaíonn ag an am céanna leis an earnáil dhigiteach. Chun timpeallacht oibre digiti níos éifeachtúla, níos comhoibríche agus níos soghluaise a chur ar fáil d'fhóistithe an Stáit, tiocfaidh na tionscadail atá á gcistiú faoi chúig théama: feidhmíocht mhéadaithe na líonraí iompair sonraí; sainaitheint dhigiteach chónascha a fhorbairt d'oifigigh Stáit; réitigh chianrochtana shlána ar uirlisí digiteacha; réitigh chumarsáide aontaithe ar an leibhéal idir-aireachta; agus tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí agus d'fhoirne chun modhanna oibre digiteacha a shealbhú. Chun nuálaíocht dhigiteach a spreagadh agus chun dlús a chur le claochlú digiteach an Stáit, tiocfaidh na tionscadail atá á gcistiú faoi ocht dréama: di-ábharú cáilíochta na nósanna imeachta riaracháin is mó a bhíonn in úsáid ag saoránaigh agus gnóilachtaí; beartaíais phoiblí nua atá digiteach de réir a nádúir; dea-chleachtais dhigiteacha a eascraíonn as seirbhísí áitiúla Stáit a fhorbairt; na hearnálacha digiteacha poiblí a ghairmiúil; úsáid sonraí a fhorbairt chun fóramh do ghníomhaíocht phoiblí; staidéar agus turgnamh a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus cineálacha cur chuige digiteacha atá ag teacht chun cinn; claochlú digiteach na n-údaráis áitiúil; tacú le tionscadail struchtúrtha lena mbaintear leas as luamháin ilchlaonaithe.	R3/2023	Tá	Tá	Tá		Tá	Tá	Tá	Tá	1	NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Cé gur bhain an beart na garspriocanna agus spriocanna go léir amach, níl sé críochnaithe go dearbh mar gur sprioc idirmheánach atá san aon sprioc amháin atá ann do chuid amháin den bheart (atá ag seasamh do 75 % de na costais mheasta) agus ní chlúdaíonn an sprioc sin cur chun feidhme na dtionscadal. Léirigh ár gcuid oibre iniúchóireachta go raibh údaráis na Fraince ag cur na dtionscadal chun feidhme freisin chun nuálaíocht dhigiteach a spreagadh agus chun dlús a chur le claochlú digiteach an stáit.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart tugtha chun críche go hiomlán. Ní chumhdáilíonn an sprioc dheiridh gach gníomhaíocht. Tá na torthaí sin ag fothú isteach i gcomhtháscaire CÍ 7, atá nasctha go díreach le táscaire DESI mar a léirítear i dTábla 5.				

	TÍR	BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
			Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaithe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmeánach (1)	Níl chlúdaithe an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
10	FR	FR-C(9)-[I15]-Plean le haghaidh leathanbhanda ardluais Is é a bhí mar aidhm ag an bplean tosaigh le haghaidh leathanbhanda ardluais (<i>“plan France très haut débit”</i>) ná feabhas a chur ar nascacht sa chríoch agus rochtain “fíor-ardluais” de 30 Mbps ar a laghad a sholáthar ar fud na tíre faoi 2022. Rinneadh athbhreithniú ar an straitéis chun leibhéal na n uailmhianta a mhéadú, feabhas a chur ar nascacht i gceantair thuaithe, le tacaíocht ó phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince. Spreagfaidh an beart luasghéarú chur in úsáid líonraí rochtana na chéad ghluíne eile (NGA), go háirithe i snáithín optúil, a bhfuil luasanna os cionn 100 Mbps acu agus ar mó iad ná 1 Gbps i gcoitinne. Déanfar na tionscadail sna “gréasáin tionscnaimh phoiblí”, mar a thugtar orthu, arb in críosaí ar deacair an infheistíocht phríobháideach a mhealladh chucu agus a bhaineann leis na críocha seo a leanas: Aude, Auvergne, Bretagne, Cher, Dordogne, Doubs, Haute-Savoie, Indre, Manche, Mayotte, Sarthe agus Seine-et-Marne. Beidh cuid de na cistí tiomnaíthe freisin d’áitribh a bhfuil naisc theicniúla chasta acu, ar fud na tíre. Is é sprioc uileghabhálach an rialtais ná rochtain iomlán NGA a chur ar fáil faoi 2025, i gcomhréir le cuspóirí na sochaí gigighiotáin.	R4/2023	Tá	Níl	Tá	Níl			Tá	Tá		NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE FÓS Ag tráth na hiníúchóireachta, ba é 31 % an ráta don tabhairt chun críche. Is é an meastachán atá ann faoi láthair ná go mbeidh cur i bhfeidhm na líonraí críochnaithe faoi dheireadh RRF.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe go hiomlán.
11	FR	FR-C(7)-[I1]-Uasghrádú digiteach cuideachtaí Déanfar dhá fho-bheart a chur chun feidhme chun cuideachtaí a nuachóiriú. Is éard atá sa chéad fho-bheart ná leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh <i>“France Num”</i> atá ann cheana agus tacóidh sé le cuideachtaí ina gclaochlú digiteach chun a ngnó a fhorbairt go digiteach. Tairgfear roinnt scéimeanna tacaíochta leis an tionscnamh <i>“France Num”</i>: 17 500 diagnóis dhigiteach agus suas le 5 000 tionlacan ó na Comhlachais Tráchtála agus Tionscail (CTT) agus ó na Comhlachais Cheirdeanna agus Cheardaíochta (CCC); Déanfar 150 000 cúrsa oiliúna chomh maith le clár teilifíse a léiriú agus a chraoladh don phobal i gcoitinne chun feachtas a ardú maidir le micreaghndíochtaí nach bhfuil feistithe go digiteach fós. Leis an dara fo-bheart, tacófar le hinfeistíochtaí i FBManna tionsclaíocha agus i gcuideachtaí meánchaipitlithe trí mhéadú agus trí thacú lena straitéis digitithe mheántéarmach/mhadtéarmach trí theicneolaíochtaí nua a ghlacadh. Is i bhfoirm fóirdheontais a bheidh an chabhair chun maoin a fháil a chlárófar mar shocmhainn sheasta agus a shannfar do ghníomhaíocht thionsclaíoch i gcatagóirí incháilithe réamhsinaithe: trealamh róbatáice, monarú breiseán, réaltacht fhíorúil nó bheistithe, bogearraí deartha, meaisíní comhtháite le haghaidh ríomhaireachta ardfheidhmíochta, meaisíní táirgthe atá rialaithe go huimhriúil, chomh maith le bogearraí nó trealamh a dteastaíonn intleacht shaorga chun iad a úsáid.	R3/2024	Níl	Níl	Tá	R4/2025	Tá	Tá		Tá		NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE FÓS Tá dhá chuspóir ag an mbeart: Baineadh amach na haschuir maidir leis an gcéad chuspóir (tacú le hinfeistíochtaí i 3 320 cuideachta ar a laghad chun teicneolaíochtaí nua a ghlacadh i gcatagóirí incháilithe agus úsáid á baint as an mbuiséad iomlán). Is dócha go dtabharfar an dara ceann, <i>“France Num”</i>, chun críche faoi Ráiteas 4 in 2025. Ag éirí as athbhreithniú ar an bplean, laghdailodh na scéimeanna tacaíochta go dtí 120 000 cuideachta in ionad 200 000.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart tugtha chun críche go hiomlán.
		Iomlán FR	5	4	3	3	1	2	3	3	4	2	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 2 sásúil; 1 nár tugadh chun críche.	2	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 2 suntasach; 1 neamhchríochnaithe.

Tír	BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
		Dáta táscaíoch don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chiúladonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uallimhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indeanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
12	IT	IT-C[M1C2]-[I]5.1)-Athmhaoiniú agus athmhúnlú Chiste 394/81 atá á bhainistiú ag SIMEST Is é cuspóir na himfheistíochta ná na slabhraí soláthair tionsclaíochta a neartú, go háirithe trí rochtain ar chistiú a éascú, agus iomaíochas na bhfiontar (go sonraigh FBManna) a chur chun cinn, go háirithe trí thacú lena n-idirnáisiúin agus trína n-athléimneacht i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 a neartú. Tá dhá bhonn idirghabhála i gceist leis an infheistíocht: 1. Athmhaoiniú Chiste 394/81 atá á bhainistiú ag SIMEST. Tá sé comhdhéanta den mhéid seo a leanas: athmhaoiniú a dhéanamh ar Chiste atá ann cheana agus atá á bhainistiú ag an ngníomhaireacht phoiblí SIMEST faoi láthair; foráil do thacaíocht airgeadais d'fhiontar, go háirithe FBManna, chun tacú lena n-idirnáisiúin trí uirlisí éagsúla amhail clár chun rochtain a fháil ar mhargai eachtracha; agus ríomhthráchtáil a fhorbairt. [...]	R4/2021	Tá	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá	Tá	1	NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE FÓS Cé go bhfuil sé ráite ag an mBallstát go bhfuil an beart críochnaithe, níor ghá na tionscadail a bheith curtha chun feidhme go hiomlán don sprioc dheiridh, murab ionann agus an cás do bhearta eile (e.g. Beart 3 – IT-C[M4C2]-[I]1.5) “Éiceachórais nuálaíochta le haghaidh na hinbhuanaitheachta a bhunú agus a neartú”, “ceannródaithe críochacha in T&N” a fhorbairt, a bhfuil cur síos orthu anseo thíos). Bhí trí ghlae ar oscailt do FBManna. Faoin mbeart seo, roghnaíodh thart ar 6 800 FBM – ar líon é sin atá níos mó ná an sprioc a leagadh síos i.e. 4 000 FBM. Mar sin féin, níor tugadh cistiú do gach FBM toisc nach ndéantar an iocaíocht deiridh go dtí go soláthraíonn FBManna na sonraisc deiridh lena gcruthaithe ar go ndearnadh an infheistíocht a bhi beartaithe.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart tugtha chun críche go hiomlán. Bhí faisnéis maidir le tabhairt chun críche rathúil na n-infheistíochtaí ceaptha a bheith ar fáil faoi dheireadh 2024 nó go luath in 2025. Mar sin, d'fhadfaí é seo a thomhas. Níl sa sprioc dheiridh ach céim idirmheánach. Déanann comhtháscaire digiteach sannta Cí 6 aschuir a thomhas ach ní thomhaiseann sé torthaí. Níl an tomhas feidhmíochta sin ag forthú isteach in aon táscaire DESI sonrach.
13	IT	IT-C[M1C1]-R[R1.3]-Tús áite don Néal agus idirinoibritheacht Is é is aidhm don athchóiriú seo ná deireadh a chur le bacainní ar úsáid na néalríomhaireachta agus sruthliniú a dhéanamh ar an maorlathas a chuireann moill ar phróisis malartaithe sonraí idir riaracháin phoiblí trí thacar de thionscnaimh agus oibleagáidí a thabhairt isteach a bhfuil sé mar aidhm acu an t-aistriú go dtí an néalríomhaireacht a éascú agus deireadh a chur le laicisí níos imeachta a chuireann cosc ar úsáid leathan a bhaint as seirbhísí digiteacha. Beidh trí ghníomhaíocht i gceist leis an athchóiriú. Ar an gcéad dul síos, ós rud é go spreagfaidh néalréitigh cost-éifeachtúlacht sa chaiteachas ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), i ndiaidh “tréimhse chairde” réamshhainithe (e.g. 3 bliana tar éis sheoladh an chlaolaithne), cuirfear srian ar bhuiséad caiteachais TFC na riarachán nár chloigh leis an néalríomhaíocht. Ar an dara dul síos, mar chuid de na dreasaíochtaí le haghaidh scannamh go néalríomhaireacht, déanfar athbheithniú ar na rialacha cuntasalaíochta poiblí atá ann faoi láthair maidir le speansais a bhaineann le néalseirbhísí. Ós rud é go bhfuil aistriú buiséad ó chaiteachas caipitil go caiteachas oibríochtúil i gceist leis an aistriú go dtí an néalríomhaireacht faoi láthair, déanfar athbheithniú ar rialacha cuntasalaíochta poiblí maidir le speansais a bhaineann le néalseirbhísí ionas nach ndéanfaidh scannamh néalríomhaireachta do riaracháin phoiblí. Ar an tríú dul síos, déanfar na noimí a bhaineann le rialacha idirinoibritheachta sonraí a athbheithniú, i gcomhréir leis na forálacha maidir le sonraí oscailte agus próiseáil sonraí pearsanta agus déanfar simpliú ar na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le malartú sonraí idir riaracháin phoiblí chun gnéithe níos imeachta a shruthliniú agus chun dlús a chur le cur chun feidhme na hidirinoibritheachta idir bunachair sonraí na riarachán poiblí. Thairis sin, déanfar athbheithniú ar shainchónaí digiteach agus déanfar é a chomhtháthú leis an gclárann náisiúnta cónaitheoirí (ANPR) ionas go mbeifear in ann comhfhreagras digiteach slán áirithe a dhéanamh idir saoránaigh agus riaracháin phoiblí.	R4/2021	Tá	Tá	Tá	Níl						Tá	Torthaí teoranta Tá an reachtaíocht glactha agus tá na bardais ag bogadh go dtí an néal. Tá an próiseas fós ar siúl mar chuid d'infheistíocht RRF atá beartaithe a bheith tugtha chun críche in 2026. Go dtí seo, níor aistrigh ach líon teoranta riarachán áitiúil go dtí an néalríomhaireacht. Níl an t-athchóiriú bainteach le haon comhtháscaire.
14	IT	IT-C[M4C2]-[I]1.5)-Éiceachórais nuálaíochta le haghaidh inbhuanaitheachta’ a bhunú agus a neartú, ‘ceannródaithe críochacha T&N’ a fhorbairt Déanfaidh an beart seo, atá á chur chun feidhme ag MUR, maoiniú faoi 2026 ar 10 ‘sampla críochach de T&N’ (idir chinntá cheana ann agus chinntá nua), ar a laghad, a ndéanfar iad a roghnú bunaithe ar nósanna imeachta iomaítheacha sonraí, le fócas ar an acmhainneacht tionscadail inbhuanaitheachta shóisialta a chur chun cinn. Caitfidh gach tionscadal na gnéithe seo a leanas a bheith aige: (a) gníomhaíochtaí oiliúna nuálaíochta a dhéanann ollscoileanna agus gnólaíochtaí i sineirgíocht agus arb é is aidhm dóibh laghdú a dhéanamh ar an neamhréir idir scileanna atá riachtanach do ghnólaíochtaí agus scileanna a sholáthraíonn ollscoileanna, chomh maith le dochtúireachtaí tionsclaíoch; (b) gníomhaíochtaí taighde agus/nó bonneagair thaighde a dhéanann ollscoileanna agus fiontar i gcomhpháirt, go háirithe FBManna, ar ollscoileanna agus fiontar iad atá ag feidhmiú ar an gcricio; (c) tacaíocht do ghnólaíochtaí nuathionscanta; (d) rannpháirtíocht na bpobal áitiúil i saincheisteanna nuálaíochta agus inbhuanaitheachta. Roghnaíodh na tionscadail a bheidh le maoiniú bunaithe ar na critéir seo a leanas: (i) cáilíocht eolaíoch agus theicniúil agus a gcomhsheasmhacht le treoshuíomh críochach; (ii) cumas éifeachtach chun cumais nuálaíochta fiontar, go háirithe FBManna, a spreagadh; (iii) an cumas caidreamh náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú le mórinstitiúidí taighde agus le cuideachtaí ceannródalaíoch; (iv) cumas éifeachtach chun pobal áitiúla a dhéanamh rannpháirtreach. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart Treoir Theicniúil (2021/C58/01) ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’, déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiáim ó na critéir inchálilitheachta atá i dtéarmaí tagartha le haghaidh glaoanna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breslaí ionaise, úsáid iarrheachtach san áireamh; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ag a bhfuil meastachán ar astaíochtaí gáis ceaptha tessa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonta talún dramhaíola, loisceoirí agus saoráidí cóireála bitheolaíoch meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúsairt fhadéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhsaol. Chomh maith leis sin, beidh ceanglas sna téarmaí tagartha a deir nach mbeidh inchálilithe le roghnú ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhsaol ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhsaol ábhartha náisiúnta.	R2/2022	Tá	Níl	Tá	R2/2026					NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Níl an beart críochnaithe fós agus cuireadh siar é go dtí Ráite 2 de 2026.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe fós.

	Tír	BEART	Tréthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
			Dáta táscaigh don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar torthaí
15	IT	IT-C[M1C1]-R[R1.2]-Tacaíocht don chlaochlú Is é is cuspóir don athchóiriú seo ná tacú le claochlú digiteach gach uile riarachán poiblí lárnach agus áitiúil trí oifig ar leith ar a dtugtar 'An Oifig um Chlaochlú Digiteach na Ríanna' a chur ar bun. Is éard a bheidh san oifig um chlaochlú ná uirlis shealadach acmhainní inniúla teicneolaíochta lena ndéanfar an iarracht ascnaimh agus an chaibidlíocht láraithe ar 'phacáistí' de thacaíocht sheachtrach dheimhniú a eagrú agus lena dtacófar leo. Sa bhreis air sin, beartaítear leis an mbeart comhlacht a bhunú a bheidh dírithe ar fhorbairt beagairí agus ar bhainistíú oibríochtaí chun tacú leis an dlús digiteach a chur le húdaráis riaracháin lárnacha. Tacóidh an oifig um chlaochlú go sonrach le húdaráis riaracháin phoiblí i gcur chun feidhme infheistíochtaí 1.1 go 1.7 a chuimsítear faoin gcomhpháirt sin agus tacóidh sí freisin le cur chun feidhme infheistíochtaí agus athchóirithe i ndigiteáil an chúraim sláinte a chuimsítear i Mísean 6.	R4/2022	Tá	Tá	Níl	Níl						SÁSÚIL Rinneadh 'An Oifig um Chlaochlú' (OC) a chur ar bun agus tá sí i mbun oibríochta. Tá sé de chúram ar OC tacú le cur chun feidhme rathúil seacht n-infheistíocht laistigh de Mhísean 1, Comhchuid 1 (M1C1) den plean téarnaimh agus athléimneachta.	Tá	Torthaí teoranta Tá an reachtaíocht glactha agus tá an OC i mbun oibríochta; tá na bardais ag bogadh go dtí an néal. Tá an próiseas fós ar siúl mar chuid d'infheistíocht RRF a bhfuil sé beartaithe í a thabhairt chun críche in 2026. Go dtí seo, níl aistrigh ach líon teoranta údarás riaracháin áitiúil go dtí an néalríomhaireacht, le cuidiú ó OC. Níl an t-athchóiriú bainteach le haon chomhtháscaire.

TÍR	BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí							
		Dáta táscaigh don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmeánach (1)	Níl chlúdaithe an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí					
16	IT	IT-C[MAC2]-I[13.1]-Ciste chun córas comhtháite de bhonneagair taighde agus nuálaíochta a thógáil Is é atá mar aidhm ag an gciste ná osmóis idir an t-eolas eolaíochta a ghintear i mbonneagair taighde ardcháilíochta agus an earnáil eacnamaíoch a éascú, ar rud é sin a chothaíonn nuálaíocht. Chuirge sin, leis an mbeart, a chuireann an Aireacht Ollscoile agus Taighde chun feidhme, tacaítear le cruthú bonneagar taighde agus nuálaíochta lena nasctar an tionscal agus an saol acadúil. Tacóidh an Ciste um Bonneagar Foirgníochta agus Taighde le bonneagair taighde a chruthú nó a neartú, ar bhonn iomaíoch, a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo agus bonneagair nuálaíochta thiomnaíthe, lena gcuirfeair chun cinn meascán d'infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha. Go sonrach, déanfaidh an beart 30 tionscadal bonneagair ar a laghad (tionscadail atá ann cheana nó a mhaíneofar as an nua) a mhaoiniú maille le bainisteoir taighde le haghaidh gach bonneagair. Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochár suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), beidh an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas eisiata as na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha le haghaidh glaonna ar thionscadail atá ar na bacáin: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslai iontaise, úsáid iarthrechtach san áireamh; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ag a bhfuil meastacháin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonta talún dramaíola, loisceoirí agus saoráidí cóireála bitheolaíche meicniúla; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh díúscairt fhadéarmach dramaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach mbeidh incháilithe le roghnú ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil ábhartha náisiúnta.					R2/2023	Tá	Níl	Tá	R2/2026						NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Níl an beart críochnaithe fós agus cuireadh siar é go dtí Ráithe 2 de 2026.	Nil	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe fós.

Tír	BEART	Tréthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
		Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaithe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhlíanach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
17	IT	IT-C[M1C2]-[I1]-‘Aistriú 4.0’ Is é is cuspóir don bheart seo ná tacú le claochlú digiteach gnólaichtaí trí dhreasacht a thabhairt le haghaidh infheistíocht phríobháideach i sócmhainní agus gníomhaíochtaí a bhíonn ag tacú le digitéil. An beart seo, atá á mhaoiniú faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile, is cuid é de phlean níos leithne ar a dtugtar Aistriú 4.0, lena gcuimsítear bearta tacaíochta eile a mhaoineítear ar an leibhéal náisiúnta chun borradh a chur faoi chlaochlú digiteach gnólaichtaí. Is éard atá sa bheart ná scéim creidmheasa cánach agus clúdaíonn sé speansais atá le héileamh sna tuairisceáin chánach a tugadh ar aird sa tréimse idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2023 (an 30 Samhain 2024 i gcás gnólaichtaí nach gcomhfhreagraíonn a mbliain chánach don bhliain féilire). Cuimsíonn an beart freisin an sainiú ar chóid chreidmheasa cánach, a shaineofar le rún ó Ghníomhaireacht na nIoncam chun ligean do thairbhíthe na creidmheasanna cánach a úsáid le múnla localíochta F24. Clúdófar na sócmhainní agus na gníomhaíochtaí seo a leanas sna creidmheasanna cánach a dtacófar leo: 1. earraí caipitiúla, arb é atá iontu: (i) earraí caipitiúla inláimhsithe 4.0 (is é sin le rá, ardfhorbartha ó thaobh na teicneolaíochta de), amhail meaisíní táirgthe a bhfuil a n-oibriúcháí á rialú le córais ríomhairíthe nó braiteoirí/tiomáintí, meaisíní agus córais a úsáidtear chun táirgí nó próisis a rialú, agus córais idirghníomhacha; arb iad gnéithe digiteacha a saintréith uile, amhail comhtháthú uathoibrithe agus comhéadan duine le meaisín; (ii) earraí caipitil doláimhsithe 4.0 amhail samhaltú 3T, córais chumarsáide laistigh den mhonarcha, agus bogearraí, córais, ardáin agus feidhmchláir intleachta saorga agus meaisínfhothlana; (iii) earraí caipitiúla doláimhsithe caighdeánacha, amhail bogearraí a bhaineann le bainistíocht ghnó. Clúdaíonn sé sin creidmheasanna cánach a tugadh ar aird sna tuairisceáin chánach idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2023 (an 30 Samhain 2024 i gcás gnólaichtaí nach gcomhfhreagraíonn a mbliain chánach don bhliain féilire). 2. gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta, arb éard atá iontu ná taighde agus forbairt, nuálaíocht theicneolaíoch, nuálaíocht ghlas agus dhigiteach, agus gníomhaíochtaí deartha. Clúdaíonn sé sin creidmheasanna cánach a tugadh ar aird sna tuairisceáin chánach idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2023 (an 30 Samhain 2024 i gcás gnólaichtaí nach gcomhfhreagraíonn a mbliain chánach don bhliain féilire). 3. gníomhaíochtaí ollúna, a dhéantar chun eolas ar theicneolaíochtaí ábhartha a shealbhú nó a chomhdhlúthú, amhail anaílís ar mhórshonraí agus ar shonraí, comhéadan duine le meaisín, idirlíon na rudaí nithiúla, comhtháthú digiteach próiseas gno, cibearshláidil. Clúdaíonn sé sin creidmheasanna cánach a tugadh ar aird sna tuairisceáin chánach idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2023 (an 30 Samhain 2024 i gcás gnólaichtaí nach gcomhfhreagraíonn a mbliain chánach don bhliain féilire). Cuimsíonn an beart Coiste Eolaíoch a bhunú ina bhfuil sainéolaithe ón Aireacht Geilleagair agus Airgeadais, an Aireacht Forbartha Eacnamaíche agus Banc na hIodáile, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch na scéime.	R2/2025	Nil	Nil	Nil	Nil				1	NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Níl an beart críochnaithe fós.	Nil	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe fós.
	Iomlán na hIodáile	6	5	3	3	2	1	1	0	1	2	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 2 sásúil; 1 nár tugadh chun críche.	2	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 2 teoranta; 1 nár tugadh chun críche.

Tír	BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
		Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaithe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
18	LU	LU-C[1A]-[I1]-‘FutureSkills’ Sa chomhthéacs céanna, soláthraíonn an clár FutureSkills scileanna boga, digiteacha agus bainistíochta (a bhfuil tóir orthu) do dhaoine atá ag lorg poist – ar daoine iad atá roghnaithe go speisialta agus a bhfuil diograis chun oibre orthu – ionas go mbeidh sé níos éasca acu filleadh arís sa ghearrthéarma ar an margadh saothair agus go mbeidh deis soghluaisíteachta acu sa ghearrthéarma. Leis an gclár, socraítear sprioc thiomnaithe le haghaidh cuardaitheoirí poist atá 45 bliana d’aois agus níos sine chun cuidiú an luathcor forleathan a laghdó agus chun scileanna a fheabhsú. Cuirfeair inneachar a ghintear leis an gclár ar fáil do phobal níos mó de chuardaitheoirí poist thar thréimhse níos faide.	R4/2021	Tá	Tá	Níl	Níl					SÁSÚIL Críochnaíodh an beart agus tá an fheidhmíocht i gcomhréir leis an gcuipóir sa CCF (i.e. scileanna digiteacha a sholáthar do dhaoine atá ag lorg poist ionas go mbeidh sé níos éasca acu filleadh ar an margadh saothair sa ghearrthéarma, le sprioc ar leith ann do dhaoine atá 45 bliana d’aois nó os a chionn atá ag lorg poist). Bhí 491 rannpháirtí ann.	Tá	Torthaí suntasacha, ach níl siad ag fothú isteach in aon táscaire DESI Fuair 295 as na 491 rannpháirtí post nó bhí siad ag gabháil do bheart gníomhaíochta (ag obair do rialtas Lucsamburg mar chuid de chlár a chuireann fostaíocht ar fáil do dhaoine difhostaithe). Déanann an comhtháscaire digiteach sannta CI 10 aschuir a thomhas ach ní thomhaiseann sé torthaí. Níl an comhtháscaire sin de chuid RRF ag fothú isteach in aon táscaire DESI sonrach.
19	LU	LU-C[1B]-[I2]-Réiteach teililighis le haghaidh cúram leantach leighis ar bhonn cianda d’othair Tá an infheistíocht seo dírithe ar fhaireachán laichta ar bhonn cianda (teililighis) a fhorbairt faoin 31 Márta 2022. Beidh sé ina fhorbairt ar chóras teileachomhairiúcháin a chuir an ghníomhaireacht r-Shláinte chun feidhme le linn phaindéim COVID-19 i Márta 2020 (<i>‘Maola’</i> , lena gcumasaítear cianfhaireachán idir dochtúirí, fiacloirí nó cnáimhseacha agus othair) agus beidh réiteach níos forbartha (<i>‘IdeoPHM’</i>) i gceist leis. Déanfar an córas nua a chomhtháthú leis na seirbhísí r-Shláinte a chuirtear in úsáid ar an ardán r-Shláinte náisiúnta. Ar mhaithe le cuimsiú digiteach daoine a bhfuil scileanna digiteacha ísle acu mar aon le daoine scothaosta, bhunaigh an Aireacht Sláinte deasc chabhrach ar féidir teacht uirthi trí ríomhphoist nó ar ghuthán. Feabhsoidh sé ar inrochtaineacht an chórais sláinte agus cuirfidh sé teorainn leis an mbrú atá ar ghairmithe sláinte, agus san am céanna, laghdófar an gá atá le taisteal fisiceach i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.	R1/2022	Tá	Tá	Tá	R2/2023					MISHÁSÚIL Críochnaíodh an beart, ach tá scóip éagsúil agus níos lú ag an réiteach a cuireadh chun feidhme le hais na scóipe a bhí beartaithe ar dtús sa CCF. In ionad réiteach teililighis atá le comhtháthú san ardán r-Shláinte chun cianfhaireachán leighis a chumasú idir gairmithe sláinte agus othair, d’fhorbairt Lucsamburg réiteach teililighis chun cúnamh leighis a sholáthar d’iarrthóirí tearmainn amháin lasmuigh den chóras r-Shláinte. Ba é an réasúnaíocht a bhí leis an athrú sin ná gur ghá dul i ngleic leis an ngéarchéim a bhí ann de dhroim an chogaidh san Úcráin. Ghlac an Chomhairle an t-athrú ar chuspóir an tionscadail sin i Meán Fómhair 2024.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh Mar gheall go ndearnadh plean modhnaithe a fhorghnó le déanaí (Meán Fómhair 2024), níl faisnéis againn faoin líon daoine atá ag lorg tearmainn agus atá ag tairbhiú den ardán nua. Mar sin féin, beidh an líon iomláin i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Tá na torthaí sin ag fothú isteach i gcomhtháscaire CI 7, atá nasctha go díreach le táscaire DESI mar a léirítear i dTábla 5.

Tír	BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
		Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaithe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
20	LU	LU-C[3B]-[I2]-MyGuichet a fhorbairt Infheistíocht 2: MyGuichet a fhorbairt – Tionscadal 1/3 – Coinní fiorúla Is é is príomhchuspóir don infheistíocht seo ná a chur ar chumas na riarachán poiblí coinní fiorúla a thairiscint agus rochtain ar fheidhmiúlachtaí éagsúla a bhunú trí bhithin coinní físchomhdhála. Sábháilfaidh sé sin am trí thaisteal saoránach agus gnólaichtaí a sheachaint agus éascóidh sé nósanna imeachta riaracháin do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Cuirfidh údarásí Lucsamburg an bonneagar is gá i bhfeidhm le haghaidh nósanna imeachta riaracháin trí físchomhdháil. Infheistíocht 2: MyGuichet a fhorbairt – Tionscadal 2/3 – Nósanna imeachta éagsúla faoin rúibríc ‘Saoránaigh leis an Rialtas’ (C2G) agus ‘Gnídálachtaí leis an Rialtas’ (B2G) Is é is aidhm d’infheistíocht 2 ná 12 sheirbhís ar líne nua a thabhairt isteach – agus iad ailíniú le tosaíochtaí an Rialacháin maidir le Tairseach Aonair Dhigiteach – chun an tairiscint dhigiteach do shaoránaigh agus do ghnólaichtaí a leathnú agus chun próisis riaracháin éagsúla a shimpliú. Mar shampla, tabharfar isteach cur chuige ‘Gnó le Rialtas’ ar cur chuige é a bhaineann le hasbhaint chánach fostaithe ionas gur féidir le saoránaigh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin trí MyGuichet. Seirbhís eile a chuirfear i bhfeidhm is ea cur chuige Saoránach le Rialtas a thabhairt isteach chun cur i bhfeidhm ceadanna seilge a éascú trí MyGuichet. Infheistíocht 2: MyGuichet a fhorbairt – Tionscadal 3/3 – Aip fóin phóca MyGuichet.lu Is é an sprioc atá ag an infheistíocht seo ná feidhmiúlachtaí MyGuichet.lu a aistriú go dtí feidhmchlár don fhón póca. Beidh an aip sin ar fáil don phobal i gcoitinne agus beidh sé d’aidhm aici feabhas a chur ar éifeachtacht na nósanna imeachta le haghaidh na saoránach agus le haghaidh gnólaichtaí. Leis an aip, beidh duine in ann feidhmeanna ríomhaire deisce (cuir i gcás, nósanna imeachta leis an riarachán poiblí) a rochtain óna bhfón póca féin. Feidhm eile a sholáthrófar leis an aip is ea an fhéidearthacht doiciméid a scanadh. Dá réir sin, beifear in ann guthán cliste a úsáid in ionad scanóra.	R4/2022	Tá	Níl	Tá	Níl					NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Tá péire den trí fho-bheart críochnaithe (12 sheirbhís ar líne nua agus an leagan fóin phóca de MyGuichet.lu a chur ar fáil don phobal i gcoitinne) agus tá na seirbhísí i mbun oibriochta. Tá an tríú fo-bheart (riaracháin poiblí a chumasú chun coinní fiorúla a thairiscint agus rochtain ar fheidhmiúlachtaí éagsúla a bhunú trí choinní físchomhdhála) ar siúl fós agus tá sé beartaithe é a thabhairt chun críche in 2024. D’ainneoin na moille 2 bhliain, níor chuir Lucsamburg an dáta don tabhairt chun críche ar athló sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh Níl na bearta críochnaithe go hiomlán fós.
21	LU	LU-C[3A]-R[R1]-Borradh a chur faoi éiceachóras nua a chruthú i Lucsamburg Is é atá mar aidhm ag an athchóiriú atá molta ná borradh a chur faoi éiceachóras nua a fhorbairt i Lucsamburg i ndáil leis an teicneolaíocht nua seo, chomh maith le rannpháirtíocht cuideachtaí príobháideacha agus lucht taighde a spreagadh. Tacóidh an beart seo leis an nuálaíocht sa chumarsáid chandamach agus é d’aidhm aige na teicneolaíochtaí cumarsáide atá ann cheana féin a athchóiriú agus an bonneagar náisiúnta a chomhtháthú i dtionscadal EuroQCI. Trí thaithí a fháil sa teicneolaíocht sin, beidh Lucsamburg in ann daoine ardcháilithe a oiliúint agus a mhealladh agus cuideachtaí nuálacha a spreagadh sa réimse sin. Sa bhreis air sin, fágfaidh an Bonneagar Cumarsáide Candamái (QCI) go mbeifear in ann faisnéis a mhalartú ar bhealach slán trí chosc a chur ar thriú páirtí an teachtaireacht a idircheapadh i ngan fhios. Cuirfidh sé sin an leibhéal is airde cosanta sonraí agus príobháideachais chun cinn.	R1/2023	Tá	Níl	Tá	Níl					NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Tá dhá ghníomhaíocht sa bheart. Críochnaíodh an chéad cheann ar an dóigh a thuairiscítear sa CCF (Sprioc [3A.2] ‘Dáileadh Candamach Eochracha’. Garspriocanna. Níor tugadh an dara ceann chun críche fós ([3A.1] ‘Líonra talún agus comhpháirt spáis’). D’ainneoin na moille de bheagnach 2 bhliain, níor chuir Lucsamburg an dáta don tabhairt chun críche ar athló sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh Níl an beart críochnaithe fós.
22	LU	LU-C[3A]-[I1]-Bonneagar tástála agus réitigh nascachta fíor-shlán a fhorbairt agus a chur in úsáid Tá an infheistíocht seo comhdhéanta den bhonneagar taighde is gá chun eolas agus taighde i réimse na cumarsáide bunaithe ar theicneolaíocht an chandaim a fhorbairt agus a chur in úsáid. Chun é sin a dhéanamh, cruthófar saotharlann LuxQCI i gcomhar leis an Institiúid Taighde 5nT. Le cruthú na saotharlainne sin, soláthrófar an saíneolas is gá don phobal eolaíochta agus do chomhpháirtithe an chuibhreannais chun bonneagar cumarsáide candamái a fhorbairt agus a oibriú. Déanfar dhá thaiséalbh chun taithí a fháil ar an teicneolaíocht. Táthar ag déiriú leis go ndéanfar an chéad taiséalbh tríd an líonra talún faoin 31 Márta 2023, agus meastar go ndéanfar an chéad taiséalbh tríd an tsatailít faoin 30 Meán Fómhair 2024.	R3/2024	Níl	Níl	Tá	Níl					NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Tá trí ghníomhaíocht sa bheart. Críochnaíodh an chéad cheann ar an dóigh a thuairiscítear sa CCF (Garsprioc [3A.3] ‘Saotharlann LuxQCI’ agus Sprioc [3A.2] ‘Dáileadh Candamach Eochracha’). Níl an dara ná an tríú beart tugtha chun críche go fóill (Garspriocanna [3A.4] – ‘Nasc trasteorann’ agus [3A.5] – ‘Nasc trasteorann le haghaidh taiséalbh tríd an tsatailít’) agus ní dócha gur dtábharf chun críche é faoi dheireadh thréimhse RRF.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh Níl an beart críochnaithe fós. Cé go bhfuil ‘Saotharlann LuxQCI’ i mbun oibriochta, tá moill ar an mbeart toisc nach seolfar satailít EuroQCI go dtí déanach in 2025 nó go luath in 2026.
		IOMLÁN LU	5	4	2	4	1	0	0	0	0	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 1 sásúil; 1 míshásúil.	1	Ar na bearta atá dearbhaithe a bheith tugtha chun críche, tá: 1 suntasach; 1 gan torthaí.

TÍR		BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
			Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmeánach (1)	Níl chlúdú ann G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
23	RO	RO-C[7]-R[R1.0]-Creat aonadach le haghaidh sainiú ollstruchtúr chóras néalríomhaireachta rialtais a fhorbairt agus a chur chun feidhme Is é is cuspóir don athchóiriú seo ná an riarachán poiblí a nuachóiriú trí theicneolaíochtaí ardforbartha a ghlacadh agus trí dhíríú isteach ar riarachánais na saoránach agus na ngnólaigh, agus fós a chinntiú gur ann do na réamhriachtanais le haghaidh forbairt bheartais atá bunaithe ar shonraí agus go ndéantar idir-inoibritheacht na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ann cheana féin a mhéadú. Ina theannta sin, tá cídigh an t-athchóiriú le struchtúr comhtháite seirbhísí digiteacha poiblí a fhorbairt. Beidh dhá ghníomhaíocht i gceist le cur chun feidhme an athchóirithe sin. Ar an gcéad dul síos, le teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le hIdir-inoibritheacht na gCóras Faisnéise, meastar go mionsonrófar an tacar aonfhoirmeach caighdeán agus rialacha a chuirfidh éinstitis phoiblí i bhfeidhm chun feidhmchláir a fhorbairt i dtimpeallacht shlán agus inbhuanaithe, agus ailiúirí a dhéanamh san am céanna leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta. Ar an dara dul síos, le teacht i bhfeidhm an Achta Néalríomhaireachta Rialtais, táthar ag dréim leis go leagfar amach na freagrachtaí agus na tascanna a bhaineann le dearadh, cur chun feidhme, forbairt agus bainistiú an bhonneagair néalríomhaireachta, na dteicneolaíochtaí agus na seirbhísí. Cuirfear cibearshlándáil ar fáil le haghaidh chosaint sheachtrach agus inmheánach an néil, trína ndéanfar na réitigh cibearshlándála is forbartha agus is éifeachtúla ó thaobh an gheilleagair de a chur i bhfeidhm. Táthar ag dréim leis go gcuirfear tascchórsa sealadach i bhfeidhm a bheidh comhdhéanta de speisialtóirí chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar gach beart digiteach i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine. Déanfar cur chun feidhme an athchóirithe a thabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.	R2/2022	Tá	Tá	Tá	Níl						SÁSÚIL Tá an beart críochnaithe agus cruthaíodh an timpeallacht le haghaidh riarachán poiblí nua-aimseartha tríd an méid seo a leanas a ghlacadh: (a) Dlí um idir-inoibritheacht na gCóras Faisnéise; agus (b) an Tacht um Néalríomhaireacht Rialtais. Mar thoradh air sin, tá ollstruchtúr comhtháite seirbhísí digiteacha poiblí ann.	Níl	Gan torthaí Níl aon fhianaise de thorthaí ann mar nár shainigh údaráis na Rómáine an líon seirbhísí ná a méid a thairbhígh an riarachán poiblí den timpeallacht fheabhsaíthe. Níl baint ag an athchóiriú sin le haon chomhtháisceaire digiteach.
24	RO	RO-C[7]-R[R2.0]-Aistriú go dtí spriocanna nascachta AE-2025 agus samhaltú na hinneistíochta príobháidí chun líonraí fíor-ardacmhainneachta a imlonnú Is é is cuspóir don athchóiriú seo ná leathadh amach náisiúnta líonraí 5G a luasú, i gcomhréir le rialacháin slándála, agus clúdach leathanbhanda a sholáthar do limistéir bhána (bardais bheaga tuaithe, áiteanna iargúlta, limistéir faoi mhíbhuntáiste a bhfuil cónaí iontu), dul i ngleic leis an deaú digiteach idir ceantair tuaithe agus ceantair uirbeacha agus sruthlíní a dhéanamh ar nósanna imeachta agus táillí, trína gcruthaítear na réamhriachtanais le haghaidh rochtain choimhionann ar sheirbhísí digiteacha agus ar rochtain ar an idirlíon. Áireofar roinnt gníomhaíochtaí san athchóiriú: –Cur chun feidhme threochlár na Rómáine maidir le Bosca Uirlisí Nascachta 10 a chur i bhfeidhm. Táthar ag dréim leis go ndéanfaidh an Rómáin 12 mhíoadh as na 39 atá sa bhosca uirlisí a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. –Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le slándáil líonra 5G lena bhforálfar nach mbeidh soláthraithe cumarsáide in ann teicneolaíochtaí, trealamh agus bogearraí a úsáid i líonraí 5G ach amháin ó mhonaróirí a bheidh údaráithe roimh ré le cinneadh ón bPríomh-Aire, ar bhonn tuairim ó Ardchomhairle na Cosanta Náisiúnta. Beidh ar gach monaróir trealamh agus bogearraí 5G iarratas a dhéanamh ar an údarú sin, agus cuirfear an t-údarú sin faoi bhráid na hAireachta atá freagrach as an gCumarsáid. –An (ceant le haghaidh) ‘ceadúnais 5G’, mar a thugtar orthu, a dheonú (i.e. sna bandai 700 MHz, 1 500 MHz agus 3.4-3.8 GHz). Tá ceadúnais fhadéarmacha beartaíthe de réir chritéir an Chóid Eorpaigh um Chumarsáid Leictreonach chun 5G a spreagadh go héifeachtúil agus chun iomaíocht agus cearta úsáideoirí deiridh a chur chun cinn. Déanfar cur chun feidhme an athchóirithe a thabhairt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.	R3/2022	Tá	Tá	Tá	Níl						SÁSÚIL Tá an beart críochnaithe. Tá an fheidhmíocht mar a thuairiscítear i gcusóir CCF, is é sin dlús a chur le leathadh amach náisiúnta líonraí 5G trí (a) threochlár na Rómáine maidir leis an mBosca Uirlisí Nascachta a chur chun feidhme, (b) dlí maidir le slándáil líonra 5G a achtú, agus (c) ceadúnais 5G a dheonú.	Tá	Torthaí suntasacha, ach níl siad ag fothú isteach in aon táscaire digiteach RRF nó DESI Is é an toradh a bhí ar an athchóiriú ná go ndéanadh cóig cheadúnas a shannadh ar oibreoirí agus, ar an tsli sin, gur cuireadh luas le leathadh amach náisiúnta líonraí 5G. Mar sin féin, níl an t-athchóiriú sin bainteach le haon chomhtháisceaire agus, dá bhri sin, ní rannchuidíonn sé le haon táscaire DESI ach oiread.

Tír	BEART	Tráthúlacht					Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag					Aschuir agus Torthaí		
		Dáta táscach don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indeanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
25	RO	RO-C[08]-[I3.1]-An acmhainneacht chun freagairt do dhúshláin faisnéise reatha agus todhchaíocha a áiríthiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs na paindéime, trí chlaochlú digiteach na hAireachta Airgeadais/na Gníomhaireachta Náisiúnta le haghaidh Riarachán Fioscach Is iad seo a leanas cuspóirí na hinfeistíochta sin: —mól airgeadais a chur chun feidhme chun faisnéis iontaofa, bailíochtaithe agus reatha de chineál airgeadais nó i ndáil le cistí poiblí a bhailiú, a bhainistiú agus a chur ar fáil do na geallsealbhoirí go léir; —idir-inoibritheacht na gcóras TF ar leibhéal na hAireachta Airgeadais (AA) agus ar leibhéal na Gníomhaireachta Náisiúnta le haghaidh Riarachán Fioscach (GNRF), mar aon lena n-idir-inoibritheacht le córais TF institiúidí eile, a áiríthiú; —bainistiú cibearshlándála agus athléimneacht sonraí, lena n-áirítear comhroinnt sonraí i bhfor-am ar shlí slán agus le sonraí cruinne/cothrom le dáta; —nuachóiriú an Lárionaid Náisiúnta le haghaidh Faisnéis Airgeadais (LNFA), agus é a oiriúnú do cheanglais nua, claochlú digiteach inmheánach, lena n-áirítear di-ábharrú na sreabh oibre inmheánach ar leibhéal AA/GNRF, solúbthacht in uaireanta agus poist a áiríthiú, leibhéil scileanna a mhéadú, lena n-áirítear scileanna digiteacha fostaithe; —nuachóiriú ar chóras iomlán TF na hAireachta Airgeadais/GNRF trí uasghrádú teicneolaíoch, a chuirfear chun feidhme tríd an mbonneagar crua-earraí agus bogearraí a bhogadh go dtí nuatheicneolaíochtaí, méid an trealamh TF a úsáidtear sa riarachán agus atá nasctha le próisis uathoibrithe a mhéadú, agus bonneagar tacaíochta riarachanach a fhorbairt chun tacú le forbairt leanúnach theicneolaíoch ar leibhéal lárionaid sonraí na hAireachta Airgeadais. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá san inheistíocht: —bonneagar crua-earraí, bogearraí agus cumarsáide an chórais TF a uasghrádú; —cibearshlándáil chóras TF na hAireachta Airgeadais a threisiú; —an bonneagar fisiceach foluiteach (cumhacht leictreach, aerchóiriú, aláram agus múchadh dóiteáin, slándáil fhisiceach, riarachán agus faireachán) sa phríomh-lárionad sonraí atá ann cheana féin a chur chun feidhme/uasghrádú; —claochlú digiteach inmheánach, lena n-áirítear nuachóiriú an Lárionaid Náisiúnta le haghaidh Faisnéis Airgeadais (LNFA), a chuimsíonn digiteáil an fhairiacháin ar thionscadail chomhpháirtíochta poiblí-riobháidí/lamháiltais agus bainistiú na rioscaí gaoimhara cánach agus córas faisnéise oidhreachta poiblí agus príobháidí an Stáit — Patrim. Déanfar cur chun feidhme na hinfeistíochta a thabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.	R2/2023	Tá	Níl	Tá	Níl					NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Níl an beart críochnaithe fós. Tá údarás na Rómáine ag déim leis faoi láthair go ndéanfar cuspóirí ginearálta na ngarspriocanna a luaitear sa CCF a thabhairt i gcrích faoi Ráithe 4 de 2025. Modhnaíodh na sonraí teicniúla chun réiteach ailtireachta TFC aonchineálach nua a sholáthar atá níos oiriúnaí do na riachtanais atá ann faoi láthair/a bheidh ann amach anseo agus atá innharthana ó thaobh na teicneolaíochta atá ar fáil de. Mar sin féin, ní bhainfear amach an sprioc chainníochtúil atá leagtha síos ach amháin má ghlacann an Coimisiún le léirmhíniú na Rómáine gur cheart an “≥ 80 % de chrua-earraí/bogearraí TF nach bhfuil níos mó ná 4 bliana d’aois” a mheas bunaithe ar luach de réir na leabhar seachas ar an líon ítimí.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe. Ag tráth na hiniúchóireachta i Ráithe 4 de 2023, measadh go raibh mólleana idir bliain agus dhá bhliain ann. Tá an sprioc deartha go dona agus is é is aidhm di ná toradh nach bhfuil réalaíoch a thomhas i bhfianaise na n-imthosca (méid an eintitis cur chun feidhme, castacht an réimse ábhair, an t-am atá ag teastáil don inheistíú).
26	RO	RO-C[09]-[I4.0]-Tionscadail trasteorann agus iltire – Próiseálaithe fsealchumhachta agus Sílseanna Leathsheoltóra Is é is cuspóir don inheistíocht seo ná tacú le forbairt réimse na micrileictreonaice sa Rómáin, aghaidh a thabhairt ar cheann de na dúshláin atá ann ar leibhéal an Aontais agus tacú leis an aistriú digiteach. Tá an inheistíocht comhdhéanta de ghníomhaíochtaí chun: (i) scileanna do dhearadh, monarú agus feidhmiú comhchodanna agus córais micrileictreonaice a struchtúru agus a fhorbairt in éiceachóras comhleánúnach náisiúnta; (ii) maoiníochtúil a choimeád slán agus luas a chur le feidhmiú teicneolaíochtaí ardhorbartha i réimsí lárnacha den gheilleagar náisiúnta amháil tionscal na ngluaistédn, sláinte, feirmeoireacht bheacht, réimse an spáis, an réimse cosanta agus an réimse aerloingseoireachta; (iii) cumais agus riachtanais ar an leibhéal Eorpach a chomhordú, lena n-áirítear trí dheich mball ar a laghad a bheith rannpháirteach nó comhlachaithe i dtionscadal iltire, atá le cur chun feidhme go príomha mar Thionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI). Sa chomhthéacs sin, táthar ag déim leis go bhfreagróidh trí eintiteas as an Rómáin, atá i gcuibhreannais, na glaoona le haghaidh tionscadail de chuid an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (Comhghnóthas KDT). Déanfar cur chun feidhme na hinfeistíochta a thabhairt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2023.	R2/2023	Tá	Níl	Tá	R2/2024	Tá	Tá		Tá	NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Tá na cuspóirí a bhfuil tuairisc orthu sa CCF an-leathan: “[...] chun tacú le forbairt réimse na micrileictreonaice sa Rómáin [...]”. Sonraítear ansin sa CCF gur cheart trí ghníomhaíocht a bheith san inheistíocht. Ní féidir ach ceann amháin díobh sin (i) “i” — comhordú le cumais agus riachtanais ar leibhéal an Aontais) a bhaint amach laistigh de thráthchlár RRF. Tá an ghníomhaíocht sin bainte amach go pointe áirithe. Ní féidir an dá ghníomhaíocht eile a bhaint amach laistigh de thráthchlár RRF, ós rud é nach féidir iad a bhaint amach go dtí go mbeidh an chéim chonarthaigh thart agus go dtabharfaidh na cuideachtaí a ngealltanais chonarthaigh i gcrích. Is í an chéim chonarthaigh amháin atá clúdaithe sa sprioc dheiridh, agus níl forghníomhú na gconarthaí. Ós rud é gur conarthaí iad sin le haghaidh obair i réimse an-teicniúil, casta a lena mbaimeann rannpháirtithe ó Bhallstáit éagsúla, ní féidir an beart a thabhairt chun críche roimh dheireadh thráthchlár RRF.	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe fós.

	TÍR	BEART	Tréthúlacht				Beart ag a bhfuil garsprioc/sprioc (G/S) dheiridh lag						Aschuir agus Torthaí		
			Dáta táscaigh don tabhairt chun críche G/S deiridh	Le tabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2024	Dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche	Moillithe	Curtha ar athló	Céim idirmheánach (1)	Níl chlúdaíonn an G/S deiridh gach gníomhaíocht (2)	Níl sé uailmhianach a dhóthain (3)	Líon beart	Bearta a dearbhaíodh a bheith tugtha chun críche	Measúnú ar Aschuir	Indéanta teacht ar chonclúid faoi na torthaí	Measúnú ar thorthaí
27	RO	RO-C[15]-I[14.2]-Trealamh le haghaidh ceardlanna cleachtais i scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna Is é is cuspóir don infheistíocht seo ná trealamh a chur ar fáil le haghaidh ceardlanna scoile laistigh d'aonaid ghairmoideachais agus gairmoiliúna, lena n-áirítear aonaid oiliúna dhéacha (ach gan na haonaid a bhfuil próifíl talmhalochta acu san áireamh, a bhfuil siad sin faoi réir ag Infheistíocht 7). Tríd an scéim mhaoiniúcháin, tairbheoidh gach aon cheann de na 909 scoil ghairmoideachais agus gairmoiliúna de dheontas de €100 000 ar a mhéad chun trealamh a chur ar fáil do cheardlanna cleachtais i gcomhréir lena speisialtacht agus lena riachtanais nihiúla. Beidh an tríú cuid den infheistíocht le caitheamh ar threalamh digiteach a chur ar fáil do na ceardlanna. Déanfar an próiseas soláthair phoiblí trí bhithin na gCigireachtaí Scoile Contae nó trí bhithin aonaid/scoileanna sna críocha riaracháin. Déanfar cur chun feidhme na hinfeistíochta a thabhairt chun faoin 30 Meán Fómhair 2023.	R3/2023	Tá	Níl	Tá	Níl						NÍL AN BEART CRÍOCHNAITHE Níl an beart críochnaithe fós. Ní chuirfidh an beart, áfach, trealamh ar fáil don líon saotharlann atá luaite sa CCF (909 sa CCF i gcomparáid le 741 atá curtha amach ar conradh).	Níl	Ní féidir measúnú a dhéanamh. Níl an beart críochnaithe fós.
		IOMLÁN RO	5	5	2	5	1	1	1	0	1	0	Ar na bearta atá dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche, tá: 2 sásúil.	1	Ar na bearta atá dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche, tá: 1 suntasach; 1 gan torthaí.
		IOMLÁN an tSAMPLA	27	23	15	15	5	5	6	4	8	4	Ar na bearta atá dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche, tá: 10 sásúil; 3 míshásúil; 2 nár tugadh chun críche.	9	Ar na bearta atá dearbhaíthe a bheith tugtha chun críche, tá: 7 suntasach; 2 teoranta; 4 gan torthaí; 2 nár tugadh chun críche.
											30 %				

Giorrúcháin

CCF: Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle

CCO: Príomhtháscaire aschuir coiteann

CCR: Príomhtháscaire toraidh coiteann

CFRE: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

CI: Comhtháscaire

DESI: An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach

FBManna: Fiontair bheaga agus mheánmhéide

MTS: Moladh tírshonrach

PTA: Plean téarnaimh agus athléimneachta

RRF: Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

SWD: Doiciméad inmheánach oibre

Gluais

An Seimeastar Eorpach: Timthriall bliantúil a chuireann creat ar fáil maidir le comhordú bheartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais agus maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.

An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI): uirlis faireacháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh atá i bhfeidhm ó 2014 i leith, lena ndéantar measúnú cainníochtúil ar dhul chun cinn na mBallstát thar shraith de réimsí digiteacha coiteanna, agus lena gcuirtear an dul chun cinn sin i gcomparáid le chéile, bunaithe ar na táscairí atá ar fáil. Gach bliain, bhí próifílí tíre i dtuarascálacha DESI, rud a chuidigh leis na Ballstáit réimsí le haghaidh gníomhaíocht tosaíochta a shainathint. Ó 2023 i leith, tá DESI á chomhtháthú i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach agus baintear úsáid uaidh chun faireachán á dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na gcuspóirí digiteacha.

An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Sásra tacaíochta airgeadais an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú, chun téarnamh a spreagadh, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le todhchaí níos glaise agus níos digití.

Aschur: An rud a tháirgtear nó a bhaintear amach le tionscadal, amhail cúrsa oiliúna a thabhairt i gcrích nó bóthar a thógáil.

Comhtháscaire: Athraitheach intomhaiste a thugann faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i dtreo cuspóirí coiteanna agus i dtreo fheidhmíocht fhoriomlán RRF.

Digiteáil: Teicneolaíocht dhigiteach agus faisnéis dhigitithe a thabhairt isteach i bpróisis agus cúraimí.

Éifeachtacht: A mhéid a dhéantar na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí a dhéantar.

Faighiteoir deiridh: Duine nó eintiteas dlíthiúil a fhaigheann cistí RRF chun beart atá i bplean téarnaimh agus athléimneachta ó Ballstát a chur chun feidhme.

Faireachán: An dul chun cinn i dtreo cuspóir a bhaint amach a bhreathnú agus a sheiceáil go córasach, trí tháscairí go páirteach.

Feidhmíocht: Tomhas ar cé chomh maith atá na cuspóirí comhlíonta ag gníomhaíocht, tionscadal nó clár atá maoinithe ag an Aontas agus cé chomh maith atá luach ar airgead curtha ar fáil.

FENIX: Bunachar sonraí ón gCoimisiún a úsáidtear chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú.

Garsprioc: Tomhas cáilíochtúil ar dhul chun cinn Ballstáit i dtreo athchóiriú nó infheistíocht ina phlean téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche.

NextGenerationEU: Pacáiste cistithe chun cabhrú le Ballstáit an Aontais téarnamh ón tionchar eacnamaíoch agus sóisialta atá ag paindéim COVID-19.

Plean téarnaimh agus athléimneachta: Doiciméad ina leagtar amach na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí atá beartaithe ag Ballstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

REPowerEU: Tionscnamh AE chun deireadh a chur le spleáchas ar bhreoslaí iontaise, chun soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan.

Rialáil níos fearr: Coincheap lena dtreoraítear ceapadh beartais agus reachtóireachta an Aontais, bunaithe ar na prionsabail gur cheart cuspóirí na rialála a bhaint amach ar an gcostas is ísle agus gur cheart iad a cheapadh ar bhealach trédhearcach, fianaise-bhunaithe le rannpháirtíocht na saoránach agus na ngeallsealbhóirí.

Socrú oibríochtúil: Comhaontú idir an Coimisiún agus Ballstát ar nithe teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta an Bhallstáit.

Sprioc: Tomhas cainníochtúil ar dhul chun cinn Ballstáit i dtreo athchóiriú sonrach nó infheistíocht ina phlean téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche.

Tionchar: Na hiarmhairtí fadtéarmacha níos leithne a bhaineann le tionscadal nó clár atá tugtha chun críche, amhail sochair shocheacnamaíocha don phobal ina iomláine.

Toradh: Éifeacht láithreach a bhíonn ag tionscadal nó clár nuair a thugtar chun críche é, ar nós infhostaitheacht fheabhsaithe do rannpháirtithe ar chúrsa nó inrochtaineacht fheabhsaithe tar éis bóthar nua a thógáil.

Freagraí ón gCoimisiún

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2025-13>

Amlíne

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2025-13>

An fhoireann iniúcháireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúcháirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúcháirí na tascanna iniúcháireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúcháireachta IV – Rialáil na margaí agus an gheilleagair iomaíoch, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt) a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúcháireacht faoi stiúir Ildikó Gáll-Pelcz (Comhalta den Chúirt) agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Kinga Bara (Ceann na hOifige Príobháidí), Juan Ignacio Gonzalez Bastero (Príomh-Bhainisteoir), Stefano Sturaro (Ceann Cúraim), Viorel Cirje, Maria Fernandez Iriarte, Aikaterini Vrila agus Ioanna Topa (Iniúcháirí).



Ildikó Gáll-Pelcz



Claudia Kinga Bara



Juan Ignacio
Gonzalez Bastero



Stefano Sturaro



Aikaterini Vrila



Ioanna Topa

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2025

Is i [gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa](#) maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi [cheadúnas Creative Commons – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta \(CC BY 4.0\)](#). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine a bhaineann athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

Má táthar ag iarraidh ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go gcaithfí cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádhmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin institiúideacha an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-4907-6	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/7230196	QJ-01-25-022-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-4908-3	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/6575000	QJ-01-25-022-GA-N

MODH TAGARTHA

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, [Tuarascáil speisialta 13/2025](#): “ Ranníocaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le haghaidh an aistrithe dhigitigh i mBallstáit AE Deis caillte maidir le fócas straitéiseach chun déileáil le riachtainais dhigiteacha”, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Agus luach €150 billiún aici, tugann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) an cistiú AE is mó le haghaidh aistriú digiteach an Aontais faoi láthair.

Rinneamar measúnú féachaint an dtugann na bearta digiteacha a áiríodh i bpleananna náisiúnta aghaidh ar na príomhriachtannais dhigiteacha a shainaithin an Coimisiún roimhe seo, agus an ndéanann siad rannchuidiú éifeachtach leis an aistriú digiteach.

Fuaireamar nár thug roinnt Ballstát tosaíocht do chistiú an Aontais i dtreo bearta lena dtugtar aghaidh ar a bpríomhriachtannais dhigiteacha. Thairis sin, níl comhtháscairí RRF ag teacht chomh maith sin le comhtháscairí ó straitéis dhigiteach an Aontais, rud a chuireann bac ar a gcumas chun rannchuidiú iarbhir RRF leis an aistriú digiteach a thomhas.

Molaimid gur cheart go mbeadh ceanglais shoiléire ag scéimeanna cistiúcháin amach anseo (a bhfuil cuspóirí digiteacha acu) chun aghaidh a thabhairt ar na príomhriachtannais dhigiteacha a sainaithníodh agus go mbeadh táscairí feidhmíochta acu atá ag teacht le cuspóirí bheartas digiteach an Aontais.

Tuascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
X: @EUAuditors